

Lámhleabhar

55OLED934
65OLED934

PHILIPS

Ábhar

1 Céard atá nua? 4

- 1.1 Baile agus cainéil 4
- 1.2 Feidhmchláir agus Bailiúchán Philips TV 4

2 Suiteáil 5

- 2.1 Léigh Sábháilteacht 5
- 2.2 Seastán Teilifíse agus Gléasadh Balla 5
- 2.3 Leideanna maidir le Láithriú 5
- 2.4 Cábla Cumhachta 5
- 2.5 Cábla na hAeróige 6
- 2.6 Mias Satailíte 6

3 Cianrialtán 8

- 3.1 Forbhreathnú ar na hEochracha 8
- 3.2 Péireáil do Chianrialtán leis an teilifís 10
- 3.3 Cuardach Gutha 11
- 3.4 Méarchlár 11
- 3.5 Braiteoir IR 12
- 3.6 Ceallraí 12
- 3.7 Glanadh 12

4 Ag Casadh Air agus As 13

- 4.1 Air nó ar Fuireachas 13
- 4.2 Méaracha teilifíse 13

5 Cainéil 14

- 5.1 Suiteáil Cainéil 14
- 5.2 Liostaí Cainéal 14
- 5.3 Sórtáil liosta cainéal 14
- 5.4 Féachaint ar chainéil 15
- 5.5 Cainéil Ceanáin 17
- 5.6 Téacs / Teilithéacs 19
- 5.7 Teilifís Idirghníomhach 20

6 Suiteáil Cainéal 22

- 6.1 Suiteáil Satailíte 22
- 6.2 Suiteáil Aeróige 25
- 6.3 Cóipeáil Liosta Cainéal 27

7 Nasc Gléasanna 30

- 7.1 Maidir le Nasc 30
- 7.2 CAM le Cárta Cliste - CI+ 31
- 7.3 Córas Amharclainne Baile - HTS 31
- 7.4 Fóin Chliste agus Táibléid 32
- 7.5 Seinnteoir Diosca Blu-ray 32
- 7.6 Seinnteoir DVD 32
- 7.7 Bluetooth 32
- 7.8 Cluasáin 33
- 7.9 Consól Cluiche 33
- 7.10 Diosca Crua USB 34
- 7.11 Méarchlár, nasc 35
- 7.12 Méaróg Chuimhne USB 35
- 7.13 Ceamara grianghraif 35
- 7.14 Camthaiheadán 36
- 7.15 Fodhordaire 36
- 7.16 Ríomhaire 36

8 Nasc do Android TV 37

- 8.1 Líonra agus Idirlíon 37
- 8.2 Cuntas Google 39
- 8.3 Scáileán Baile 39
- 8.4 Feidhmchlár Bhailiúchán Philips TV 40

9 Feidhmchláir 42

- 9.1 Maidir le Feidhmchláir 42
- 9.2 Google Play 42

- 9.3 Feidhmchlár a Thosú nó a Stopadh 43
- 9.4 Glasáil Feidhmchláir 44
- 9.5 Bainistigh Feidhmchláir 45
- 9.6 Stóráil 45

10 Idirlíon 46

- 10.1 Tosaigh an tIdirlíon 46
- 10.2 Roghanna ar an Idirlíon 46

11 Mear-Roghchlár 47

12 Naisc, Liosta 48

- 12.1 Athraigh go gléas 48
- 12.2 Roghanna d'ionchur teilifíse 48
- 12.3 Ainm agus Cineál Gléis 48
- 12.4 Naisc a Athscanadh 48

13 Líonraí 50

- 13.1 Líonra 50
- 13.2 Bluetooth 50

14 Socruithe 51

- 14.1 Pictiúr 51
- 14.2 Fuaim 55
- 14.3 Socruithe Ambilight 57
- 14.4 Éicea-Socruithe 58
- 14.5 Socruithe Ginearálta 59
- 14.6 Socruithe Cloig, Réigiúin agus Teanga 61
- 14.7 Socruithe Android 62
- 14.8 Socruithe Rochtana Uiliche 62
- 14.9 Glasáil Socruithe 62

15 Meáin 64

- 15.1 Ó Ríomhaire nó NAS 64
- 15.2 Roghchlár Ceanán 64
- 15.3 An Roghchlár is Mó Éilimh agus Roghchlár na gComhad a Seinneadh go Deireanach 64
- 15.4 Ó Nasc USB 64
- 15.5 Seinn do chuid Fiseán 64
- 15.6 Féach ar do chuid Grianghraif 65
- 15.7 Seinn do Cheol 67

16 Eolaire Teilifíse 68

- 16.1 A bhfuil de dhíth ort 68
- 16.2 Sonraí Eolaire Teilifíse 68
- 16.3 An Eolaire Teilifíse a Úsáid 68

17 Taiheadadh agus Cuir Teilifís ar Sos 70

- 17.1 Taiheadadh 70
- 17.2 Cuir teilifís ar sos 71

18 Fóin Chliste agus Táibléid 73

- 18.1 Philips TV Remote App 73
- 18.2 Google Cast 73
- 18.3 AirPlay 73

19 Cluichí 74

- 19.1 A bhfuil de dhíth ort 74
- 19.2 Ceapa Stiúrtha 74
- 19.3 Cluiche a Imirt 74

20 Ambilight 75

- 20.1 Ambilight, Air nó As 75
- 20.2 Ambilight As 75
- 20.3 Socruithe Ambilight 76
- 20.4 Mód Solais Tolglainne 76

21 Sár-Roghanna 77

21.1	Maidir le Sár-Roghanna	77
21.2	Ar Theilifís Anois	77
21.3	Teilifís ar Éileamh	77
21.4	Físeáin ar Éileamh	78
22	Freeview Play	79
22.1	Maidir le Freeview Play	79
22.2	Freeview Play a úsáid	79
23	Netflix	80
24	Alexa	81
24.1	Maidir le Alexa	81
24.2	Ag úsáid Alexa	81
25	Aláram Sunrise	82
26	Ilamharc	83
26.1	TV agus TV	83
26.2	HDMI agus teilifís	83
27	Bogearaí	84
27.1	Nuashonrú Bogearraí	84
27.2	Féach ar Stair na Nuashonruithe Bogearraí	84
27.3	Leagan Bogearraí	85
27.4	Nuashonrú Bogearraí Uathoibríoch	85
27.5	Bogearraí Foinse Oscailte	85
27.6	Ceadúnas Foinse Oscailte	85
27.7	Fógraí	85
28	Sonraíochtaí	87
28.1	Comhshaol	87
28.2	Cumhacht	87
28.3	Córas Oibriúcháin	87
28.4	Glacacht	88
28.5	Cineál Taispeána	88
28.6	Taifeach taispeána:	88
28.7	Nascacht	88
28.8	Toisí agus Meáchain	88
28.9	Fuaim	88
28.10	Ilmhéain	89
29	Cúnamh agus Tacaíocht	90
29.1	Cláraigh do theilifís	90
29.2	Cabhair a Úsáid	90
29.3	Fadhbanna	90
29.4	Cabhair Ar Líne	93
29.5	Tacaíocht agus Athdheisiú	94
30	Sábháilteacht agus Cúram	95
30.1	Sábháilteacht	95
30.2	Cúram Scáileáin	96
31	Téarmaí Úsáide	97
31.1	Téarmaí Úsáide – Teilifís	97
31.2	Téarmaí Úsáide – Smart TV	97
31.3	Téarmaí Úsáide – Bailiúchán Philips TV	97
32	Cóipchearta	99
32.1	HDMI	99
32.2	Fuaim Dolby	99
32.3	Dolby Vision agus Dolby Atmos	99
32.4	DTS-HD (iodálach)	99
32.5	Wi-Fi Alliance	99
32.6	Kensington	99
32.7	Trádmharcanna Eile	99
33	Séanadh maidir le seirbhísí agus/nó bogearraí atá á dtairiscint ag tríú páirtithe	101
Innéacs	102	


Céard atá nua?

1.1

Baile agus cainéil

An lainseálaí nua Baile

Brúigh  HOME ar do chianrialtán chun do scáileán nua Baile Android a fháil. Is féidir leat an cinneadh a dhéanamh as seo maidir leis na cláracha a bhféachfaidh tú orthu trí na roghanna siamsaíochta a bhrabhsáil ón bhfeidhmchlár agus ó theilifís beo. Tá cainéil ag do leathanach Baile chun ligint duit teacht ar inneachar ó na feidhmchláir is ansa leat. Is féidir leat cainéil bhreise a chur leis an liosta nó feidhmchláir nua a aimsiú chun tuilleadh inneachair a fháil.



An cainéal “Seinn an Chéad Cheann eile”

Beidh a fhios agat i gcónaí céard é an chéad chlár eile ar an gcainéal Seinn an Chéad Cheann eile ar an scáileán Baile. Tosaigh ag féachaint ón áit ar stop tú agus faigh fógraí faoi eagrán nua sa chainéal Seinn an Chéad Cheann eile. Brúigh agus coinnigh síos Roghnaigh ar scannán nó clár teilifíse chun é a chur go díreach ar an gcainéal Seinn an Chéad Cheann eile.

Rochtain a fháil ar shocrúithe ón scáileán Baile

Is féidir leat rochtain a fháil ar an roghchlár Gach Socrútrí an deilbhín sa choirnéal ar thaobh na láimhe deise. Tá roghchlár na Socruithe minice agus míreanna coiteanna roghchláir le fáil ar an Roghchlár Philips TV chomh maith. Is féidir rochtain dhíreach a fháil orthu ón grianrialtán.

An barra córais ar an scáileán Baile

Tá na gnéithe seo a leanas ar fáil ar an mbarra Córais ar bharr an scáileáin Baile:

- Cnaipe Cuardaigh: chun tús a chur le cuardach Google le hionchur gutha nó téacs.
- Foinse ionchuir: chun liosta na bhfoinsí ionchuir a lainseáil agus athrú go dtí aon cheann de na gléasanna nasctha.
- Fógraí: chun teachtaireachtaí a thabhairt duit faoi

do chóras Smart TV.


- Socruithe: chun rochtain a fháil ar roghchlár na socruithe uile agus socruithe na teilifíse a athrú.
- Clog: chun clog an chórais a thaispeáint.

1.2

Feidhmchláir agus Bailiúchán Philips TV


Feidhmchláir Ceanáin ar an gcéad ró

Is féidir leat tuilleadh feidhmchlár a fháil ar leathanach na bhFeidhmchlár ar féidir é a oscailt trí chliceáil ar an deilbhín Feidhmchlár ar thaobh na láimhe deise de ró na bhFeidhmchlár. Is féidir leat freisin tuilleadh feidhmchlár a chur leis an liosta ceanán ó leathanach na bhFeidhmchlár.



Bailiúchán Philips TV

Tá gach ceann de d'fheidhmchláir phréimhe ar fáil laistigh den fheidhmchlár Bailiúchán Philips TV. Is féidir leat é a lainseáil trí úsáid a bhaint as an meirge ar ró na bhFeidhmchlár. Beidh moltaí d'Fheidhmchláir nua agus tuilleadh ar an bhfeidhmchlár Bailiúchán Philips TV.



Suiteáil

2.1

Léigh Sábháilteacht

Léigh na treoracha sábháilteachta i dtosach sula n-úsáideann tú an teilifís.

Chun na treoracha a léamh, i Cabhair, brúigh an eochair datha  Eochairfhocail agus déan cuardach do Treoracha Sábháilteachta.

2.2

Seastán Teilifíse agus Gléasadh Balla

Seastán teilifíse


Is féidir leat na treoracha chun an seastán teilifíse a ghléasadh a fháil sa Treoir Mhearthosaithe a tháinig leis an teilifís. Is féidir leat an treoir seo a íoslódáil ó www.philips.com sa chás gur chaill tú í.

Úsáid uimhir chineáil táirge na teilifíse chun cuardach a dhéanamh don Treoir Mearthosaithe atá le híoslódáil.

Gléasadh Balla

Tá do theilifís ullmhaithe freisin do bhrac atá comhlíontach le VESA chun í a ghléasadh ar an mballa (díoltar leis féin é).

Úsáid an cód VESA seo a leanas nuair atá an gléasadh balla á cheannach agat. . .



- 55OLED934
VESA MIS-F 300x300, M6 (íos.: 10mm, uas.:15mm)
 - 65OLED934
VESA MIS-F 300x300, M6 (íos.: 10mm, uas.:15mm)
- Ullmhúchán

Cinntigh go dtéann na scriúna miotail thart ar 10mm isteach i mboisc shnáithithe na teilifíse chun an teilifís a ghléasadh ar an mbrac atá oiriúnach le VESA.


Rabhadh

Teastaíonn scileanna sainiúla chun an teilifís a ghléasadh ar an mballa agus ní ceart d'aon duine ach pearsanra atá cáilithe tabhairt faoi. Ba cheart go gcomhlíonfadh gléasadh balla na teilifíse caighdeáin sábháilteachta atá bunaithe ar mheáchan na teilifís. Léigh na réamhchúraim shábháilteachta ar dtús freisin sula lonnóidh tú an teilifís. Ní bheidh TP Vision Europe B.V. freagrach as aon ghléasadh míchuí ná gléasadh ar bith a éiríonn timpiste nó gortú as.

2.3

Leideanna maidir le Láithriú

- Cuir an teilifís in áit nach bhfuil solas ag lonrú go díreach ar an scáileán.
- Ísligh an solas sa seomra chun na dálaí is fearr a fháil don éifeacht Ambilight.
- Is é an t-achar is fearr le bheith ag féachaint ar an teilifís uaidh ná idir 2 agus 5 oiread méid fhiarthrasna an scáileáin. Nuair atá tú i do shuí, ba cheart go mbeadh do shúile ar an leibhéal céanna le lár an scáileáin.
- Nuair a ghléastar ar an mballa í, socraigh an teilifís suas le 15 cm amach ón mballa.




Tabhair faoi deara:

Coinnigh an teilifís amach ó fhoinsí as a dtagann dusta, cosúil le soirn. Moltar duit an dusta a ghlanadh go rialta ionas nach ngabhfaidh sé isteach sa teilifís.

2.4

Cábla Cumhachta

- Cuir isteach an cábla cumhachta sa nascóir **POWER** ar chúl na teilifíse.
- Bí cinnte go bhfuil an cábla cumhachta curtha isteach go daingean sa nascóir.
- Bí cinnte gur féidir leat rochtain a fháil i gcónaí ar an bpluga cumhachta sa soicéad balla.
- Nuair a diphlogáilann tú an cábla cumhachta, tarraing an pluga i gcónaí, ná tarraing an cábla go deo.



D'ainneoin go bhfuil tomhaltas cumhachta an-íseal ag an teilifís seo nuair atá sé ar fuireachas, bain amach an cábla cumhachta chun fuinneamh a shábháil mura mbeidh an teilifís in úsáid ar feadh tréimhse fada.

Chun tuilleadh eolais a fháil, i **Cabhair**, brúigh an eochair datha **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Casadh** air chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi an teilifís a chasadh air agus as.


2.5

Cábala na hAeróige

Cuir isteach pluga na haeróige go daingean sa soicéad Aeróige ar chúl na teilifíse.

Is féidir leat d'aeróg féin a nascadh nó nasc a dhéanamh le comhartha aeróige ó chóras dailte aeróige. Úsáid nascóir aeróige IEC Coax 75 Ohm RF.

Úsáid an nasc aeróige seo do chomharthaí ionchuir DVB-T agus DVB-C.



2.6

Mias Satailíte


Cúnamh sainiúil

Seans go mbeidh ort cúnamh sainiúil a fháil nuair atá córas mhias satailíte á shuiteáil agat. D'fhéadfaí suiteáil do chórais satailíte a bheith níos casta mar gheall ar shuiteáil atá déanta cheana ach nach bhfuil fhios agat fúithi nó coinníollacha áitiúla na glacachta satailíte. Mura ndéanfaí an tsuiteáil i gceart, d'fhéadfaí

damáiste leictreach a dhéanamh don teilifís.

Rabhadh:

Nuair atá LNB Uilíoch ar do mhias satailíte, ná húsáid **scoilteoirí cábla** comhaiseacha mura bhfuil suiteáil Unicable á úsáid agat.




Tuner amháin

Ní mór duit 2 chábala comhionanna a nascadh ó do mhias satailíte go dtí an teilifís chun féachaint ar chainéal satailíte agus chun cainéal eile a thaifeadadh ag an am céanna. Mura bhfuil ar fáil agat ach 1 cábla, ní féidir leat féachaint ar aon chainéal ach amháin an ceann a bhfuil tú ag taifeadadh air.

Nasc an cábla ón mias satailíte go díreach go dtí an nasc **SAT 1**. Úsáid cábla comhaiseach atá in ann mias aeróige satailíte a nascadh. Cinntigh go bhfuil do mhias satailíte ailínithe go foirfe sula dtosóidh tú an tsuiteáil.

Roghnaigh Tiúnóir amháin i rith na suiteála satailíte.




Dhá Thiúnóir

Ní mór duit 2 chábla comhionanna a nascadh ó do mhias satailíte go dtí an teilifís chun féachaint ar chainéal satailíte agus chun cainéal eile a thaifeadadh ag an am céanna.

Nasc an chéad chábla ón mias satailíte go díreach leis an nasc **SAT 1** agus nasc an dara cábla le **SAT 2**. Úsáid cábla comhaiseach atá in ann mias aeróige satailíte a nascadh. Cinntigh go bhfuil do mhias satailíte ailínithe go foirfe sula dtosóidh tú an tsuiteáil.

Roghnaigh **Dhá Thiúnóir** i rith na suiteála satailíte.



Illamharc agus taifeadadh le dhá tiúnóir

Nuair is dhá tiúnóir agus sliotán CAM amháin atá ar an teilifís, baineann coinníollacha éagsúla le hoibrioichai llamharc agus taifeadta.

Féach ar an tábla thíos le haghaidh eolas faoi fháil ar llamharc.

Illamharc (TV agus TV)

Watch channel in Main	Watch channel in Sub	Main picture	Sub picture
Free	Free	O	O
Scramble	Free	O	O
Free	Scramble	O	O
Scramble	Scramble	O	X
4K (Free / Scramble)	-	O	X
Analogue	-	O	X
Teletext	-	O	X
Pause TV	-	O	X

O: Available; X: Not Available

Féach ar an tábla thíos le haghaidh eolas faoi fháil Féach agus Taifead

Féach agus Taifead

Recording channel	Zap to	Watch	Record
Free	Free	O	O
Scramble	Free	O	O
Free	Scramble	X	O
Scramble	Scramble	X	O


O: Available; X: Not Available

Unicable nó MDU

Má tá córas Unicable* á úsáid agat, nasc an cábla leis an nasc **SAT 1**. Úsáid cábla comhaiseach chun mias aeróige satailíte a nascadh agus ná húsáid ach scoilteoirí cábla atá oiriúnach le Unicable. Cinntigh go bhfuil do mhias satailíte ailínithe go foirfe sula dtosóidh tú an tsuiteáil.

Roghnaigh **Dhá Thiúnóir** agus **Unicable** ina dhiaidh sin i rith na suiteála satailíte.

* Tabhair faoi deara: tacaíonn sé le córais unicable EN 50494 amháin.




Cianrialtán

3.1

Forbhreathnú ar na hEochracha

Barr



1 - Fuireachas / Air

Chun an teilifís a chasadh air nó ar ais go Fuireachas.

2 - VOICE micreafón

3 - **ambilight**

Chun ceann de na stíleanna Ambilight a roghnú.

4 - Mear-Roghchlár

Chun an Mear-Roghchlár a oscailt leis na gnáthfheidhmeanna teilifíse.

5 - SOURCES

• Chun an roghchlár Foinsí a oscailt nó a dhúnadh.

• Chun an cianrialtán a phéireáil leis an teilifís

6 - Google Assistant™

Chun Google Assistant™ a lainseáil.

Barr (do mhúnlaí sa Ríocht Aontaithe)



1 - Fuireachas / Air

Chun an teilifís a chasadh air nó ar ais go Fuireachas.

2 - VOICE micreafón

3 - **ambilight**

Chun ceann de na stíleanna Ambilight a roghnú.

4 - Bailiúchán teilifíse Philips

Chun Feidhmchlár Bailiúchán teilifíse Philips a lainseáil.

5 - SOURCES


• Chun an roghchlár Foinsí a oscailt nó a dhúnadh.

• Chun an cianrialtán a phéireáil leis an teilifís

6 - Google Assistant™

Chun Google Assistant™ a lainseáil.

Lár



1 - OK eochair

Chun rogha nó socrú a dhearbhu. Chun an liosta cainéal a oscailt agus tú ag féachaint ar an teilifís.

2 - BACK

Chun athrú ar ais go dtí an cainéal a roghnaigh tú roimhe sin.

Chun dul ar ais go dtí an roghchlár roimhe sin.

Chun dul ar ais go dtí an Feidhmchlár/leathanach Idirlin roimhe sin.

3 - Athsheinm agus Taifead

• Seinn , chun athsheanma.

• Cuir ar sos , chun athsheinm a chur ar sos

• Stop , chun athsheinm a stopadh

• Atochrais , chun atochras

• Mearchasadh , chun mearchasadh

• Taifead , chun taifeadadh a thosú

4 - Eochracha datha

Roghnu díreach roghanna. Osclaíonn an eochair ghorm , Cabhair.

5 - Eochracha nascleanúna/saighde

Chun bogadh suas, síos, ar chlé nó ar dheas.


6 - HOME

Brúigh chun an roghchlár Baile a oscailt.

7 - OPTIONS

Chun an roghchlár Roghanna a oscailt nó a dhúnadh.

Lár (do mhúnláí sa Ríocht Aontaithe)



1 - OK eochair

Chun rogha nó socrú a dhearbhu. Chun an liosta cainéal a oscailt agus tú ag féachaint ar an teilifís.

2 - ← BACK

Chun athrú ar ais go dtí an cainéal a roghnaigh tú roimhe sin.

Chun dul ar ais go dtí an roghchlár roimhe sin.

Chun dul ar ais go dtí an Feidhmchlár/leathanach Idirlín roimhe sin.

3 - Athsheim agus Taifead

- Seinn ►, chun athsheim a chur ar sos
- Cuir ar sos II, chun athsheim a stopadh
- Stop ■, chun athsheim a stopadh
- Atochrais ◀◀, chun atochras
- Mearchasadh ▶▶, chun mearchasadh
- Taifead ●, chun taifeadadh a thosú

4 - Eochracha datha

Roghnú díreach roghanna. Osclaíonn an eochair ghorm Cabhair.

5 - Eochracha nascleanúna/saighde

Chun bogadh suas, síos, ar chlé nó ar dheas.


6 - HOME

Brúigh chun an roghchlár Baile a oscailt.

7 - Eolaire Teilifíse / Liosta Cainéal

Chun an tEolaire teilifíse a oscailt nó a dhúnadh.

Brúigh fada chun an liosta cainéal a oscailt.



1 - NETFLIX

Chun an feidhmchlár Netflix a oscailt go díreach. Nuair atá an teilifís casta air nó ó fhuireachas.

- Má tá suibscribhinn agat le Netflix, is féidir leat taitneamh a bhaint as Netflix ar an teilifís seo. Ní mór do do theilifís a bheith nasctha leis an Idirlín.
- Chun Netflix a oscailt, brúigh NETFLIX chun an Feidhmchlár Netflix a oscailt. Is féidir leat Netflix a oscailt láithreach ó theilifís ar fuireachas. Is féidir leat Netflix a oscailt láithreach ó theilifís atá ar fuireachas. www.netflix.com

2 - Balbhaigh / Airde Fuaime

Brúigh sa lár chun an fhuaim a bhalbhú nó a dhíbhhalbhú. Brúigh + nó - chun leibhéal an airde fuaime a athrú.

3 - Eochracha uimhreach

Chun cainéal a roghnú go díreach.

4 - TEXT

Chun Téacs/Teilithéacs a oscailt nó a dhúnadh.

5 - TV - EXIT

Brúigh sa lár chun athrú ar ais d'fhéachaint ar theilifís. Chun feidhmchlár teilifíse idirghníomach a stopadh. Brúigh + nó - chun athrú go dtí an chéad chainéal eile nó an cainéal roimhe sin i liosta na gcainéal. Chun an chéad leathanach eile nó an leathanach roimhe sin a oscailt in Téacs/Teilithéacs.

6 - Bailiúchán teilifíse Philips

Chun Feidhmchlár Bailiúchán teilifíse Philips a lainseáil.

7 - Rakuten TV


Chun Feidhmchlár Rakuten TV a oscailt go díreach.

8 - Eolaire Teilifíse / liosta Cainéal

Chun an tEolaire teilifíse a oscailt nó a dhúnadh. Brúigh fada chun an liosta cainéal a oscailt.

Bun

Bun (do mhúnlaí sa Ríocht Aontaithe)



1 - **NETFLIX**

Chun an feidhmchlár Netflix a oscailt go díreach. Nuair atá an teilifís casta air nó ó fhuireachas.

- Má tá suibscríbhinn agat le Netflix, is féidir leat taitneamh a bhaint as Netflix ar an teilifís seo. Ní mór do do theilifís a bheith nasctha leis an Idirlíon.
- Chun Netflix a oscailt, brúigh **NETFLIX** chun an Feidhmchlár Netflix a oscailt. Is féidir leat Netflix a oscailt láithreach ó theilifís ar fuireachas. Is féidir leat Netflix a oscailt láithreach ó theilifís atá ar fuireachas. www.netflix.com

2 - **🔊** Balbhaigh / Airde Fuaime

Brúigh sa lár chun an fhuaim a bhalbhú nó a dhíbhálbhú. Brúigh + nó - chun leibhéal an airde fuaime a athrú.

3 - Eochracha uimhreach

Chun cainéal a roghnú go díreach.

4 - **⚙️** Mear-Roghchlár

Chun an Mear-Roghchlár a oscailt leis na gnáthfheidhmeanna teilifíse.

5 - **TV** - EXIT

Brúigh sa lár chun athrú ar ais d'fhéachaint ar theilifís. Chun feidhmchlár teilifíse idirghníomach a stopadh. Brúigh + nó - chun athrú go dtí an chéad chainéal eile nó an cainéal roimhe sin i liosta na gcainéil. Chun an chéad leathanach eile nó an leathanach roimhe sin a oscailt in Téacs/Teilithéacs.

6 - **Freeview Play**

Chun Freeview Play a lainseáil.

7 - **Rakuten TV**

Chun Feidhmchlár Rakuten TV a oscailt go díreach.

8 - **+** OPTIONS

Chun an roghchlár Roghanna a oscailt nó a dhúnadh.

3.2

Péireáil do Chianrialtán leis an teilifís

Baineann an cianrialtán seo úsáid as Bluetooth agus IR (infridhearg) araon chun a threoracha a sheoladh chuig an teilifís.

- Is féidir leat an cianrialtán seo a úsáid via IR (infridhreach) don chuid is mó d'oibríochtaí.
- Chun ardoibríocht cosúil le cuardach gutha agus méarchlár an chianrialtáin a úsáid, ní mór duit an teilifís a phéireáil (nascadh) leis an gcianrialtán.

Nuair a chuir tú tús le suiteáil bhunaidh na teilifíse, thug an teilifís cuireadh duit an eochair **PAIR** a bhrú, agus leis sin, rinneadh an phéireáil.

Tabhair faoi deara:

- 1 - A luaithe is atá an cianrialtán imithe isteach i mód péireála go rathúil, tosódh an fainne táscaire LED gorm atá timpeall an micreafón ar aghaidh an chianrialtáin ag caochail.
- 2 - Ní mór an cianrialtán a choinneáil gar don teilifís (laistigh de 1 méadar) i rith péireála chun go n-oibreoidh sé i gceart.
- 3 - Mura lainseálann an teilifís an réimse cuardaigh gutha nuair a bhrúnn tú **🔊**, níor éirigh leis an bpéireáil.
- 4 - Moltar duit fanacht go dtí go bhfuil an teilifís tosaithe go hiomlán agus go bhfuil gach próiseas cúlra lainseáilte sula dtéann tú isteach i mód péireála mar go bhféadfadh sé tarlú go dtaispeánfar an teachtaireacht le tuilleadh treoracha ró-dheireanach ar an scáileán, rud a d'fhéadfadh cur isteach ar an nós imeachta péireála.

Péireáil nó péireáil arís

Má tá an phéireáil leis an gcianrialtán imithe, is féidir leat an teilifís a phéireáil arís leis an gcianrialtán.

Díreach brúigh an eochair **PAIR** (thart ar 3 soicind) le haghaidh péireála.

Mar rogha air sin, téigh go dtí **⚙️ Socruithe > Gan sreang agus líonra > Cianrialtán > Péireáil cianrialtán**, ansin lean na treoracha ar an scáileán.

Taispeánfar teachtaireacht nuair a éiríonn leis an bpéireáil.

Bogearraí Cianrialtáin

⚙️ Socruithe > Gan sreang agus líonra > Cianrialtán > Eolas faoi bhogearraí reatha

Comhuain is atá an cianrialtán péireáilte, is féidir leat leagan reatha na mbogearraí cianrialtáin a sheiceáil.

⚙️ Socruithe > Gan sreang agus líonra > Cianrialtán > Nuashonraigh bogearraí an chianrialtáin

Seiceáil bogearraí cianrialtáin reatha le haghaidh

3.3

Cuardach Gutha

Is féidir leat cuardach a dhéanamh d'fhíseáin ceol nó rud ar bith eile ar an Idirlíon díreach trí do ghuth a úsáid. Is féidir leat labhairt isteach sa mhicreafón ar an gchianrialtán.

Ní mór duit an chianrialtán a phéireáil leis an teilifís sula n-úsáideann tú cuardach gutha.

Chun Guth a úsáid...

- 1 - Brúigh  ar an gchianrialtán, lasfar an solas gorm ar an gchianrialtán agus osclóidh an réimse cuardaigh, tá an micreafón gníomhach.
- 2 - Labhair amach an rud atá uait go soiléir. Is féidir leat labhairt ar feadh 10 soicind sula gcasfar an micreafón as. D'fhéadfadh sé roinnt ama a thógáil sula dtaispeánfar na torthaí.
- 3 - Is féidir leat an rud atá uait a roghnú ó na torthaí ar an gcuardach.

3.4

Méarchlár

Forbhreathnú

Forbhreathnú ar mhéarchlár Qwerty / Azerty.



1 - Carachtar Azerty

Suíomh carachtair má tá leagan amach an mhéarchláir athraithe go Azerty.

2 - del Scrios

Chun carachtair ionchuir a scriosadh.

3 - Aa Iomlaoid

Chun carachtair cáis uachtair a chlósáil.

4 - Eochair Fn

Chun uimhir nó carachtar poncaíochta a chlósáil.

5 - Spásbarra

6 - Nascleanúint agus OK

Tabhair faoi deara: Ní mór duit an chianrialtán a phéireáil leis an teilifís sula n-úsáideann tú méarchlár an chianrialtáin.

Téacs a Scríobh

Is féidir leat an méarchlár ar chúl an chianrialtáin a úsáid chun téacs a scríobh in aon réimse téacs ar an scáileán.

Chun téacs a scríobh...

- 1 - Roghnaigh réimse téacs mura bhfuil sé roghnaithe fós.
- 2 - Athraigh méarchlár an chianrialtáin i do threo chun na heochracha a ghníomhachtú. Beir ar an gchianrialtán le do dhá láimh agus úsáid do dhá ordóg chun clósáil.
- 3 - Chun an méarchlár ar scáileán a chur i bhfolach, brúigh  BACK .
Brúigh OK chun an téacs a dhearbhu.

Méarchlár ar an Scáileán

Má úsáideann tú an méarchlár an an scáileán chun téacs a chur isteach, is féidir leat leagan amach an mhéarchláir a athrú go ceann a bhfuil taithí agat air.

Chun na socruithe seo a oscailt...

Brúigh  HOME, roghnaigh  Socruithe agus brúigh OK.

5 - Roghnaigh Socruithe Android agus brúigh OK.

6 - Roghnaigh Gléas Roghanna > Méarchlár agus brúigh OK.

7 - Roghnaigh Socruithe méarchláir > Teanga agus brúigh OK. Is féidir leat teanga do mhéarchláir a shocrú anseo.

8 - Brúigh  BACK chun an roghchlár a dhúnadh chun dul siar céim amháin.

- Oibríonn an chianrialtán is fearr mura bhfuil tú níos mó ná 5 m ón teilifís.
- Agus méarchlár an chianrialtáin á úsáid agat, oibríonn sé is fearr nuair nach bhfuil an uillinn níos mó ná 50 céim.
- Ná blocáil ga IR an chianrialtáin.

Qwerty agus Azerty

Is é QWERTY leagan amach caighdeánach Méarchlár an Chianrialtáin.

Méarchlár Azerty

Is féidir Méarchlár an Chianrialtáin a athrú go Azerty, ag brath ar an réigiún ina bhfuil tú. Tá na carachtair Azerty ar taispeáint ar bharr na n-eochracha ábhartha ar thaobh na láimhe deise.

Chun méarchlár an chianrialtáin a shocrú go Azerty...

- 1 - Brúigh  HOME, roghnaigh  Socruithe agus brúigh OK.
- 2 - Roghnaigh Réigiún agus Teanga agus brúigh  chun an roghchlár a oscailt.
- 3 - Roghnaigh Méarchlár an Chianrialtáin agus brúigh OK.

- 4 - Roghnaigh **Qwerty** nó **Azerty** agus brúigh **OK**.
- 5 - Brúigh **◀** (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúradh.

3.5

Braiteoir IR

Tá an teilifís in ann glacadh freisin le horduithe ó chianrialtán a úsáideann IR (infridhearg) chun orduithe a sheoladh. Má úsáideann tú a leithéid de chianrialtán, bí cinnte i gcónaí go bpointeálann tú an cianrialtán i dtreo braiteoir infridhearg an chianrialtáin ar aghaidh na teilifíse.

⚠ Rabhadh

Ná cuir aon rud os comhair braiteoir IR na teilifíse mar go bhféadfadh sé an comhartha IR a bhlocáil.


3.6

Ceallraí

Mura bhfreagraíonn an teilifís do bhrú eochrach ar an gcianrialtán, d'fhéadfadh na ceallraí a bheith caite.

Chun na ceallraí a athsholáthar, oscail raca na gceallraí ag bun an chianrialtáin.

- 1 - Sleamhnaigh doras na gceallraí sa treo a léirítear ar an tsaighead.
- 2 - Athsholáthar na seancheallraí le 2 cheallra Alcaileacha den chineál **AAA-LR03-1.5V**. Bí cinnte go luífidh na deirí **+** agus **-** de na ceallraí isteach i gceart.
- 3 - Cuir doras na gceallraí ar ais arís agus sleamhnaigh é go dtí go gliceálann sé.



Bain amach na ceallraí mura bhfuil an cianrialtán á úsáid agat ar feadh tréimhse fada. Diúscair do sheancheallraí go sábháilte de réir na dtreoracha maidir le húsáid dheiridh.

Chun tuilleadh eolais a fháil, in **Cabhair**, roghnaigh **Eochairfhocail** **Deireadh Úsáide**.

3.7

Glanadh

Tá bratú scrabhadh-fhriotaíoch ar do chianrialtán.

Chun an cianrialtán a ghlanadh, úsáid ceirt bhog thais. Ná húsáid substaintí cosúil le halcól, ceimicigh ná glantóirí tí nó an cianrialtán.

Ag Casadh Air agus As

4.1

Air nó ar Fuireachas

Cinntigh go bhfuil an teilifís nasctha leis an bpríomhchumhacht AC. Nasc an corda cumhachta a tháinig leis an teilifís leis an nascóir AC isteach ar chúl na teilifíse. Lasfar an solas táscaire ag bun na teilifíse.

Cas air

Brúigh  ar an gciannrialtán chun an teilifís a chasadh air. Mar rogha air sin, brúigh  HOME . Is féidir leat freisin an luamhán stiúrtha beag ar chúl na teilifíse a bhrú freisin chun an teilifís a chasadh air mura bhfuil tú in ann teacht ar an gciannrialtán nó má tá na ceallraí caite.

Athraigh go dtí fuireachas

Chun an teilifís a athrú go dtí fuireachas, brúigh  ar an gciannrialtán. Is féidir leat freisin an luamhán stiúrtha beag ar chúl na teilifíse a bhrú freisin.



Agus í i bhfuireachas, tá an teilifís nasctha leis an bpríomhlíonra cumhachta i gcónaí ach is beag fuinneamh atá á tomhailt aici.

Chun an teilifís a chasadh as go hiomlán, dínasc an pluga cumhachta.

Nuair atá an pluga cumhachta á dhínascadh agat, tarraing an pluga cumhachta i gcónaí, ní an cábla. Bí cinnte go bhfuil rochtain iomlán agat ar an bpluga cumhachta, an seolán cumhachta agus ar an soicéad asraoin i gcónaí.

4.2

Méaracha teilifíse

Má tá an cianrialtán caillte agat, nó má tá a cheallraí caite, is féidir leat roinnt oibríochtaí bunúsacha teilifíse a dhéanamh i gcónaí.

Chun an roghchlár bunúsach a oscailt...

1 – Agus an teilifís casta air agat, brúigh an eochair luamhán stiúrtha ar chúl na teilifíse chun an roghchlár bunúsach a oscailt.

2 – Brúigh clé nó deas chun  Airde Fuaime,  Cainéal nó  Foinsí a roghnú. Roghnaigh  Físeán taispeána chun físeán taispeána a thosú.

3 – Brúigh suas nó síos chun an airde fuaime a athrú nó tiúnáil go dtí an chéad chainéal eile, nó an ceann roimhe sin. Brúigh suas nó síos chun dul trí liosta na bhfoinsí, lena n-áirítear roghnú tiúnóra. Brúigh eochair an luamhán stiúrtha chun an físeán taispeána a thosú.

4 – Imeoidh an roghchlár as amharc go huathoibríoch.

Chun an teilifís a chasadh go dtí fuireachas, roghnaigh  agus brúigh eochair an luamhán stiúrtha.



Cainéil

5.1

Suiteáil Cainéil

Chun tuilleadh eolais a fháil, in Cabhair, brúigh an eochair datha **—** Eochairfhocail agus déan cuardach do Cainéal, Suiteáil Aeróige nó Cainéal, Suiteáil Cábla.

5.2

Liostaí Cainéal

Maidir le Liostaí Cainéal

Taispeánfar gach cainéal sa liosta cainéal i ndiaidh suiteáil cainéal. Taispeántar cainéil lena n-ainm agus a lógó má tá an fhaisnéis sin ar fáil.

Agus liosta cainéal roghnaithe, brúigh na saigheada **▲** (suas) nó **▼** (síos) chun cainéal a roghnú, ansin brúigh **OK** chun féachaint ar an gcainéal atá roghnaithe. Ní thiúnálann tú ach go dtí na cainéil atá sa liosta sin nuair atá na heochracha **TV+** nó **TV** — á n-úsáid agat.

Deilbhíní cainéal

Tar éis do Nuashonrú Cainéal Uathoibríoch a bheith déanta ar liosta na gcainéal, marcáil cainéil nua le **★** (réalta). Má ghlasálann tú cainéal, marcálfar le **🔒** (glas) é.

Stáisiúin Raidió

Má tá craolachán digiteach ar fáil, suiteáil stáisiúin raidió dhigiteacha le linn suiteála. Athraigh go cainéal raidió díreach ar an gcaoi chéanna is a athraíonn tú go cainéal teilifíse. Is iondúil go lonaíonn suiteáil cainéal Cábla (DVB-C) stáisiúin raidió ó uimhir cainéil 1001 ar aghaidh.

Is féidir leis an teilifís seo teilifís dhigiteach ar chaighdeán DVB a fháil. D'fhéadfadh an teilifís gan oibriú i gceart le roinnt oibritheoirí teilifíse digití, neamhchomhlíonadh le riachtanais an chaighdeáin ina n-iomláine.

Liosta Cainéal a oscailt

In aice leis an liosta le gach cainéal, is féidir leat liosta scagtha a roghnú nó is féidir leat ceann de na liostaí ceanán a chruthaigh tú a roghnú.

Chun an liosta cainéal reatha a oscailt...

- 1 - Brúigh **TV**, chun athrú go dtí an teilifís.
- 2 - Brúigh **OK** chun an liosta cainéal reatha a

oscailt.

3 - Brúigh **←** BACK chun an liosta cainéal a dhúnadh.

Chun ceann amháin de na liostaí cainéal a roghnú...

1 - Nuair atá liosta cainéal oscailte ar an scáileán, brúigh **+** **OPTIONS**.

2 - Roghnaigh Roghnaigh liosta cainéal agus brúigh **OK**.

3 - Roghnaigh ceann amháin de na liostaí cainéal atá ar fáil i roghchlár na liostaí agus brúigh **OK**.

Mar rogha air sin, is féidir leat ainm an liosta ag barr an liosta cainéal agus **OK** a bhrú chun roghchlár na liostaí a oscailt.

Déan cuardach do Chainéal

Is féidir leat cuardach a dhéanamh do chainéal chun é a aimsiú i liosta fada cainéal.

Is féidir leis an teilifís cuardach a dhéanamh do chainéal laistigh de cheann amháin de na 2 phríomhliostaí cainéal - an liosta cainéal Aeróige nó Cábla.

Chun cuardach a dhéanamh do chainéal...

1 - Brúigh **TV**.

2 - Brúigh **OK** chun an liosta cainéal reatha a oscailt.

3 - Brúigh **+** **OPTIONS**.

4 - Roghnaigh Roghnaigh liosta cainéal agus brúigh **OK**.

5 - Roghnaigh Scag Cainéil Aeróige nó Scag Cainéil Cábla agus brúigh **OK**.

6 - Roghnaigh Déan cuardach do Chainéal agus brúigh **OK** chun réimse téacs a oscailt. Is féidir leat méarchlár an chianrialtáin (más ann dó) a úsáid nó an méarchlár ar an scáileán a úsáid chun téacs a chur isteach.

7 - Cuir isteach uimhir, ainm nó cuid d'ainm agus roghnaigh Cuir i bhfeidhm agus brúigh **OK**. Déanfaidh an teilifís cuardach d'ainmneacha cainéal a mheaitseálann an liosta atá roghnaithe agat.

Liostálfar torthaí cuardaigh mar liosta cainéal - féach ar ainm an liosta ag an mbarr. Imoidh na torthaí cuardaigh as amharc comhuain is a roghnaíonn tú liosta cainéal eile nó nuair a dúnann tú an liosta leis na torthaí cuardaigh.

Sórtáil liosta cainéal

Is féidir leat sórtáil liosta cainéal a dhéanamh le gach cainéal. Is féidir leat an liosta cainéal a shocrú chun díreach na cainéil teilifíse nó na stáisiúin Raidió a thaispeáint. I gcás cainéal Aeróige/Cábala is féidir leat an liosta a shocrú chun na cainéil atá Saor nó na cainéil Scrofa a thaispeáint.

Chun scagaire a shocrú ar liosta a bhfuil gach cainéal air...

- 1 - Brúigh **TV**.
- 2 - Brúigh **OK** chun an liosta cainéal reatha a oscailt.
- 3 - Brúigh **+** **OPTIONS**.
- 4 - Roghnaigh Roghnaigh liosta cainéal agus brúigh **OK**.
- 5 - Roghnaigh Scag Cainéil Aeróige nó Scag Cainéil Cábala de réir an liosta a bhfuil uait é a scagadh agus brúigh **OK**.
- 6 - Sa roghchlár Roghanna, roghnaigh an scagaire atá uait agus brúigh **OK** chun gníomhachtú. Taispeánfar ainm an scagaire mar chuid d'ainm an liosta cainéal ar bharr an liosta cainéal.
- 7 - Brúigh **<** (clé) chun dul siar céim amháin nó brúigh **<** chun an roghchlár a dhúnadh.

Féachaint ar chainéil

Tiúnáil go dtí Cainéal

Chun tosú ag féachaint ar chainéil teilifíse, brúigh **TV**. Tiúinídh an teilifís go dtí an cainéal teilifíse ar fhéach tú go deireanach air.

Cainéil a Athrú

Chun cainéil a athrú, brúigh **TV +** or **TV -**. Má tá uimhir an chainéil ar eolas agat, clóscríobh an uimhir leis na heochracha uimhreach. Brúigh **OK** tar éis an uimhir a chur isteach chun athrú láithreach.

Má tá an t-eolas ar fáil ón Idirlíon, taispeánann an teilifís ainm agus sonraí an chláir reatha agus ansin ainm agus sonraí an chéad chláir eile.

Cainéil roimhe sin

Chun athrú ar ais go dtí an cainéal a bhí tiúinálte cheana féin, brúigh **<** **BACK**.

Is féidir leat tiúnáil go cainéil ó Liosta Cainéal freisin .

Cainéal a Ghlasáil

Chun Cainéal a Ghlasáil agus a Dhíghlasáil

Chun leanaí a chosc ó fhéachaint ar chainéal, is féidir leat cainéal a ghlasáil. Chun féachaint ar chainéal atá glasáilte, ní mór duit an **Cód Glais Leanaí** a chur isteach ar dtús. Ní féidir leat cláir a ghlasáil ó ghléasanna nasctha.

Chun cainéal a ghlasáil...

- 1 - Brúigh **TV**.
- 2 - Brúigh **OK** chun an liosta cainéal a oscailt. Athraigh an liosta cainéal más gá.
- 3 - Roghnaigh an cainéal a bhfuil uait é a dhíghlasáil.
- 4 - Brúigh **+** **OPTIONS** agus roghnaigh Glasáil Cainéal agus brúigh **OK**.
- 5 - Cuir isteach do chód PIN le 4 digit má iarrann an teilifís é. Marcáitar cainéal glasáilte le glas **🔒** (glas).
- 6 - Brúigh **<** (clé) chun dul siar céim amháin nó brúigh **<** **BACK** chun an roghchlár a dhúnadh.

Chun cainéal a dhíghlasáil...

- 1 - Brúigh **TV**.
- 2 - Brúigh **OK** chun an liosta cainéal a oscailt. Athraigh an liosta cainéal más gá.
- 3 - Roghnaigh an cainéal a bhfuil uait é a dhíghlasáil.
- 4 - Brúigh **+** **OPTIONS** agus roghnaigh Díghlasáil Cainéal agus brúigh **OK**.
- 5 - Cuir isteach do chód PIN le 4 digit má iarrann an teilifís é.
- 6 - Brúigh **<** (clé) chun dul siar céim amháin nó brúigh **<** **BACK** chun an roghchlár a dhúnadh.

Má ghlasálann tú nó má dhíghlasálann tú cainéil i liosta cainéal, níl ort ach an cód PIN a chur isteach díreach uair amháin go dtí go ndúnfaidh tú an liosta cainéal.

In Cabhair, brúigh an eochair datha **—** Eochairfhocail agus déan cuardach do Glas Leanaí chun tuilleadh eolais a fháil.

Rátáil Tuismitheora

Is féidir leat rátáil aoise a shocrú chun leanaí a stopadh ó bheith ag féachaint ar chlár nach bhfuil feiliúnach dá n-aois.

Is féidir le cláir ar chainéil dhigiteacha a bheith rátáilte de réir aoise. Nuair atá rátáil aoise cláir cothrom le nó níos airde ná an aois atá socraithe agat mar rátáil aoise do do leanbh, beidh an clár glasáilte. Ní mór duit an cód **Rátáil Tuismitheora** a chur isteach ar dtús chun féachaint ar chlár atá glasáilte.

Chun rátáil aoise a shocrú...

- 1 - Roghnaigh **⚙️** Socruithe > Glas leanaí > Rátáil tuismitheora agus brúigh **OK**.
- 2 - Cuir isteach Cód glais leanaí a bhfuil 4 digit

ann. Mura bhfuil cód socraithe agat fós, roghnaigh **Socraigh Cód** in **Glas Leanaí**. Cuir isteach Cód glais leanaí a bhfuil 4 digit ann agus dearbhaigh. Anois is féidir leat rátáil aoise a shocrú.

3 – Téigh ar ais go **Rátáil Tuisimitheora**, roghnaigh an aois agus brúigh **OK**.

4 – Brúigh **◀** (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Chun rátáil aoise tuisimitheora a chasadh as, roghnaigh **Gan aon cheann**. Mar sin féin, ní mór duit rátáil aoise a shocrú i roinnt tíortha.

Ní ghlásálann an teilifís ach cláir a bhfuil rátáil níos airde acu i gcás roinnt craoltóirí/oibritheoirí. Socraítear an rátáil aoise tuisimitheora do gach cainéal.

Roghanna Cainéal

Roghanna Oscailte

Agus tú ag féachaint ar chainéal, is féidir leat roinnt roghanna a shocrú.

Ag brath ar an gcineál cainéil a bhfuil tú ag féachaint air (analogach nó digiteach) nó ag brath ar na socruithe teilifíse atá déanta agat, tá roinnt roghanna ar fáil.

Chun roghchlár na roghanna a oscailt...

- 1 – Agus tú ag féachaint ar chainéal, brúigh **+** **OPTIONS**.
- 2 – Brúigh **+** **OPTIONS** arís chun é a dhúnadh.

Fotheidil

Cas As

Tá craoltaí digiteacha in ann fotheidil a bheith acu dá gcláir.

Chun na fotheidil a thaispeáint...

Brúigh **+** **OPTIONS**, agus roghnaigh **Fotheidil**.

Is féidir leat **fotheidil** a chasadh **Air** nó **As**. Mar rogha air sin, is féidir leat **Uathoibríoch** a roghnú.

Uathoibríoch

Más faisnéis teanga cuid den chraoladh digiteach agus mura bhfuil an clár atá á chraoladh i do theanga (an teanga a socraíodh ar an teilifís), is féidir leis an teilifís fotheidil a thaispeáint go huathoibríoch i gceann amháin de na teangacha fotheideal atá roghnaithe agat. Ní mór do cheann amháin de na teangacha fotheideal sin a bheith ina cuid den chraoladh.

Is féidir leat na teangacha fotheideal is fearr leat a roghnú in **Teanga Fotheideal**.

Fotheidil ó Théacs

Má thiúnann tú do chainéal analógach, ní mór duit na fotheidil a chur ar fáil de láimh do gach cainéal.

- 1 – Athraigh go dtí cainéal agus brúigh **TEXT** chun Téacs a oscailt.
- 2 – Cuir isteach uimhir an leathanaigh a bhfuil na fotheidil orthu, **888** go hiondúil.
- 3 – Brúigh **TEXT** arís chun Téacs a dhúnadh.

Má roghnaíonn tú **Air** i roghchlár na bhFotheideal nuair atá tú ag féachaint ar chainéal analógach, taispeánfar fotheidil má tá siad ar fáil.

Chun fáil amach an cainéal analógach nó digiteach atá ann, athraigh go dtí an cainéal agus oscail **Eolas in +OPTIONS**.

Teanga fotheideal

Na Teangacha Fotheideal atá Roghnaithe

Is féidir le craoladh digiteach roinnt teangacha fotheideal a thairiscint do chlár. Is féidir leat príomhtheanga fotheideal agus teanga thánaisteach a shocrú d'fotheidil. Má tá fotheidil ar fáil i gceann de na teangacha sin, taispeánfaidh an teilifís iad.

Chun an phríomhtheanga agus teanga thánaisteach fhotheideal a shocrú...

- 1 – Téigh go dtí **⚙** **Réigiún agus Teanga** agus brúigh **OK**.
- 2 – Roghnaigh **Teangacha > Fotheidil** **Príomhúla** nó **Fotheidil Thánaisteacha**.
- 3 – Roghnaigh an teanga atá uait agus brúigh **OK**.
- 4 – Brúigh **◀** (clé) chun dul siar céim amháin nó brúigh **◀ BACK** chun an roghchlár a dhúnadh.

Roghnaigh Teanga Fotheideal

Mura bhfuil aon cheann de na teangacha fotheideal is fearr leat ar fáil, is féidir leat teanga fotheideal eile atá ar fáil a roghnú. Mura bhfuil aon teanga fotheideal ar fáil, ní féidir leat an rogha seo a roghnú.

Chun príomhtheanga fotheideal a roghnú nuair nach bhfuil aon cheann de na teangacha atá uait ar fáil...

- 1 – Brúigh **+** **OPTIONS**.
- 2 – Roghnaigh **Teanga Fotheideal** agus roghnaigh ceann amháin de na teangacha mar fhotheidil ar bhonn sealadach.

Teanga Fuaime

Teanga Fuaime is Fearr leat

Tá craoladh digiteach in ann roinnt teangacha fuaime (teangacha labhartha) a thairiscint do chlár. Is féidir leat an phríomhtheanga fuaime agus an teanga thánaisteach fuaime is fearr leat a shocrú. Má tá fuaim ar fáil i gceann de na teangacha sin, athróidh an teilifís go dtí an fhuaim sin.

Chun an phríomhtheanga agus an teanga thánaisteach fuaime a shocrú...

- 1 - Téigh go dtí Réigiún agus Teanga agus brúigh OK.
- 2 - Roghnaigh **Teangacha > Fuaim** **Phríomhúil** nó **Fuaim Thánaisteach**.
- 3 - Roghnaigh an teanga atá uait agus brúigh OK.
- 4 - Brúigh (clé) chun dul siar céim amháin nó brúigh **BACK** chun an roghchlár a dhúnadh.

Roghnaigh Teanga Fuaime

Mura bhfuil aon cheann de na teangacha fuaime is fearr leat ar fáil, is féidir leat teanga fuaime eile atá ar fáil a roghnú. Mura bhfuil aon teanga fuaime ar fáil, ní féidir leat an rogha seo a roghnú.

Chun príomhtheanga fotheideal a roghnú nuair nach bhfuil aon cheann de na teangacha atá uait ar fáil...

- 1 - Brúigh **OPTIONS**.
- 2 - Roghnaigh **Teanga Fuaime** agus roghnaigh ceann amháin de na teangacha mar theanga fuaime ar bhonn sealadach.

Comhéadan Coiteann

Má tá CAM suiteáilte agat i gceann amháin de na slíotáin Comhéadain Choitinn, is féidir leat féachaint ar fhaisnéis faoin CAM agus faoin oibritheoir nó roinnt socruithe a bhaineann le CAM a athrú.

Chun féachaint ar fhaisnéis faoin CAM ...

- 1 - Brúigh **SOURCES**.
- 2 - Cliceáil ar an gcineál cainéil atá á úsáid agat don CAM do Féach ar theilifís.
- 3 - Brúigh **OPTIONS** agus roghnaigh **Comhéadan Coiteann**.
- 4 - Roghnaigh an slíotán Chomhéadan Coiteann cuí agus brúigh (deas).
- 5 - Roghnaigh oibritheoir teilifíse an CAM agus brúigh OK. Is ón oibritheoir teilifíse a thagann na scáileáin seo a leanas.

Hbb TV ar an gcainéal seo

Má tá uait rochtain ar leathanaigh HbbTV a sheachaint ar chainéal ar leith, is féidir leat na leathanaigh HbbTV a bhlocáil don chainéal sin

amháin.

Cas air HbbTV

Roghnaigh **Socruithe > Socruithe Ginearálta > Ardsocruithe > Socruithe HbbTV > HbbTV > Air**.

Faisnéis Cláir

Féach ar shonraí cláir

Chun sonraí an chláir atá roghnaithe a thaispeáint...

- 1 - Tiúnáil don chainéal.
- 2 - Brúigh **OPTIONS**, roghnaigh **Faisnéis Cláir** agus brúigh OK.
- 3 - Brúigh OK chun an scáileán seo a dhúnadh.

Ar Fhaisnéis Cláir, brúigh an eochair datha **SCHEDULED** chun dul isteach sa liosta taifeadtaí sceidealta, nó brúigh (deas) arís agus arís chun dul isteach san Eolaire Teilifíse.

Monofónach / Steiréafónach

Is féidir leat fuaim cainéil analógaigh a athrú go Monofónach nó Steiréafónach.

Chun athrú go Monofónach nó Steiréafónach...

- 1 - Tiúnáil go dtí cainéal analógaigh.
- 2 - Brúigh **OPTIONS**, roghnaigh **Monofónach / Steiréafónach** agus brúigh (deas).
- 3 - Roghnaigh **Monofónach** nó **Steiréafónach** agus brúigh OK.
- 4 - Brúigh (clé) chun dul siar céim amháin nó brúigh **BACK** chun an roghchlár a dhúnadh.

Ord Cainéal a athrú

Ní féidir leat ord cainéal athrú (athordaigh) ach amháin i **Liosta Ceanán**.

Chun an seicheamh cainéal a athrú...

- 1 - Oscail an **Liosta Ceanán** a bhfuil uait ord nua a chur air.
- 2 - Brúigh **OPTIONS**, roghnaigh **Cuir Ord Nua ar Chainéil** agus brúigh OK.
- 3 - Sa **Liosta Ceanán**, roghnaigh an cainéal a bhfuil uait é a chur in ord nua agus brúigh OK.
- 4 - Bog an cainéal go dtí an áit atá uait leis na méaracha (suas) nó (síos).
- 5 - Brúigh OK chun an suíomh nua a dhearbhu.
- 6 - Is féidir leat ord nua a chur ar chainéil ar an gcaoi chéanna go dtí go ndúnann tú an **Liosta Ceanán** leis an eochair **BACK**.

Cainéil Ceanáin

Maidir le Cainéil Ceanáin

Is féidir leat na cainéil a thaitníonn leat a bhailiú le chéile i liosta cainéal ceanáin.

Is féidir leat 4 liosta éagsúla a chruthú le haghaidh zaípeáil cainéal éasca. Is féidir leat gach Liosta Ceanán a ainmniú ina gceann agus ina gceann. Ní féidir leat ord nua a chur ar chainéil ach amháin i Liosta Ceanán.

Agus liosta cainéal roghnaithe, brúigh na saigheada **▲** (suas) nó **▼** (síos) chun cainéal a roghnú, ansin brúigh **OK** chun féachaint ar an gchainéal atá roghnaithe. Ní thiúnálann tú ach go dtí na cainéil atá sa liosta sin nuair atá na heochracha **TV+** nó **TV** — á n-úsáid agat.

Cruthaigh Liosta Ceanán

Chun liosta cainéal ceanán a chruthú...

- 1 – Brúigh **TV**, chun athrú go dtí an teilifís.
- 2 – Brúigh **OK** chun an liosta cainéal reatha a oscailt.
- 3 – Brúigh **+** **OPTIONS**.
- 4 – Roghnaigh **Cruthaigh Liosta Ceanán** agus brúigh **OK**.
- 5 – Roghnaigh cainéal ón liosta ar chlé a bhfuil uait ceanán a dhéanamh as agus brúigh **OK**. Taispeánfar cainéil sa liosta ar thaobh na láimhe deise san ord ina chuireann tú isteach iad. Roghnaigh an cainéal sa liosta ar chlé agus brúigh **OK** arís chun é a chealú.
- 6 – Más gá, is féidir leat coinneáil ort ag roghnú agus ag cur cainéil leis an liosta mar ceanáin.
- 7 – Brúigh **←** **BACK** nuair atá tú réidh ag cur cainéil leis an liosta.

Iarrfaidh an teilifís ort an **Liosta Ceanána** athainmniú. Is féidir leat an méarchlár ar an scáileán a úsáid.

- 1 – Úsáid an méarchlár ar an scáileán chun an t-ainm reatha a scríosadh agus ceann nua a chur isteach.
- 2 – Nuair atá sé sin déanta agat, roghnaigh **Dún** agus brúigh **OK**.

Athróidh an teilifís go dtí an **Liosta Ceanán** atá díreach cruthaithe.

Is féidir leat réimse cainéal a chur leis an liosta in aon ghéabh amháin nó **Liosta Ceanán** nua a thosú tríd an liosta cainéal a chóipeáil le gach cainéal agus na cainéil nach bhfuil uait a scríosadh.

Tabharfar uimhir nua do na cainéil sa **Liosta Ceanán**.

Cuir eagar ar Ceanáin

Is féidir leat **Cuir eagar ar Ceanáin** a úsáid chun raon leanúnach cainéal a chur le **Liosta Ceanán** ag an am céanna.

Chun réimse cainéal a chur leis an liosta...

- 1 – Oscail an **Liosta Ceanán** san áit a bhfuil tú ag iarraidh na cainéil a chur isteach.
- 2 – Brúigh **+** **OPTIONS**, roghnaigh **Cuir eagar ar Ceanáin** agus brúigh **OK**.
- 3 – Roghnaigh céad chainéal an réimse sa liosta ar chlé a bhfuil uait é a chur leis an liosta agus brúigh **OK**.
- 4 – Brúigh **▼** (síos) chun cainéal deireanach an réimse a bhfuil uait é a chur leis an liosta a roghnú. Tá na cainéil marcáilte ar chlé.
- 5 – Brúigh **OK** chun an réimse cainéal seo a chur leis an liosta agus chun é a dhearbhu.

Is féidir leat freisin tús a chur le **Liosta Ceanán** ó **Cuir eagar ar Ceanáin**.

Liosta Ceanán a Athainmniú

Ní féidir leat ach **Liosta Ceanán** a athainmniú.

Chun **Liosta Ceanán** a athainmniú...

- 1 – Oscail an **Liosta Ceanán** a bhfuil uait é a athainmniú.
- 2 – Brúigh **+** **OPTIONS**, roghnaigh **Athainmnigh Liosta Ceanán** agus brúigh **OK**.
- 3 – Úsáid an méarchlár ar an scáileán chun an t-ainm reatha a scríosadh agus ceann nua a chur isteach.
- 4 – Nuair atá sé sin déanta agat, roghnaigh **Dún** agus brúigh **OK**.
- 5 – Brúigh **←** **BACK** chun an liosta cainéal a dhúnadh.

Bain Liosta Ceanán as

Ní féidir leat ach **Liosta Ceanán** a bhaint as.

Chun **Liosta Ceanán** a bhaint as...

- 1 – Oscail an **Liosta Ceanán** a bhfuil uait é a bhaint as.
- 2 – Brúigh **+** **OPTIONS**, roghnaigh **Bain Liosta Ceanán as** agus brúigh **OK**.
- 3 – Dearbhaigh chun an liosta a bhaint as.
- 4 – Brúigh **←** **BACK** chun an liosta cainéal a dhúnadh.

Ord Cainéal a athrú

Ní féidir leat ord cainéal athrú (athordaigh) ach amháin i **Liosta Ceanán**.

Chun an seicheamh cainéal a athrú...

- 1 – Oscail an **Liosta Ceanán** a bhfuil uait ord nua a chur air.
- 2 – Brúigh **+ OPTIONS** , roghnaigh **Cuir Ord Nua ar Chainéil** agus brúigh **OK**.
- 3 – Sa **Liosta Ceanán**, roghnaigh an cainéal a bhfuil uait é a chur in ord nua agus brúigh **OK**.
- 4 – Bog an cainéal go dtí an áit atá uait leis na méaracha **▲** (suas) nó **▼** (síos).
- 5 – Brúigh **OK** chun an suíomh nua a dhearbhu.
- 6 – Is féidir leat ord nua a chur ar chainéil ar an gcaoi chéanna go dtí go ndúnann tú an **Liosta Ceanán** leis an eochair **← BACK**.

Liosta Ceanán ar an Eolaire Teilifíse

Is féidir leat an tEolaire Teilifíse a nascadh le do **Liosta Ceanán**.

- 1 – Agus tú ag féachaint ar chainéal teilifíse, déan brúfada ar **⏮ > Roghnaigh Liosta Cainéal**.
- 2 – Roghnaigh **Liosta Ceanán** agus brúigh **OK**.
- 3 – Brúigh **⏮ TV GUIDE** chun é a oscailt.

Is féidir leat liosta de na cláir reatha agus iad siúd atá sceidealta ar do chainéil cheanáin a fheiceáil leis an Eolaire Teilifíse. Chomh maith le do do chainéil cheanáin, cuirfear na 3 cainéal is mó a úsáidtear ó liosta réamhshainithe an chraoltóra le liosta do chainéal ceanán. Ní mór duit na cainéil seo a chur le do liosta ceanán chun é a chumasú (féach ar an gcaibidil "Eolaire Teilifíse").

Tá greille "An raibh a fhios agat" ar gach leathanach den Eolaire Teilifíse ar do liosta cainéal ceanán. Tugann an cainéal "An raibh a fhios agat?" leideanna úsáideacha faoin gcaoi a n-úsáideann tú do theilifís a .

5.6

Téacs / Teilithéacs

Leathanaigh Téacs

Chun Téacs/Teilithéacs a oscailt, brúigh **TEXT**, agus tú ag féachaint ar chainéil teilifíse. Chun Téacs a dhúnadh, brúigh **TEXT** arís.

Roghnaigh leathanach téacs

Chun leathanach a roghnú... .

- 1 – Cuir isteach uimhir an leathanaigh leis na heochracha uimhreacha.

- 2 – Úsáid na heochracha saighde chun nascleanúint.
- 3 – Brúigh eochair datha chun ábhar atá dathchódaithe a roghnú ag bun an scáileáin.

Foleathanaigh téacs

Tá roinnt foleathanach in ann a bheith ag leathanach téacs. Taispeántar uimhreacha na bhfoleathanach ar bharr in aice le huimhir an phríomhleathanaigh. Chun foleathanach a roghnú, brúigh **◀ nó ▶**.

T.O.P. Leathanaigh téacs

Tairgeann roinnt craoltóirí Téacs T.O.P. Téacs. Chun T.O.P. a oscailt. Leathanaigh Téacs laistigh de Théacs, brúigh **+ OPTIONS** agus roghnaigh T.O.P. **Forbhreathnú**.

Téacs a chuardach

Is féidir leat focal a roghnú agus Téacs a scanadh le haghaidh gach ásc den fhocal sin.

- 1 – Oscail leathanach Téacs agus brúigh **OK**.
- 2 – Roghnaigh focal nó uimhir leis na méaracha saighde.
- 3 – Brúigh **OK** arís chun dul díreach go dtí an chéad ásc eile den fhocal nó den uimhir sin.
- 4 – Brúigh **OK** arís chun dul go dtí an chéad ásc eile.
- 5 – Chun an cuardach a stopadh, brúigh **▲** (suas) go dtí nach bhfuil aon rud roghnaithe.

Téacs ó ghléas nasctha

Tá roinnt gléasanna atá in ann glacadh le cainéil teilifíse in ann Téacs a thairsicint chomh maith. Chun Téacs a oscailt ó ghléas nasctha. . .

- 1 – Brúigh **➡ SOURCES** roghnaigh an gléas agus brúigh **OK**.
- 2 – Agus tú ag féachaint ar chainéal ar an ngléas, brúigh **+ OPTIONS** , roghnaigh **Taispeáin eochracha an Ghléis** agus roghnaigh an eochair **⏮** agus brúigh **OK**.
- 3 – Brúigh **← BACK** chun na heochracha gléis a chur i bhfolach.
- 4 – Chun Téacs a dhúnadh, brúigh **← BACK** arís.

Téacs (Ríocht Aontaithe amháin)

Tairgeann roinnt craoltóirí teilifíse digití Téacs Digiteach nó teilifís idirghníomhach ar a gcainéil dhigiteacha teilifíse. Áirítear leis seo gnáth-Théacs a úsáidtear leis na heochracha uimhreacha, dathanna agus nascleanúna chun roghanna a dhéanamh agus chun bogadh.

Chun Téacs Digiteach a dhúnadh, brúigh **← BACK**.

* Ní féidir teilithéacs a fháil ach amháin nuair atá na cainéil suiteáilte go díreach ar thiúnóir inmheánach na teilifíse agus nuair atá Mód teilifíse air. Má tá bosca bairr á úsáid, ní bheidh fáil ar an teilithéacs tríd an teilifís. Sa chás sin, is féidir teilithéacs an bhosca bhairr a úsáid ina áit.

Roghanna Téacs

Brúigh **+** **OPTIONS** in Téacs/Teilitéacs chun na rudaí seo a leanas a roghnú...

• Reoigh leathanach / Díreigh leathanach

Chun rothlú uathoibríoch foleathanach a thosú nó a stopadh.

• Déscáileán / Scáileán iomlán

Chun an cainéal teilifíse agus Téacs a thaispeáint in aice a chéile.

• Forbhreathnú ar T.O.P. overview

Chun T.O.P. a oscailt. Téacs.

• Méadaigh / Gnáth-amharc

Chun an leathanach Téacs a mhéadú le go mbeidh sé éasca é a léamh.

• Nochtaigh

Chun eolas atá i bhfolach ar an leathanach a thaispeáint.

• Timthriall Fo-leathanach

Chun fo-leathanaigh a thimthriall nuair atá fáil orthu .

• Teanga

Chun an grúpa carachtar a mbaineann Téacs úsáid astu chun taispeáint i gceart a athrú.

• Téacs 2.5

Chun Téacs 2.5 a ghníomhachtú le haghaidh tuilleadh dathanna agus grafaicí níos fearr.

Téacs a Shuiteáil

Teanga théacs

Tá roinnt teangacha Téacs ar fáil ag roinnt craoltóirí teilifíse digitií.

Chun do theanga Téacs phríomhúil agus tánaisteach a shocrú. . .

1 - Roghnaigh  **Socruithe** > Réigiúin agus Teanga agus brúigh  (deas) chun an roghchlár a oscailt.

2 - Roghnaigh **Teanga** > **Téacs**

Príomhúil nó **Téacs Tánaisteach** agus brúigh **OK**.

3 - Roghnaigh na teangacha Téacs is fearr leat.

4 - Brúigh  (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Téacs 2.5

Má tá sé ar fáil, tairgeann Text 2.5 níos mó dathanna agus grafaicí níos fearr. Gníomhachtaítear Téacs 2.5 mar ghnáthshocrú monarchan.

Chun Téacs 2.5 a chasadh as...

1 - Brúigh **TEXT**.

2 - Nuair atá Téacs/Teilitéacs oscailte ar an scáileán, brúigh **+OPTIONS**.

3 - Roghnaigh **Téacs 2.5** > **As** agus brúigh **OK**.

4 - Brúigh  (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

5.7

Teilifís Idirghníomhach

Maidir le iTV

Cuireann roinnt craoltóirí digiteacha a ngnáthchlár teilifíse isteach le leathanaigh eolais nó siamsaíochta i gcás teilifíse idirghníomhaí. Ar roinnt leathanach, is féidir leat freagra a thabhairt do chlár nó vótáil, siopadóireacht ar líne a dhéanamh nó íoc as físeán-ar-éileamh.

HbbTV, MHEG, . . .

Baineann craoltóirí úsáid as córais teilifíse idirghníomhacha éagsúla: HbbTV (Teilifís Leathanbhanda Chraolta Hibrideach) nó iTV (Teilifís Idirghníomhach - MHEG). Tagraítear do Theilifís Idirghníomhach ó am go chéile mar Théacs Digiteach nó cnaipe Dearg. Ach is córas ar leith gach córas.

Téigh go dtí láithreán gréasáin an chraoltóra chun tuilleadh eolais a fháil.

A bhfuil de dhíth ort

Ní féidir teilifís Idirghníomhach a fháil ach ar chainéil teilifíse digitií. Chun leas a bhaint as na tairbhí iomlána a bhaineann le teilifís Idirghníomhach, teastaíonn nasc ardluais (leathanbhanda) Idirlín don teilifís.

HbbTV

Má thairgeann cainéal teilifíse leathanaigh HbbTV, ní mór duit HbbTV a chasadh air ar dtús i socruithe na teilifíse chun féachaint ar na leathanaigh.

 **Socruithe** > **Socruithe** ginearálta > **Ardsocruithe** > **Socruithe HbbTV** > **HbbTV** > **Air**.

Úsáid iTV

Oscail leathanaigh iTV

Tugann an chuid is mó de na cainéil a thairgeann HbbTV nó iTV cuireadh duit an eochair datha  (dearg) a bhrú nó an eochair **OK** chun a gclár idirghníomhach a oscailt.

Gluaiseacht ar leathanaigh iTV

Is féidir leat na heochracha saighde agus datha, na heochracha uimhreach agus an eochair  **BACK** a úsáid chun bogadh trí leathanaigh iTV. Is féidir leat na heochracha  (Seinn),  (Cuir ar Sos) agus  (Stop) a úsáid chun féachaint ar fhíseáin laistigh de leathanaigh iTV.

Téacs (Ríocht Aontaithe amháin)

Chun Téacs Digiteach a oscailt, brúigh TEXT. Brúigh
← BACK chun é a dhúnadh.

Leathanaigh iTV a dhúnadh

Insíonn tromlach na leathanach iTV duit cén eochair
atá le húsáid chun dúnadh.

Chun dúnadh leathanaigh iTV a fhórsáil, athraigh go
dtí an chéad chainéal teilifíse eile agus
brúigh ← BACK.

Suiteáil Cainéal

6.1

Suiteáil Satailíte

Maidir le Suiteáil Satailítí

Suas le 4 Satailít

Is féidir leat suas le 4 satailít (4 LNBanna) a shuiteáil ar an teilifís seo. Roghnaigh díreach an líon satailítí ar mian leat iad a shuiteáil ag tús na suiteála. Éascóidh sé sin an tsuiteáil.

Unicable

Is féidir leat córas Unicable a úsáid chun an mhias aeróige a nascadh leis an teilifís. Is féidir leat Unicable a roghnú do shatailít 1 nó 2 satailít ag tús na suiteála.

MDU - Aonad Ilteaghais

Tacaíonn tiúnóirí satailíte ionsuite na teilifíse seo le MDU ar na satailítí Astra agus le Digiturk ar shatailít Eutelsat. Ní thacaítear le MDU ar Türksat.

Cuir tús leis an tSuiteáil

Cinntigh go bhfuil do mhias satailíte nasctha i gceart agus go bhfuil sé ailínithe go foirfe sula dtosóidh tú an tsuiteáil.

Chun an tsuiteáil satailíte a thosú...

1 - Roghnaigh  Socruithe > Cainéil > Suiteáil Satailíte agus brúigh **OK**. Cuir isteach do chód PIN más gá.

2 - Roghnaigh Déan cuardach do Shatailít agus brúigh **OK**.

3 - Roghnaigh Cuardaigh agus brúigh **OK**. Déan an teilifís cuardach do shatailítí.

4 - Roghnaigh Suiteáil agus brúigh **OK**. Taispeánann an teilifís an tsuiteáil satailíte reatha.

Má tá uait an tsuiteáil sin a athrú, roghnaigh **Socruithe**.

Mura bhfuil uait an tsuiteáil sin a athrú, roghnaigh **Cuardaigh**. Téigh go céim 5.

5 - Roghnaigh an líon satailítí a bhfuil uait iad a shuiteáil nó roghnaigh ceann de na córais Unicable in **Córas Suiteála**. Nuair a roghnaíonn tú Unicable, is féidir leat na hUimhreacha Banda Úsáideora a roghnú agus na Minicíochtaí Banda Úsáideora a chur isteach do gach tiúnóir. Is féidir leat roinnt sainsocruithe a athrú do gach LNB i roinnt tíortha in **Tuilleadh Socraithe**.

6 - Déanfaidh an teilifís cuardach do na satailítí atá ar fáil nuair a bheidh do mhias aeróige ailínithe.

D'fhéadfadh sé sin roinnt nóiméad a thógáil. Má aimsítear satailít, taispeánfar a hainm agus a threise glactha ar an scáileán.

7 - Nuair atá na satailítí atá uait aimsithe ag an teilifís, roghnaigh **Suiteáil**.

8 - Má thairgeann satailít **Pacáistí Cainéal**, taispeánfaidh an teilifís na pacáistí atá ar fáil don satailít sin. Roghnaigh an pacáiste atá uait. Tairgeann roinnt pacáistí suiteáil **Thapaidh** nó **Iomlán** do na cainéil atá curtha ar fáil acu, roghnaigh ceann amháin nó an ceann eile. Suiteálfaidh an teilifís na cainéil satailíte agus na stáisiúin raidió.

9 - Chun an tsuiteáil satailíte a stóráil chomh maith leis na cainéil suiteáilte agus stáisiúin raidió, roghnaigh **Críochnaigh**.

Socruithe Suiteála Satailíte

Tá na socruithe suiteála satailíte réamhshocraithe de réir tíre. Cinneann na socruithe sin an chaoi a ndéanann an teilifís cuardach agus an chaoi a suiteálann sé satailítí agus a gcainéil. Is féidir leat na socruithe sin a athrú i gcónaí.

Chun na socruithe suiteála satailíte a athrú...

1 - Cuir tús leis an tsuiteáil satailíte.

2 - Ar an scáileán ar ar féidir leat tús a chur leis an gcuardach do shatailítí, roghnaigh **Socruithe** agus brúigh **OK**.

3 - Roghnaigh an líon satailítí a bhfuil uait iad a shuiteáil nó roghnaigh ceann de na córais Unicable. Nuair a roghnaíonn tú Unicable, is féidir leat na hUimhreacha Banda Úsáideora a roghnú agus na Minicíochtaí Banda Úsáideora a chur isteach do gach tiúnóir.

4 - Nuair atá sé sin déanta agat, roghnaigh **Ar Aghaidh** agus brúigh **OK**.

5 - Ar an roghchlár Socruithe, brúigh an eochair datha  **Déanta** chun filleadh go dtí an scáileán chun tús a chur leis an gcuardach do shatailítí.

Trasfhreagróir Frithinge agus LNB

Is féidir leat na sainsocruithe don trasfhreagróir frithinge agus do gach LNB a athrú i roinnt tíortha. Ná húsáid ná athraigh na socruithe sin nuair atá teiptha ar ghnáthshuiteáil. Má tá trealamh satailíte nach bhfuil caighdeánach agat, is féidir leat na socruithe sin a úsáid chun na gnáthshocruithe a sháru. D'fhéadfadh roinnt soláthróirí luachanna don trasfhreagróir nó don LNB a thabhairt duit ar féidir leat iad a chur isteach anseo.

CAManna Satailíte

Má úsáideann tú CAM – Modúl Rochtana Coinníollai a bhfuil cárta cliste aige – chun féachaint ar chainéil satailíte, molaimid go ndéanfaí an tsuiteáil satailíte nuair atá an CAM curtha isteach sa teilifís.

Baintear úsáid as an gcuid is mó de CAManna chun cainéil a dhíscróbhadh.

Is féidir leis na CAManna is nuai (CI+ 1.3 le Próifíl Oibritheora), na cainéil satailíte a shuiteáil leo féin ar do theilifís. Tabharfaidh an CAM cuireadh duit a shatailít(i) agus cainéil a shuiteáil. Ní hamháin go suiteálann agus ndíscróbhann na CAManna seo na cainéil ach láimhseálann siad nuashonruithe cainéal rialta freisin.

Pacáistí Cainéal

Is féidir le hoibritheoirí satailíte pacáistí cainéal a thairiscint a chuachann cainéil shaora agus a thairgeann sórtáil a fheileann do thír. Tairgeann roinnt satailítí pacáistí suibscríbhíne – cnuasach cainéal a n-íocann tú astu.

Má roghnaíonn tú pacáiste suibscríbhíne, d'fhéadfadh an teilifís iarraidh ort Mearshuiteáil nó Suiteáil Iomlán a roghnú.

Roghnaigh **Mear** chun cainéil an phacáiste amháin a shuiteáil nó roghnaigh **Iomlán** chun an pacáiste agus gach cainéal eile atá ar fáil a shuiteáil freisin. Molaimid suiteáil Thapaidh i gcás pacáistí suibscríbhíne. Má tá satailít breise agat nach cuid de do phacáiste suibscríbhíne iad, molaimid suiteáil Iomlán. Cuirtear gach cainéal suiteáilte sa liosta cainéal Gach Cainéal.

Suiteáil Unicable

An Córas Unicable

Is féidir leat córas Chábla Singil, MDU nó córas Unicable a úsáid chun an mhias aeróige a nascadh leis an teilifís. Úsáideann córas Chábla Singil cábla amháin chun an mhias satailíte a nascadh le gach tiúnóir satailíte ina chóras. Is iondúil go n-úsáidfear córas Chábla Singil i bhfoirgnimh árasán. Má úsáideann tú córas Unicable, iarrfaidh an teilifís ort uimhreacha banda úsáideora agus minicíochtaí comhfhreagracha a shannadh i rith na suiteála. Is féidir leat 1 nó 2 satailít a shannadh le Unicable ar an teilifís seo.

Má thugann tú faoi deara go bhfuil roinnt cainéal ar iarraidh i ndiaidh suiteáil Unicable, tá an seans ann go ndearnadh suiteáil eile ag an am céanna ar an gcóras Unicable. Déan an tsuiteáil arís chun na cainéil atá ar iarraidh a shuiteáil.

* Tabhair faoi deara: tacaíonn sé le córais unicable EN 50494 amháin.

Uimhir Bhanda Úsáideora

I gcóras Unicable, ní mór uimhir a bheith ag gach tiúnóir satailíte nasctha (e.g. 0, 1, 2 nó 3 etc.).

Is féidir leat na bandaí úsáideora atá ar fáil mar aon lena n-uimhir a fháil ar an lascbhosca Unicable. Giorraítear banda úsáideora uaireanta do UB. Tá lascbhoscaí Unicable ann a thairgeann 4 nó 8 banda úsáideora. Má roghnaíonn tú Unicable sna socruithe, iarrfaidh an teilifís ort an uimhir banda úsáideora uathúil dá ghlacadóir satailíte ionsuite a shannadh. Ní féidir an uimhir banda úsáideora chéanna a bheith ag glacadóir satailíte amháin is atá ag glacadóir satailíte eile sa chóras Unicable.

Minicíocht Bhanda Úsáideora

Chomh maith leis an uimhir banda úsáideora uathúil, tá minicíocht an uimhir banda úsáideora atá roghnaithe ag teastáil ón nglacadóir satailíte ionsuite. Taispeántar na minicíochtaí sin den chuid is mó in aice leis an uimhir banda úsáideora ar lascbhosca Unicable.

Nuashonrú Cainéal de Láimh

Is féidir leat nuashonrú cainéal a thosú tú féin i gcónaí.

Chun nuashonrú cainéal a thosú de láimh...

- 1 - Roghnaigh  Socruithe > Cainéil > Suiteáil Satailíte agus brúigh OK.
- 2 - Roghnaigh Cuardaigh cainéal agus brúigh OK.
- 3 - Roghnaigh Nuashonraigh Cainéil agus brúigh OK. Tosóidh nuashonrú ar an teilifís. D'fhéadfadh an nuashonrú roinnt nóiméad a thógáil.
- 4 - Lean na treoracha ar an scáileán. D'fhéadfadh an nuashonrú roinnt nóiméad a thógáil.
- 5 - Roghnaigh Críochnaigh agus brúigh OK.

Cuir satailít leis an liosta

Is féidir leat satailít bhreise a chur le do shuiteáil satailíte reatha. Ní dhéanann sé aon difríocht do na satailítí suiteáilte ná dá gcainéil. Ní cheadaíonn roinnt oibritheoirí satailíte duit satailít a chur leis an liosta.

Ba cheart caitheamh leis an satailít bhreise mar rud breise. Ní hé do phríomhshuibscríbhinn satailíte é ná an phríomhshatailít a bhfuil a pacáiste cainéal á úsáid agat. Chuirfeá an 4ú satailít leis an liosta nuair atá 3 shatailít suiteáilte agat cheana féin. Má tá 4 shatailít

suiteáilte agat cheana féin, d'fhéadfá breithniú a dhéanamh ar cheann a bhaint as chun go mbeifeá in ann satailít nua a shuiteáil.

Suiteáil

Mura bhfuil ach 1 nó 2 satailít suiteáilte agat, tá an seans ann nach ligfidh na socruithe suiteála reatha duit satailít bhreise a chur leis an liosta. Má chaitheann tú na socruithe suiteála a athrú, ní mór duit an tsuiteáil satailíte a athdhéanamh ina iomlán. Ní féidir leat Cuir satailít leis an liosta a úsáid má tá athrú socruithe ag teastáil.

Chun satailít a chur leis an liosta...

- 1 - Roghnaigh  Socruithe > Cainél > Suiteáil Satailíte agus brúigh OK.
- 2 - Roghnaigh Déan cuardach do shatailít agus brúigh OK.
- 3 - Roghnaigh Cuir Satailíte leis an liosta agus brúigh OK. Taispeánfar na satailítí reatha.
- 4 - Roghnaigh Cuardaigh agus brúigh OK. Déanann an teilifís cuardach do shatailítí nua.
- 5 - Má tá satailít amháin nó níos mó aimsithe ag an teilifís, roghnaigh Suiteáil agus brúigh OK. Suiteálann an teilifís cainél na satailítí a aimsíodh.
- 6 - Roghnaigh Críochnaigh agus brúigh OK chun na cainéil agus na stáisiúin raidió a stóráil.

Satailít a Bhaint as

Is féidir leat satailít amháin nó níos mó a bhaint as ó do shuiteáil satailíte reatha. Baineann tú an tsatailít agus a cainél as. Tá roinnt oibritheoirí satailíte ann nach gceadaíonn satailít a bhaint as.

Chun satailítí a bhaint as...

- 1 - Roghnaigh  Socruithe > Cainél > Suiteáil Satailíte agus brúigh OK.
- 2 - Roghnaigh Déan cuardach do shatailít agus brúigh OK.
- 3 - Roghnaigh Bain Satailít as agus brúigh OK. Taispeánfar na satailítí reatha.
- 4 - Roghnaigh satailít agus brúigh OK chun iad a mharcáil le haghaidh a mbainte as.
- 5 - Brúigh  (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Suiteáil de Láimh

Is do shainúsáideoirí atá Suiteáil de Láimh dírithe.

Is féidir leat Suiteáil de Láimh a úsáid chun cainél nua a chur leis an liosta go tapaigh ó thrasfhreagróir satailíte. Ní mór minicíocht agus polarú an trasfhreagróra a bheith ar eolas agat. Suiteálfaidh an teilifís gach cainéal ón trasfhreagróir sin. Má suiteáladh an trasfhreagróir cheana, bogfar gach ceann dá chainéil - na cinn a bhí ann cheana agus na

cinn nua - go dtí deireadh an liosta cainéal Gach Cainéal.

Ní féidir leat Suiteáil de láimh a úsáid má theastaíonn uait líon na satailítí a athrú. Má tá gá leis seo, ní mór duit suiteáil iomlán a dhéanamh le Suiteáil Satailítí.

Chun trasfhreagróir a shuiteáil...

- 1 - Roghnaigh  Socruithe > Cainél > Suiteáil Satailíte agus brúigh OK.
- 2 - Roghnaigh Suiteáil de Láimh agus brúigh  (deas) chun an roghchlár a oscailt.
- 3 - Má tá níos mó ná 1 satailít suiteáilte agat, roghnaigh an LNB a bhfuil uait cainél a chur leis.
- 4 - Socraigh an Polarú atá ag teastáil uait. Má shocraíonn tú an Mód Ráta Siombaile do De Láimh, is féidir leat an Ráta siombaile a chur isteach de láimh.
- 5 - Brúigh na saigheada  (suas) nó  (síos) chun an mhinicíocht a athrú, agus roghnaigh Déanta.
- 6 - Roghnaigh Cuardaigh agus brúigh OK. Taispeánfar neart an chomhartha ar an scáileán.
- 7 - Má tá uait cainéil trasfhreagróra nua a stóráil, roghnaigh Stóráil agus brúigh OK.
- 8 - Brúigh  (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Trasfhreagróir Frithinge agus LNB

Is féidir leat na sainsocruithe don trasfhreagróir frithinge agus do gach LNB a athrú i roinnt tíortha. Ná húsáid ná athraigh na socruithe sin nuair atá teiptha ar ghnáthshuiteáil. Má tá trealamh satailíte nach bhfuil caighdeánach agat, is féidir leat na socruithe sin a úsáid chun na gnáthshocruithe a sháru. D'fhéadfadh roinnt soláthróirí luachanna don trasfhreagróir nó don LNB a thabhairt duit ar féidir leat iad a chur isteach anseo.

Cumhacht LNB

Is é Uathoibríoch an réamhshocrú do Chumhacht LNB.

Ton 22 kHz

Is é Uathoibríoch an réamhshocrú do Thon.

Minicíocht Íseal LO/ Minicíocht Ard LO

Socraítear minicíochtaí an ascaltóra áitiúil do luachanna caighdeánacha. Ná hathraigh na luachanna ach amháin i gcás trealaimh eisceachtúil a bhfuil luachanna éagsúla ag teastáil uaidh.

Fabhtcheartú

Ní féidir leis an teilifís na satailítí atá uaim a aimsiú nó suiteálann an teilifís an tsatailít chéanna faoi dhó

- Cinntigh go bhfuil an líon ceart satailítí socraithe i Socruithe ag tús na suiteála. Is féidir leat an teilifís a shocrú chun cuardach a dhéanamh do shatailít amháin, dhá shatailít nó 3/4 shatailít.

Ní féidir le LNB déchnoga an dara satailít a aimsiú

- Má aimsíonn an teilifís satailít amháin ach mura féidir leis an dara ceann a aimsiú, cas an mhias cúpla céim. Ailínigh an mhias chun an comhartha is treise a fháil don chéad satailít. Seiceáil táscaire treise comhartha an chéad satailít ar an scáileán. Nuair atá an chéad satailít socraithe ag an gcomhartha is treise, roghnaigh Déan cuardach arís chun an dara satailít a aimsiú.
- Cinntigh go bhfuil na socruithe athraithe go Dhá shatailít.

Níor réitíodh m'fhadhb nuair a athraíodh na socruithe suiteála

- Ní stóráltar aon socrú, satailít nó cainéal go dtí deireadh na suiteála nuair a chríochnaíonn tú.

Tá gach cainéal satailíte imithe.

- Má tá córas Unicable in úsáid agat, cinntigh gur shann tú dhá uimhir banda uathúla sna socruithe Unicable don dá thiúnóir ionsuite. D'fhéadfadh glacadóir satailíte eile i do chóras Unicable a bheith ag úsáid an uimhir banda úsáideora chéanna.

Tá an chosúlacht air go bhfuil roinnt cainéal satailíte imithe ó liosta na gcainéal.

- Má tá an chosúlacht air go bhfuil roinnt cainéal imithe nó san áit mhícheart, d'fhéadfadh suíomh trasfhreagróra na gcainéal sin a bheith athraithe ag an gcraoltóir. Is féidir leat triail a bhaint as nuashonrú ar an bpacáiste cainéal chun suíomhanna na gcainéal a chur ar ais.

Ní féidir liom satailít a bhaint as

- Ní ligeann pacáistí suibscríbhíne duit satailít a bhaint as. Chun an tsatailít a bhaint as, ní mór duit suiteáil iomlán a dhéanamh arís agus pacáiste eile a roghnú.

Bíonn an ghlacacht lag ó am go chéile

- Cinntigh go bhfuil an mhias satailíte gléasta go daingean agat. Tá gaotha láidre in ann an mhias a bhogadh.
- Tá sneachta agus báisteach in ann an glacadh a dhighrádú.

6.2

Suiteáil Aeróige

Nuashonraigh Cainéil

Uasdátú Cainéil Uathoibríoch

Má fhaigheann tú cainéil dhigiteacha, is féidir leat an teilifís a shocrú chun na cainéil seo a nuashonrú go huathoibríoch.

Déanann an teilifís nuashonrú ar na cainéil agus stóráilann sé cainéil nua uair amháin in aghaidh an lae, ag 7 AM. Stóráltar cainéil nua sa Liosta Cainéal agus marcáltar iad le ★. Baintear cainéil atá gan chomhartha as. Ní mór don teilifís a bheith ar Fuireachas chun cainéil a nuashonrú go huathoibríoch. Is féidir leat Nuashonrú Cainéal Uathoibríoch a chasadh as.

Chun an nuashonrú uathoibríoch a chasadh as...

- 1 - Roghnaigh  Socruithe > Cainéil > Suiteáil Aeróige/Cábla nó Suiteáil Aeróige agus brúigh OK.
- 2 - Cuir isteach do chód PIN más gá.
- 3 - Roghnaigh Nuashonrú Cainéal Uathoibríoch agus brúigh OK.
- 4 - Roghnaigh As agus brúigh OK.
- 5 - Brúigh ⬅ (clé) chun dul siar céim amháin nó brúigh ⬅ BACK chun an roghchlár a dhúnadh.

Nuair a aimsítear cainéil nua nó má dhéantar nuashonrú ar chainéil nó má bhaintear as iad, taispeántar teachtaireacht ar an teilifís nuair a chastar air í. Is féidir leat an teachtaireacht sin a chasadh as ionas nach dtaispeánfar í i ndiaidh gach nuashonrú cainéal.

Chun an teachtaireacht a chasadh as...

- 1 - Roghnaigh  Socruithe > Cainéil > Suiteáil Aeróige/Cábla nó Suiteáil Aeróige agus brúigh OK.
- 2 - Cuir isteach do chód PIN más gá.
- 3 - Roghnaigh Teachtaireacht Nuashonrú Cainéal agus brúigh OK.
- 4 - Roghnaigh As agus brúigh OK.
- 5 - Brúigh ⬅ (clé) chun dul siar céim amháin nó brúigh ⬅ BACK chun an roghchlár a dhúnadh.

Déantar an Nuashonrú cainéal uathoibríoch i roinnt tíortha nuair atáthar ag féachaint ar an teilifís nó uair ar bith nuair atá an teilifís ar Fuireachas.

Nuashonrú Cainéal de Láimh

Is féidir leat nuashonrú cainéal a thosú tú féin i gcónaí.

Chun nuashonrú cainéal a thosú de láimh...

- 1 - Roghnaigh  Socruithe > Cainéil > Suiteáil Aeróige/Cábla nó Suiteáil Aeróige agus brúigh OK.
- 2 - Cuir isteach do chód PIN más gá.

- 3 – Roghnaigh Cuardaigh cainéal agus brúigh OK.
- 4 – Roghnaigh Tosaigh agus brúigh OK.
- 5 – Roghnaigh Nuashonraigh Cainéil Dhigiteacha, roghnaigh Ar Aghaidh agus brúigh OK.
- 6 – Roghnaigh Tosaigh agus brúigh OK chun na cainéil dhigiteacha a nuashonrú. D'fhéadfadh sé sin roinnt nóiméad a thógáil.
- 7 – Brúigh ⬅ (clé) chun dul siar céim amháin nó brúigh ⬅ BACK chun an roghchlár a dhúnadh.

Athshuiteáil Cainéil

Athshuiteáil Gach Cainéal

Is féidir leat gach cainéal a athshuiteáil agus gach socrú teilifíse eile a fhágáil mar atá.

Má tá cód PIN socraithe, beidh ort an cód seo a chur isteach sular féidir leat cainéil a athshuiteáil.

Chun cainéil a athshuiteáil...

- 1 – Roghnaigh ⚙️Socruithe > Cainéil > Suiteáil Aeróige/Cábala nó Suiteáil Aeróige agus brúigh OK.
- 2 – Cuir isteach do chód PIN más gá.
- 3 – Roghnaigh Cuardaigh cainéal agus brúigh OK.
- 4 – Roghnaigh Tosaigh agus brúigh OK.
- 5 – Roghnaigh Athshuiteáil Cainéil, roghnaigh Ar Aghaidh agus brúigh OK.
- 6 – Roghnaigh an tír ina bhfuil tú anois agus brúigh OK.
- 7 – Roghnaigh Ar Aghaidh agus brúigh OK.
- 8 – Roghnaigh an cineál suiteála atá uait, Aeróg (DVB-T) nó Cábla (DVB-C) agus brúigh OK.
- 7 – Roghnaigh Ar Aghaidh agus brúigh OK.
- 10 – Roghnaigh na cineáil cainéal atá uait, Cainéil Dhigiteacha agus Analógacha nó Cainéil Dhigiteacha Amháin agus brúigh OK.
- 7 – Roghnaigh Ar Aghaidh agus brúigh OK.
- 12 – Roghnaigh Tosaigh agus brúigh OK chun na cainéil dhigiteacha a nuashonrú. D'fhéadfadh sé sin roinnt nóiméad a thógáil.
- 13 – Brúigh ⬅ (clé) chun dul siar céim amháin nó brúigh ⬅ BACK chun an roghchlár a dhúnadh.

Athshuiteáil an teilifís

Is féidir leat suiteáil iomlán teilifíse a dhéanamh arís. Déanfar an teilifís a athshuiteáil go hiomlán.

Chun suiteáil iomlán teilifíse a athdhéanamh...

- 1 – Roghnaigh ⚙️Socruithe > Socruithe ginearálta > Athshuiteáil teilifís agus brúigh OK.
- 2 – Cuir isteach do chód PIN más gá.
- 3 – Roghnaigh Tá agus brúigh OK chun dearbhú.
- 4 – Athshuiteálfar an teilifís go hiomlán. Déanfar gach socrú agus cainéal a athshuiteáil. D'fhéadfadh an tsuiteáil roinnt nóiméad a thógáil.
- 5 – Brúigh ⬅ (clé) chun dul siar céim amháin nó

brúigh ⬅ BACK chun an roghchlár a dhúnadh.

Socruithe DVB

Glacacht DVB-T nó DVB-C

Roghnaigh tú Aeróg (DVB-T) nó Cábla (DVB-C) i rith na suiteála cainéal, díreach sula ndearna tú an cuardach cainéal. Déanann Aeróg DVB-T/T2 cuardach do cainéil analógacha thrastíre agus cainéil DVB-T/T2 dhigiteacha. Déanann Cábla DVB-C cuardach do chainéil analógacha agus dhigiteacha atá ar fáil ó oibritheoir cábla DVB-C.

Suiteáil cainéal DVB-C

Ar mhaithe le héascaíocht, tá gach socrú DVB-C socraithe go huathoibríoch.

Más rud é gur thug do sholáthróir DVB-C luachanna sonracha DVB-C duit, ID an líonra nó minicíocht an líonra, cuir na luachanna sin isteach nuair a iarrann an teilifís ort i rith suiteála.

Coinbhleacht maidir le hUimhreacha Cainéal

D'fhéadfadh an uimhir cainéil chéanna a bheith ag cainéil teilifíse éagsúla (craoltóirí) i roinnt tíortha. Taispeánann an teilifís an liosta uimhreacha cainéal a bhfuil coinbhleachtaí ann i rith na suiteála. Ní mór duit an cainéal teilifíse a bhfuil uait é a shuiteáil ar uimhir cainéil a bhfuil roinnt cainéal teilifíse air a roghnú.

Mód Minicíochta Líonra

Má tá sé ar intinn agat an modh tapaidh Mearscanadh a úsáid chun cainéil a chuardach sa Scanadh Minicíochta, roghnaigh Uathoibríoch. Bainfidh an teilifís úsáid as 1 de na minicíochtaí líonra réamhshainithe (nó HC – cainéal frithinge) atá in úsáid ag an gcuid is mó de na hoibritheoirí cábla i do thír.

Má fuair tú luach sonrach minicíocht líonra chun cainéil a chuardach, roghnaigh De Láimh.

Minicíocht Líonra

Nuair atá an socrú De Láimh i bhfeidhm don Mhód Minicíochta Líonra, is féidir leat an luach minicíochta líonra a fuair tú ó d'oibritheoirí cábla a chur isteach anseo. Úsáid na heochracha uimhreacha chun an luach a chur isteach.

Scanadh Minicíochta

Roghnaigh an modh chun cuardach a dhéanamh do chainéil. Is féidir leat an modh níos tapúla Mearscanadh a roghnú agus na socruithe réamhshainithe atá á n-úsáid ag an gcuid is mó de na

hoibritheoirí cábla i do thír a úsáid.

Má fhágann sé sin nach mbeidh aon chainéal suiteáilte nó má tá roinnt cainéal ar iarraidh, is féidir leat an modh **Scanadh Iomlán** a úsáid. Bíonn níos mó ama ag teastáil ón modh sin chun cainéil a chuardach agus a shuiteáil.

Méid Céime Minicíochta

Déanann an teilifís cuardach do chainéil in eatraimh de **8MHz**.

Má fhágann sé sin nach mbeidh aon chainéal suiteáilte nó má tá roinnt cainéal ar iarraidh, is féidir leat cuardach a dhéanamh in eatraimh níos lú de **1MHz**. Má bhaintear úsáid as na heatraimh 1MHz, beidh níos mó ama ag teastáil chun cainéil a chuardach agus a shuiteáil.

Cainéil Dhigiteacha

Má tá a fhios agat nach bhfuil d'uibritheoir cábla ag tairiscint cainéal digiteach, ní fiú duit cuardach a dhéanamh do chainéil dhigiteacha.

Cainéil Analógacha

Má tá a fhios agat nach bhfuil d'uibritheoir cábla ag tairiscint cainéal analógach, ní fiú duit cuardach a dhéanamh do chainéil analógacha.

Saor / Scrofa

Má tá suibscríbhinn agus CAM – Modúl Rochtana Coinníollai agat le haghaidh seirbhísí teilifíse nach mór íoc astu, roghnaigh **Saor + Scrofa**. Mura bhfuil suibscríbhinn agat chun cainéil nó seirbhísí teilifíse nach mór íoc astu a fháil, is féidir leat **Cainéil in Aisce Amháin** a roghnú.

Chun tuilleadh eolais a fháil, in **Cabhair**, brúigh an eochair datha **— Eochairfhocail** agus déan cuardach do **CAM, Modúl Rochtana Coinníollai**.

Caighdeán Glacachta

Is féidir leat caighdeán agus neart comhartha chainéil d'igitigh a sheiceáil. Má tá d'aeróg féin agat, is féidir leat triail a bhaint as suíomh na haeróige a athrú chun an ghlacacht a fheabhsú.

Chun caighdeán glacachta chainéil d'igitigh a sheiceáil...

- 1 – Tiúnáil don chainéal.
- 2 – Roghnaigh **⚙️Socrúithe > Cainéil > Suiteáil**

Aeróige/Cábla nó **Suiteáil Aeróige** agus brúigh **OK**. Cuir isteach do chóid PIN más gá.

3 – Roghnaigh **Digiteach: Tástáil Glacachta** agus brúigh **OK**.

4 – Roghnaigh **Cuardaigh** agus brúigh **OK**

. Taispeánfar an mhinicíocht dhigiteach don chainéal seo.

5 – Roghnaigh **Cuardaigh** arís agus brúigh **OK** chun caighdeán comhartha na minicíochta a sheiceáil. Taispeánfar toradh na tástála ar an scáileán. Is féidir leat suíomh na haeróige a athrú nó na naisc a sheiceáil chun an ghlacacht a fheabhsú.

6 – Is féidir leat freisin an mhinicíocht a athrú tú féin. Roghnaigh an uimhir minicíochta ceann i ndiaidh a chéile agus úsáid na heochracha **▲** (suas) nó **▼** (síos) chun an luach a athrú. Roghnaigh **Cuardaigh** agus brúigh **OK** chun an ghlacacht a thástáil arís.

7 – Brúigh **◀** (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Suiteáil de Láimh

Is féidir cainéil teilifíse analógacha a shuiteáil de láimh, cainéal i ndiaidh cainéil.

Chun cainéil analógacha a shuiteáil de láimh...

1 – Roghnaigh **⚙️Socrúithe > Cainéil > Suiteáil Aeróige/Cábla** nó **Suiteáil Aeróige** agus brúigh **OK**. Cuir isteach do chóid PIN más gá.

2 – Roghnaigh **Analógach: Suiteáil de láimh** agus brúigh **OK**.

• Córas

Chun córas na teilifíse a shuiteáil, roghnaigh **Córas**. Roghnaigh do thír nó an chuid sin den domhan a bhfuil tú anois ann agus brúigh **OK**.

• Cuardaigh Cainéal

Chun cainéal a aimsiú, roghnaigh **Cuardaigh Cainéal** agus brúigh **OK**. Is féidir leat minicíocht a chur isteach tú féin chun cainéal a aimsiú nó ligint don teilifís cuardach a dhéanamh don chainéal. Brúigh **➤** (deas) chun **Cuardaigh** a roghnú agus brúigh **OK** chun cuardach a dhéanamh do chainéal go huathoibríoch. Taispeánfar an cainéal a aimseofar ar an scáileán agus má tá an ghlacacht go dona, brúigh **Cuardaigh** arís. Má tá uait an cainéal a stóráil, roghnaigh **Déanta** agus brúigh **OK**.

• Stóráil

Is féidir leat an cainéal a stóráil ar an uimhir cainéil reatha nó uimhir cainéil nua. Roghnaigh **Stóráil Cainéal Reatha** nó **Stóráil ma Chainéal Nua** agus brúigh **OK**. Taispeánfar an uimhir nua cainéal.

Is féidir leat na céimeanna seo a dhéanamh arís agus arís eile go dtí go bhfuil gach cainéal teilifíse analógach aimsithe agat.

Cóipeáil Liosta Cainéal

Réamheolas

Is do dhíoltóirí agus do shainúsáideoirí amháin atá Cóipeáil Liosta Cainéal beartaithe.

Is féidir leat na cainéil atá suiteáilte ar theilifís amháin a chóipeáil go dtí teilifís Philips eile den déanamh céanna le Cóipeáil Liosta Cainéal. Seachnaíonn tú cuardach cainéal fada trí liosta cainéal atá réamhshainithe a uaslódáil le Cóipeáil Liosta Cainéal. Úsáid méaróg chuimhne USB a bhfuil ar a laghad 1 GB de spás saor uirthi.

Coinníollacha

- Is ón raon bliana céanna an dá teilifís.
- Tá an cineál crua-earraí céanna ag an dá teilifís. Féach ar an gcineál crua-earraí ar chlár chineál na teilifíse ar chúl na teilifíse.
- Tá leaganacha bogearraí ag an dá teilifís atá comhoiriúnach.

Leagan reatha cainéil

Chun leagan reatha an liosta cainéal a sheiceáil...

- 1 – Roghnaigh  **Socruithe > Cainéil**, roghnaigh **Cóipeáil Liosta Cainéal**, roghnaigh **Leagan Reatha** agus brúigh **OK**.
- 2 – Brúigh **OK** chun dúnadh.

Leagan bogearraí reatha

Chun leagan reatha na teilifíse a sheiceáil...

- 1 – Roghnaigh  **Socruithe > Nuashonraigh Bogearraí** agus brúigh **>** (deas) chun an roghchlár a oscailt.
- 2 – Roghnaigh **Eolas faoi Bhogearraí Reatha** agus brúigh **OK**.
- 3 – Taispeánfar an leagan, na nótaí eistithe agus an dáta cruthaithe. Taispeánfar an Uimhir ESN Netflix freisin má tá sé ar fáil.
- 4 – Brúigh **<** (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Liosta Cainéal a chóipeáil

Chun liosta cainéal a chóipeáil...

- 1 – Cas air an teilifís. Ba cheart go mbeadh cainéil suiteáilte ag an teilifís seo.
- 2 – Plugáil isteach méaróg chuimhne USB.
- 3 – Roghnaigh  **Socruithe > Cainéil > Cóipeáil Liosta Cainéal** agus brúigh **OK**.
- 4 – Roghnaigh **Cóipeáil chuig USB** agus brúigh **OK**. D'fhéadfaí iarraidh ort an cód PIN Glais Leanaí a chur isteach chun an liosta cainéal a chóipeáil.
- 5 – Nuair atá an chóipeáil déanta, bain amach pluga an mhéaróg chuimhne USB.
- 6 – Brúigh **<** (clé), arís agus arís eile, más gá, chun

an roghchlár a dhúnadh.

Is féidir leat an liosta cainéal atá cóipeáilte a uaslódáil anois go dtí teilifís Philips eile.

Leagan Liosta Cainéal

Seiceáil leagan reatha an liosta cainéal...

- 1 – Roghnaigh  **Socruithe > Cainéil** agus brúigh **>** (deas) chun an roghchlár a oscailt.
- 2 – Roghnaigh **Cóipeáil Liosta Cainéal** agus roghnaigh **Leagan Reatha**, ansin brúigh **OK**.
- 3 – Brúigh **<** (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Liosta Cainéal a Uaslódáil

Teilifíseanna nach bhfuil suiteáilte

Ag brath ar do theilifís a bheith suiteáilte cheana féin nó gan a bheith suiteáilte, ní mór duit bealach éagsúil a úsáid chun liosta cainéal a uaslódáil.

Go dtí teilifís nach bhfuil suiteáilte fós

- 1 – Plugáil isteach an pluga cumhachta chun an tsuiteáil a thosú agus roghnaigh teanga agus tír. Is féidir leat dul thar an gcuardach cainéal. Críochnaigh an tsuiteáil.
- 2 – Plugáil isteach an mhéaróg chuimhne USB a bhfuil liosta cainéal na teilifíse eile air.
- 3 – Chun tús a chur leis an uaslódáil liosta cainéal, brúigh  **Socruithe > Cainéal > Cóipeáil Liosta Cainéal > Cóipeáil chuig an teilifís** agus brúigh **OK**. Cuir isteach do chód PIN más gá.
- 4 – Cuirfidh an teilifís ar an eolas tú má chóipeáiltear an liosta cainéal go dtí an teilifís go rathúil. Bain amach an mhéaróg chuimhne USB.

Teilifíseanna Suiteáilte

Ag brath ar do theilifís a bheith suiteáilte cheana féin nó gan a bheith suiteáilte, ní mór duit bealach éagsúil a úsáid chun liosta cainéal a uaslódáil.

Go dtí teilifís atá suiteáilte cheana féin

- 1 – Fíoraigh socrú tíre na teilifíse. (Chun an socrú seo a fhíorú, féach ar an gcaibidil Athshuiteáil Gach Cainéal. Tosaigh an nós imeachta seo go dtí go mbainfidh tú an socrú tíre amach. Brúigh **<** **BACK** chun an tsuiteáil a chealú.) Má tá an tír ceart, lean ar aghaidh le céim 2. Mura bhfuil an tír ceart, ní mór duit athshuiteáil nua a dhéanamh. Féach ar an gcaibidil Athshuiteáil Gach Cainéal agus tosaigh an tsuiteáil. Roghnaigh an tír cheart agus gabh thar an gcuardach cainéil. Críochnaigh an tsuiteáil. Nuair atá sé sin déanta agat, lean ar aghaidh le céim 2.

- 2 - Plugáil isteach an mhéaróg chuimhne USB a bhfuil liosta cainéal na teilifíse eile air.
- 3 - Chun tús a chur leis an uaslódáil liosta cainéal, brúigh  Socruithe > Cainéil > Cóipeáil Liosta Cainéal > Cóipeáil chuig an teilifís agus brúigh OK. Cuir isteach do chód PIN más gá.
- 4 - Cuirfidh an teilfís ar an eolas tú má chóipeáiltear an liosta cainéal go dtí an teilifís go rathúil. Bain amach an mhéaróg chuimhne USB.

Nasc Gléasanna

7.1

Maidir le Nasc

Treoir maidir le Nascacht

Nasc gléas leis an teilifís i gcónaí leis an nasc is airde caighdeán atá ar fáil. Anuas air sin, úsáid cáblaí ar chaighdeán maith chun a chinntiú go mbeidh aistriú maith pictiúr agus fuaimeanna ann.

Nuair a nascann tú gléas, aithníonn an teilifís a chineál agus tugann sé ainm cineáil ceart do gach gléas. Is féidir leat an t-ainm cineáil a athrú más mian leat. Má shocraítear ainm cineáil ceart do ghléas, athraíonn an teilifís go huathoibríoch go dtí na socruithe teilifíse is fearr a fheileann di nuair a athraíonn tú go dtí an gléas seo sa roghchlár Foinsí.

Port aeróige

Má tá Bosca bairr (glacadóir digiteach) nó Taifeadán agat, nasc cáblaí na haeróige chun comhartha na haeróige a rith tríd an mBosca bairr agus/nó an Taifeadán i dtosach sula n-iontrálfaidh sé an teilifís. Ar an gcaoi sin, is féidir leis an aeróg agus an Bosca bairr cainéil bhreise fhéideartha a sheoladh go dtí an Taifeadán le haghaidh a dtaifeadta.

Poirt HDMI

Cáiliócht HDMI

Bíonn an caighdeán pictiúir agus fuaime is fearr ann le nasc HDMI. Bíonn na comharthaí físe agus fuaime araon le chéile in aon chábla HDMI amháin. Úsáid cábla HDMI le haghaidh comhartha teilifíse.

Úsáid cábla HDMI Ardluais chun an t-aistriú comhartha is fearr a fháil agus ná húsáid cábla HDMI níos faide ná 5 m.

Mura bhfuil gléas atá nasctha le HDMI ag obair i gceart, bain triail as socrú **HDMI Ultra HD** éagsúil chun an fhadhb a réiteach. In Cabhair, brúigh an eochair datha **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **HDMI Ultra HD**.

Cosaint ar chóipeáil

Tacaíonn poirt HDMI le HDCP 2.2 (Cosaint Ábhar Digiteach Ard-Leitheadbhandá). Is comhartha chosaint ar chóipeáil HDCP a chuireann cosc ar


chóipeáil ábhar ó dhiosca DVD nó Diosca Blu-ray. Tagraítear dó fresin mar DRM (Bainistíocht Ceart Digiteach).

HDMI ARC

Tá HDMI ARC (Cainéal Fillte Fuaime) ag gach ceann de na nasc HDMI ar an teilifís.

Má tá an nasc HDMI ARC ag an ngléas freisin, ar gnách gur Córas Amharclainne Baile (HTS) é, nasc le haon cheann de na nasc HDMI ar an teilifís seo é. Ní chaithfidh an cábla fuaime breise a sheolann fuaim na teilifíse go dtí an HTS a bheith agat nuair atá nasc HDMI ARC ann. Tá an dá chomhartha sa nasc HDMI ARC.

Is féidir leat aon nasc HDMI ar an teilifís seo a úsáid chun an HTS a nascadh ach níl ARC ar fáil ach do 1 gléas/nasc ag aon uair amháin.



HDMI CEC - EasyLink

Bíonn an caighdeán pictiúir agus fuaime is fearr ann le nasc HDMI. Bíonn na comharthaí físe agus fuaime araon le chéile in aon chábla HDMI amháin. Úsáid an cábla HDMI le haghaidh comharthaí teilifíse Ardghléine (HD). Úsáid cábla HDMI Ardluais chun an t-aistriú comhartha is fearr a fháil agus ná húsáid cábla HDMI níos faide ná 5 m.

Nasc gléasanna HDMI CEC-comhoiriúnacha le do theilifís, is féidir leat iad a oibriú le cianrialtán na teilifíse.

Ní mór EasyLink HDMI CEC a chasadh air ar an teilifís agus ar an ngléas nasctha.

Cas air EasyLink

Socruithe > Gach socrú > Socruithe ginearálta > EasyLink > EasyLink > Air.

Oibrigh gléasanna HDMI CEC-comhoiriúnacha le cianrialtán na teilifíse

Tabhair faoi deara:

- Tá an seans ann nach n-oibreoidh EasyLink le gléasanna ó bhrandaí eile.
- Tá ainmneacha éagsúla ag feidhmiúlacht HDMI CEC ar bhrandaí éagsúla. Seo roinnt samplaí: Anynet, Aquos Link, Bravia Theatre Sync, Kuro Link, Simplink agus Viera Link. Níl gach branda comhoiriúnach go hiomlán le EasyLink. Is lena n-úinéirí faoi seach ainmneacha branda HDMI CEC.

7.2

CAM le Cárta Cliste – CI+

CI+

Tá an teilifís seo réidh do Rochtain Choinníollach CI+.

Is féidir leat féachaint ar scothchláir HD, cosúil le scannáin agus cláir spóirt atá curtha ar fáil ag oibritheoirí teilifíse digití i do réigiún le CI+. Déanann an t-oibritheoir teilifíse scrobhadh ar na cláir seo agus discrobhtar iad le modúl CI+ réamhíochta. Cuireann oibritheoirí teilifíse digití modúl CI+ (Modúl Rochtana Coinníollach – CAM) ar fáil mar aon le cárta cliste a ghabhann leis, nuair a liostálann tú lena gcláir phrímhí. Bíonn ardleibhéal cosanta ar chóipeáil ag an cláir seo.

Déan teagmháil le oibritheoir teilifíse digití le haghaidh tuilleadh eolais maidir le téarmaí agus coinníollacha.



Pasfhocail agus cóid PIN

Ní mór duit cóid PIN a chur isteach i gcás roinnt CAManna chun féachaint ar a chainéil. Nuair a shocraíonn tú an cóid PIN don CAM, molaimid duit an cóid céanna a úsáid is atá in úsáid agat chun an teilifís a dhíghlasáil.

Chun an cóid PIN a shocrú don CAM...

- 1 – Brúigh **SOURCES**.
- 2 – Clíceáil ar an gcineál cainéil atá á úsáid agat don CAM do Féach ar theilifís.
- 3 – Brúigh **+ OPTIONS** agus roghnaigh Comhéadan Coiteann.
- 4 – Roghnaigh oibritheoir teilifíse an CAM. Is ón

oibritheoir teilifíse a thagann na scáileáin seo a leanas. Lean na treoracha ar an scáileán chun an cóid PIN a fháil.

7.3

Córas Amharclainne Baile – HTS

Nasc le HDMI ARC

Úsáid an cábla HDMI chun Córas Amharclainne Baile (HTS) a nascadh leis an teilifís. Is féidir leat Philips Soundbar a nascadh nó HTS a bhfuil seinnteoir diosca ionsuite aige.

HDMI ARC

Má tá nasc HDMI ARC ag do Chóras Amharclainne Baile, is féidir leat aon nasc HDMI ar an teilifís a úsáid chun nascadh. Ní gá an cábla fuaime breise a nascadh nuair atá HDMI ARC ann. Tá an dá chomhartha istigh leis an nasc HDMI ARC. Tá gach nasc HDMI ar an teilifís in ann an comhartha Cainéal Fíllte Fuaime (ARC) a thairiscint. Ach a thúsce is atá an Córas Amharclainne Baile nasctha agat, ní féidir leis an teilifís ach an comhartha ARC a sheoladh chuig an nasc HDMI seo.

Sioncronú fuaime go físe (sionc)

Mura meaitseálann an fhuaim an fhís ar an scáileán, is féidir leat moill a shocrú ar an gcuid is mó de Chórais Amharclainne Baile a bhfuil seinnteoir diosca acu chun an fhuaim a mheaitseáil leis an fhís.

Nasc le HDMI

Úsáid an cábla HDMI chun Córas Amharclainne Baile (HTS) a nascadh leis an teilifís. Is féidir leat Philips Soundbar a nascadh nó HTS a bhfuil seinnteoir diosca ionsuite aige.

Mura bhfuil aon nasc HDMI ARC ag an gCóras Amharclainne Baile, úsáid cábla fuaime optúil (Toslink) chun fuaim na teilifíse a sheoladh go dtí an Córas Amharclainne Baile.

Sioncronú fuaime go físe (sionc)

Mura meaitseálann an fhuaim an fhís ar an scáileán, is féidir leat moill a shocrú ar an gcuid is mó de Chórais Amharclainne Baile a bhfuil seinnteoir diosca acu chun an fhuaim a mheaitseáil leis an fhís.

Fadhbanna le fuaim HTS

Fuaim le torann ard

Má fhéachann tú ar fhíseán ó mhéaróg chuimhne USB atá plugáilte isteach nó ríomhaire nasctha, d'fhéadfadh an torann ó do Chóras Amharclainne Baile a bheith díchumtha. Cloistear an torann sin nuair atá fuaim DTS ag an gcomhad fuaim nó físeán ach gan próiseáil fuaim DTS a bheith ag an gCóras Amharclainne Baile. Is féidir leat caoi a chur air sin trí Formáid Dhigiteach Amach na teilifíse a athrú go Steiréo.

Roghnaigh  Socruithe

> Fuaim > Ardsocruithe > Formáid Fuaim Amach.

Níl aon fhuaim ann

Mura bhfuil tú in ann an fhuaim a chloisteáil ón teilifís ar do Chóras Amharclainne Baile, seiceáil ar nasc tú an cábla HDMI le nasc HDMI ARC ar an gCóras Amharclainne Baile. Is nasc HDMI ARC gach nasc HDMI ar an teilifís.

7.4

Fóin Chliste agus Táibléid

Chun fón cliste nó taibléad a nascadh leis an teilifís, is féidir leat nasc gan sreang nó sreangaithe a úsáid. I gcás naisc gan sreang, íoslódáil an Philips TV Remote App ó shiopa feidhmchlár go dtí d'fhón cliste nó do thaibléad.

7.5

Seinnteoir Diosca Blu-ray

Úsáid cábla HDMI ardluais chun an seinnteoir Diosca Blu-ray a nascadh leis an teilifís.

Má tá EasyLink HDMI CEC ag an seinnteoir Diosca Blu-ray, is féidir leat an seinnteoir a oibriú le cianrialtán na teilifíse.

In Cabhair, brúigh an eochair

datha  Eochairfhocail agus déan cuardach do EasyLink HDMI CEC chun tuilleadh eolais a fháil.

7.6

Seinnteoir DVD

Úsáid an HDMI cábla chun an seinnteoir DVD a nascadh leis an teilifís.


Má tá an seinnteoir DVD nasctha le HDMI agus má tá EasyLink CEC aige, is féidir leat an seinnteoir a oibriú le cianrialtán na teilifíse.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi EasyLink,

in Cabhair, brúigh  Eochairfhocail agus déan cuardach do EasyLink HDMI CEC.

Is nasc ardchaighdeán Y Pb Pr- Fís Chomhpháirte.

Is féidir an nasc YPbPr a úsáid le haghaidh comharthaí teilifíse Ardghléine (HD).



7.7

Bluetooth

Gléas a Phéireáil

Lonnaigh an callaire gan sreang laistigh d'achar 5 méadar ón teilifís. Léigh treoir úsáideora an ghléis chun eolas sonrach a fháil faoi phéireáil agus faoi raon gan sreang. Cinntigh go bhfuil an socrú Bluetooth ar an teilifís casta air.

A luaithe is atá ceap stiúrtha gan sreang péireáilte, is féidir leat é a úsáid. Nuair atá callaire gan sreang péireáilte, is féidir leat é a roghnú chun fuaim na teilifíse a sheinnt. Nuair atá gléas péireáilte, ní gá é a phéireáil arís mura mbainfidh tú an gléas as.

Chun gléas Bluetooth a phéireáil leis an teilifís...

1 - Cas air an gléas bluetooth agus lonnaigh laistigh de raon na teilifíse é.

2 - Roghnaigh  Socruithe > Gan sreang agus Líonraí agus brúigh  (deas) chun an roghchlár a oscailt.

3 - Roghnaigh Bluetooth > Cuardaigh Gléas Bluetooth agus brúigh OK.

4 - Roghaigh Cuardaigh agus brúigh OK. Lean na treoracha ar an scáileán. Péireálfaidh tú an gléas leis an teilifís agus stórálfaidh an teilifís an nasc. Seans go mbeidh ort gléas atá péireáilte a dhíphéireáil i dtosach má tá an uasmhéid na ngléasanna péireáilte bainte amach.

5 - Roghnaigh an cineál gléis agus brúigh OK.

6 - Brúigh  (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Roghnaigh Gléas

Chun gléas gan sreang a roghnú...

- 1 - Roghnaigh  Socruithe > Gan sreang agus Líonraí agus brúigh OK.
- 2 - Roghnaigh Bluetooth > Cuardaigh Gléas Bluetooth agus brúigh OK.
- 3 - Roghnaigh an gléas gan sreang sa liosta agus brúigh OK.
- 4 - Brúigh  (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Bain Gléas as

Is féidir leat gléas Bluetooth gan sreang a nascadh nó a dhínascadh. Is féidir leat gléas Bluetooth gan sreang a bhaint as freisin. Má bhaineann tú gléas Bluetooth as, díphéireálfar an gléas.

Chun gléas gan sreang a bhaint as nó a dhínascadh...

- 1 - Roghnaigh  Socruithe > Gan sreang agus Líonraí agus brúigh OK.
- 2 - Roghnaigh Bluetooth > Bain gléas Bluetooth as agus brúigh OK.
- 3 - Roghnaigh an gléas gan sreang sa liosta agus brúigh OK.
- 4 - Roghnaigh Dínasc nó Bain as agus brúigh OK.
- 5 - Roghnaigh OK agus brúigh OK chun deimhniú.
- 6 - Brúigh  (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

7.8

Cluasáin

Is féidir leat cluasáin a nascadh leis an nasc  ar chúil na teilifíse. Is mion-seac 3.5mm an nasc. Is féidir leat airde fuaime na gcluasán a athrú leo féin.

Chun an airde fuaime a athrú...

- 1 - Brúigh  Socruithe, roghnaigh Airde fuaime na gCluasán agus brúigh OK.
- 2 - Brúigh na saigheada  (suas) nó  (síos) chun an luach a athrú.
- 3 - Brúigh  (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.




7.9

Consól Cluiche



HDMI

Nasc an consól cluiche leis an teilifís le cábla HDMI ardluais chun an caighdeán is fearr a fháil.



Y Pb Pr

Nasc an consól cluiche le cábla físchomhartha comhpháirteanna (Y Pb Pr) agus le cábla fuaim Deas/Clé leis an teilifís.



7.10

Diosca Crua USB

A bhfuil de dhíth ort

Má nascann tú Diosca Crua USB, is féidir leat craoltaí teilifíse digití a chur ar sos nó a thaifeadadh (craoltaí DVB nó a leithéid).

Íos-Spás Diosca

- Chun Cuir ar sos

Chun craoladh a chur ar sos, teastaíonn Diosca Crua uait atá comhoiriúnach le USB 2.0 agus a bhfuil ar a laghad 4GB de spás air.

- Chun Thaifeadadh

Chun craoladh a chur ar sos agus a thaifeadadh, teastaíonn diosca a bhfuil ar a laghad 250GB de spás saor air.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi Diosca Crua USB a shuiteáil, in **Cabhair**, brúigh an eochair datha **Eochairfhocail** agus déan cuardach do Diosca Crua USB, Suiteáil.

Suiteáil

Sular féidir leat craoladh a chur ar sos agus a thaifeadadh, ní mór duit Diosca Crua USB a nascadh agus a fhoráidíú. Bainfidh an formáidiú as gach comhad ón Diosca Crua USB.

- 1 - Nasc an Diosca Crua USB le ceann de na naisc **USB** ar an teilifís. Ná nasc gléas USB eile leis na poirt USB eile nuair atá tú i mbun formáidithe.
- 2 - Cas air an Diosca Crua USB agus an teilifís.
- 3 - Nuair atá an teilifís tiúnáilte le cainéal teilifíse digití, brúigh **II** (Cuir ar Sos). Má dhéanann tú iarracht é a chur ar sos, tosóidh an formáidiú.

Lean na treoracha ar an scáileán.

Nuair a bheidh an Diosca Crua USB formáidithe, fág nasctha go buan é.

Rabhadh:

Tá an Diosca Crua USB formáidithe go heisiach don teilifís seo agus ní féidir leat na taifeadtaí stóráilte a úsáid ar theilifís ná ar ríomhaire eile. Ná cóipeáil agus ná hathraigh comhaid taifeadtaí ar an Diosca Crua USB le haon fheidhmchlár ríomhaireachta. Truailleoidh sé sin do thaifeadtaí. Nuair a fhoráidíonn tú Diosca Crua USB eile, caillfear an méid a bhí ar an gceann roimhe sin. Beidh athfhoráidíú ag teastáil ó Dhiosca Crua USB atá suiteáilte ar do theilifís le haghaidh a úsáide le ríomhaire.

Formáidiú

Sular féidir leat craoladh a chur ar sos nó a thaifeadadh, ní mór duit Diosca Crua USB a nascadh agus a fhoráidíú. Bainfidh an formáidiú as gach comhad ón Diosca Crua USB. Má tá uait craoltaí a thaifeadadh le sonraí ón Eolaire Teilifíse ón Idirlíon, ní mór duit an nasc Idirlín a shuiteáil sula suiteálann tú an Diosca Crua USB.

Rabhadh:

Tá an Diosca Crua USB formáidithe go heisiach don teilifís seo agus ní féidir leat na taifeadtaí stóráilte a úsáid ar theilifís ná ar ríomhaire eile. Ná cóipeáil agus ná hathraigh comhaid taifeadtaí ar an Diosca Crua USB le haon fheidhmchlár ríomhaireachta. Truailleoidh sé sin do thaifeadtaí. Nuair a fhoráidíonn tú Diosca Crua USB eile, caillfear an méid a bhí ar an gceann roimhe sin. Beidh athfhoráidíú ag teastáil ó Dhiosca Crua USB atá suiteáilte ar do theilifís le haghaidh a úsáide le ríomhaire.

- * Nasc Diosca Crua USB atá níos lú ná 2TB.

Chun Diosca Crua USB a fhoráidíú...

- 1 - Nasc an Diosca Crua USB le ceann de na naisc **USB** ar an teilifís. Ná nasc gléas USB eile leis na poirt USB eile nuair atá tú i mbun formáidithe.
- 2 - Cas air an Diosca Crua USB agus an teilifís.

- 3 – Roghnaigh **Taifeadtaí** má tá uait an Teilifís a chur ar Sos nó Taifeadtaí a dhéanamh, seachas sin, roghnai **Feidhmchláir** chun feidhmchláir a stóráil. Lean na treoracha ar an scáileán.
- 4 – Bainfear as gach comhad agus sonraí tar éis formáidithe.
- 5 – Nuair a bheidh an Diosca Crua USB formáidithe, fág nasctha go buan é.

Chun tuilleadh eolais a fháil, in **Cabhair**, brúigh an eochair datha **— Eochairfhocail** agus déan cuardach do Cuir teilifís ar sos, Taifeadadh, nó Feidhmchláir.

7.11

Méarchlár, nasc

Nasc

Nasc méarchlár USB (den chineál USB-HID) chun téacs a chur isteach ar do theilifís.

Úsáid ceann de na naisc **USB** chun nascadh.

Cumraigh

Suiteáil an méarchlár

Cas air an teilifís agus nasc an méarchlár USB le ceann de na naisc USB ar an teilifís chun an méarchlár **USB** a shuiteáil. Nuair a bhraitheann an teilifís an méarchlár den chéad uair, is féidir leat leagan amach do mhéarchlár a roghnú agus do rogha a thástáil. Má roghnaíonn tú leagan amach méarchlár Choireallaigh nó Ghréigise ar dtús, is féidir leat leagan amach méarchlár Laidinigh a roghnú mar cheann tánaisteach.

Chun socrú leagan amach an mhéarchlár a athrú nuair a roghnaíodh leagan amach...

- 1 – Roghnaigh **Socruithe** > **Socruithe Ginearálta** agus brúigh **➤** (deas) chun an roghchlár a oscailt.
- 2 – Roghnaigh **Socruithe Méarchlár USB**, agus brúigh **OK** chun tús a chur le suiteáil an mhéarchlár.

Eochracha Speisialta

Méaracha chun téacs a chur isteach

- Eochair iontrála = OK
- Cúlspás = scrios an carachtar roimh an gcursóir
- Méaracha saighde = bogadh laistigh de réimse téacs
- Chun athrú ó leagan amach méarchlár amháin go ceann eile, má tá leagan amach tánaisteach socraithe, brúigh na méaracha **Ctrl + Spásbharra** ag an am céanna.

Eochracha d'fheidhmchláir agus do leathanaigh

Idirlín


- Táb agus Iomlaoid + Táb = Ar Aghaidh agus Siar
- Baile = scrollaigh go dtí barr an leathanaigh
- Deireadh = scrollaigh go dtí bun an leathanaigh
- Leathanach Suas = téigh leathanach amháin suas
- Leathanach Síos = téigh leathanach amháin síos
- + = zúmáil isteach céim amháin
- - = zúmáil amach céim amháin
- * = cuir an leathanach gréasáin in oiriúint do leithead an scáileáin.

7.12

Méaróg Chuimhne USB

Is féidir leat féachaint ar ghrianghraif nó do cheol agus físeáin a sheinnt ó mhéaróg USB nasctha.

Cuir isteach méaróg chuimhne USB i gceann de na naisc **USB** ar an teilifís nuair atá an teilifís casta air.



Braitheann an teilifís an mhéaróg chuimhne agus osclaíonn sí liosta a thaispeánann a bhfuil ann. Mura dtaispeántar a bhfuil ann go huathoibríoch, brúigh **➤ SOURCES** agus roghnaigh **USB**.

Chun éirí as a bheith ag féachaint ar ábhar ón mhéaróg chuimhne USB, brúigh **TV EXIT** nó roghnaigh gníomhaíocht eile.

Chun an mhéaróg chuimhne a dhínascadh, is féidir leat an mhéaróg chuimhne a tharraingt amach ag am ar bith.

Ultra HD ar USB

Is féidir leat féachaint ar ghrianghraif i dtaifeach Ultra HD ó ghléas nasctha USB nó ó mhéaróg chuimhne. Laghdóidh an teilifís an mhéid go Ultra HD má tá taifeach an ghrianghraif níos airde.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi féachaint ar ábhar ó mhéaróg chuimhne USB nó é a sheinnt, in **Cabhair**, brúigh an eochair datha **— Eochairfhocail** agus déan cuardach do Ghrianghraif, Físeáin agus Ceol.

Ceamara grianghraif

Chun féachaint ar ghrianghraif atá stóraithe ar do cheamara grianghraf digiteach, is féidir an ceamara a nascadh go díreach leis an teilifís.


Úsáid ceann de na naisc **USB** ar an teilifís chun nascadh. Cas air an ceamara tar éis duit an nasc a dhéanamh.

Mura dtaispeántar liosta na n-ábhar go huathoibríoch, brúigh **SOURCES**, agus roghnaigh **USB**.

Seans go mbeidh ort do cheamara a shocrú chun a bhfuil air a aistriú le PTP (Picture Transfer Protocol). Léigh treoirleabhar úsáideora an cheamara grianghraf digiteach.

Ultra HD ar USB


Is féidir leat féachaint ar ghrianghraif i dtairfeach Ultra HD ó ghléas nasctha USB nó ó mhéaróg chuimhne. Laghdóidh an teilifís an mhéid go Ultra HD má tá tairfeach an ghrianghraif níos airde. Ní féidir leat fiseán a sheinnt a bhfuil tairfeach dúchasach aige atá níos airde ná Ultra HD ar aon cheann de na naisc USB.



Chun tuilleadh eolais faoin gcaoi féachaint ar ghrianghraif a fháil, brúigh an eochair datha, in **Cabhair**, brúigh an eochair datha **Eochairfhocail** agus déan cuardach do Ghrianghraif, Fiseáin agus Ceol.


Camthaifeadán

Chun an caighdeán is fearr a fháil, úsáid cábla HDMI chun an camthaifeadán a nascadh leis an teilifís.



Fodhordaire

Nasc fodhordaire chun an dord a threisiú agus cur le d'eispéireas éisteachta.



Ríomhaire

Is féidir leat do ríomhaire a nascadh leis an teilifís agus an teilifís a úsáid mar mhonatóir ríomhaire.

Le HDMI

Úsáid cábla HDMI chun an ríomhaire a nascadh leis an teilifís.

DVI go HDMI

Mar rogha air sin, is féidir leat cuibheoir DVI go HDMI a úsáid (díoltar as féin é) chun an ríomhaire a nascadh le HDMI agus cábla fuaime Clé/Deas (mion-seac 3.5mm) le AUDIO IN - L/R ar chúl na teilifíse.

Nasc do Android TV

8.1

Líonra agus Idirlíon

Líonra Baile

Ní mór do do theilifís a bheith nasctha leis an Idirlíon chun leas a bhaint as cumais iomlána an Philips Android TV.

Nasc an teilifís le líonra baile a bhfuil nasc ardluais don Idirlíon aige. Is féidir leat do theilifís a nascadh le do ródaire líonra gan sreang nó sreangaithe.

Nasc le Líonra

Nasc gan Sreang

A bhfuil de dhíth ort

Teastaíonn ródaire Wi-Fi a bhfuil nasc don Idirlíon aige chun an teilifís a nascadh leis an Idirlíon gan sreang.

Úsáid nasc ardluais (leathanbhanda) leis an Idirlíon.

Déan an Nasc

Déan an Nasc – Gan Sreang

 Socruithe > Gan sreang agus Líonraí > Sreangaithe nó Wi-Fi > Nasc le Líonra > Gan sreang.

1 – Clliceáil ar do líonra gan sreang sa liosta de na líonraí a aimsíodh. Mura bhfuil do líonra sa liosta mar go bhfuil ainm an líonra i bhfolach (chas tú as craoladh SSID an ródaire), roghnaigh Cuir Líonra Nua leis an liosta chun ainm an líonra a chur isteach tú féin.

2 – Ag brath ar chineál an ródaire, cuir isteach d'eochar criptithe – WEP, WPA nó WPA2. Más rud é gur chuir tú isteach an eochar chriptithe don líonra seo cheana féin, is féidir leat OK a chliceáil chun an nasc a dhéanamh láithreach.

3 – Taispeánfar teachtaireacht nuair a dhéanfar an nasc.

Déan an Nasc – WPS

 Socruithe > Gan sreang agus Líonraí > Sreangaithe nó Wi-Fi > Nasc le Líonra > WPS.

Má tá WPS ag do ródaire, is féidir leat nascadh leis an

ródaire go díreach gan scanadh a dhéanamh do líonraí. Má tá gléasanna agat i do líonra gan sreang a úsáideann an córas slándála criptithe WEP, ní féidir leat WPS a úsáid.

1 – Téigh go dtí an ródaire, brúigh an cnaipe WPS agus téigh ar ais go dtí an teilifís laistigh de 2 nóiméad.

2 – Clliceáil Nasc chun an nasc a dhéanamh.

3 – Taispeánfar teachtaireacht nuair a dhéanfar an nasc.

Déan an Nasc – WPS le Cód PIN

 Socruithe Gan sreang agus Líonraí > Sreangaithe nó Wi-Fi > Nasc le Líonra > WPS le Cód PIN.

Má tá WPS a bhfuil cód PIN air ag do ródaire, is féidir leat nascadh go díreach leis an ródaire gan scanadh a dhéanamh do líonraí. Má tá gléasanna agat i do líonra gan sreang a úsáideann an córas slándála criptithe WEP, ní féidir leat WPS a úsáid.

1 – Scríobh síos an cód PIN a bhfuil 8 digit ann atá ar taispeáint ar an scáileán agus cuir isteach i mbogearraí an ródaire ar do ríomhaire é. Faigh comhairle ó threoirleabhar an ródaire faoin áit a bhfuil an cód PIN le cur isteach i mbogearraí an ródaire.

2 – Clliceáil Nasc chun an nasc a dhéanamh.

3 – Taispeánfar teachtaireacht nuair a dhéanfar an nasc.

Fabhtcheartú

Níor aimsíodh an líonra gan sreang nó tá sé díchumtha

- Tá oighinn micreathonnacha, fóin DECT nó gléasanna eile Wi-Fi 802.11b/g/n i do chomharsanacht in ann cur isteach ar an líonra gan sreang.
- Bí cinnte go ligeann na ballaí dóiteáin i do líonra rochtain ar nasc gan sreang na teilifíse.
- Mura n-oibreoidh an líonra gan sreang i gceart i do theach, bain triail as an líonra sreangaithe a shuiteáil.

Ní oibríonn an Idirlíon

- Má tá an nasc don ródaire ag obair i gceart, seiceáil nasc an ródaire don Idirlíon.

Tá an ríomhaire agus an nasc Idirlín mall

- Féach i dtreoirleabhar úsáideora do ródaire gan sreang chun eolas a fháil maidir le raon laistigh, ráta aistrithe nó fachtóirí eile a bhaineann le caighdeán an chomhartha.
- Úsáid nasc Idirlín ardluais (leathanbhanda) do do ródaire.

DHCP


- Má theipeann ar an nasc, is féidir leat socrú DHCP (Prótacal Óstchumraíochta Dinimiciúla) an ródaire a sheiceáil. Ba cheart go mbeadh DHCP casta air.

In Cabhair, brúigh an eochair datha **Eochairfhocail** agus déan cuardach do Fabhtcheartú chun tuilleadh eolais a fháil.

Nasc Sreangaithe

A bhfuil de dhíth ort

Teastaíonn ródaire líonra uait atá nasctha leis an an Idirlíon chun an teilifís a nascadh leis an Idirlíon. Úsáid nasc ardluais (leathanbhanda) leis an Idirlíon.



Déan an Nasc

Socrúithe > Gan sreang agus Líonraí > Sreangaithe nó Wi-Fi > Nasc le Líonra > Sreangaithe.

- 1 - Nasc an ródaire leis an teilifís le cábla líonra (cábla Ethernet**).
- 2 - Bí cinnte go bhfuil an ródaire casta air.
- 3 - Déanann an teilifís cuardach leanúnach don nasc líonra.
- 4 - Taispeánfar teachtaireacht nuair a dhéanfar an nasc.

Má theipeann ar an nasc, is féidir leat socrú DHCP an ródaire a sheiceáil. Ba cheart go mbeadh DHCP casta air.

**Chun rialacháin EMC a chomhlíonadh, úsáid cábla Ethernet FTP Cat. 5E díonta.

Socrúithe Líonra

Féach ar Shocrúithe Líonra

Socrúithe > Gan sreang agus Líonraí > Sreangaithe nó Wi-Fi > Féach ar Shocrúithe Líonra

Is féidir leat gach socrú líonra reatha a fheiceáil anseo. An seoladh IP agus MAC, neart an chomhartha, luas,

modh criptithe, etc.

Cumraíocht Líonra - IP Statach

Socrúithe > Gan sreang agus Líonraí > Sreangaithe nó Wi-Fi > Cumraíocht Líonra > IP Statach.

Mar rogha air sin, más ardúsáideoir tú agus má tá uait do líonra a shuiteáil le seolachán IP Statach, athraigh socrú na teilifíse go IP Statach.

Cumraíocht Líonra - Cumraíocht IP Statach

Socrúithe > Gan sreang agus Líonraí > Sreangaithe nó Wi-Fi > Cumraíocht Líonra > Cumraíocht IP Statach.

1 - Roghnaigh Cumraíocht IP Statach agus cumraigh an nasc.

2 - Is féidir leat an uimhir a shocrú don Seoladh IP, Netmask, Gateway, DNS 1, nó DNS 2.

Cas Air le Wi-Fi (WoWLAN)

Socrúithe > Gan sreang agus Líonraí > Sreangaithe nó Wi-Fi > Cas Air le Wi-Fi (WoWLAN).

Is féidir leat an teilifís seo a chasadh air ó d'fhón cliste nó do thaibléad má tá an teilifís i staid fuireachais. Ní mór an socrú Cas air le Wi-Fi (WoWLAN) a bheith casta air.

Cas air le Chromecast

Socrúithe > Gan sreang agus Líonraí > Sreangaithe nó Wi-Fi > Cas Air le Wi-Fi (WoWLAN).

Athraigh an socrú go Air chun ligint don teilifís seo a bheith casta air ó fheidhmchlár Chromecast ar do ghléas mhóibíleach. Nuair atá an socrú air, beidh tomhaltas cumhachta na teilifíse níos airde nuair atá sí ar fuireachas. Ba cheart an socrú Wi-Fi (WoWLAN) a chasadh air ar dtús sula féidir leat an socrú Cas air le Chromecast a athrú.

Cas air nasc Wi-Fi

Socrúithe > Gan sreang agus Líonraí > Sreangaithe nó Wi-Fi > Wi-Fi Air/As.

Is féidir leat an nasc Wi-Fi a chasadh air nó as ar do theilifís.

Rindreálaí Meán Digiteach - DMR

Socrúithe > Gan sreang agus

Líonraí > Sreangaithe nó Wi-Fi > Rindreálaí Meán Digiteach – DMR.

Mura seinneann do chomhaid meán ar do theilifís, cinntigh go bhfuil an Rindreálaí Meán Digiteach casta air. Bíonn DMR casta air mar réamhshocrú.

Ainm an Líonra Teilifíse

⚙️ **Socruithe** > Gan sreang agus
Líonraí > Sreangaithe nó Wi-Fi > Ainm an Líonra Teilifíse.

Má tá níos mó ná teilifís amháin i do líonra baile agat, is féidir leat ainm uathúil a thabhairt don teilifís.

Glan Cuimhne Idirlín

⚙️ **Socruithe** > Gan sreang agus
Líonraí > Sreangaithe nó Wi-Fi > Glan Cuimhne Idirlín.

Glanann tú do chlárú le freastalaí Philips le Glan Cuimhne Idirlín chomh maith le do shocruithe rátáil tuismitheora, do logálacha isteach d'fheidhmchláir shiopa físeán, gach ceanán Bhailiúchán Philips TV, leabharharc Idirlín agus stair. Tá feidhmchláir MHEG idirghníomhacha in ann 'fianáin', mar a thugtar orthu, a shábháil ar do theilifís freisin. Glanfar na comhaid sin freisin.

8.2

Cuntas Google

Sínigh isteach

Is féidir leat síniú isteach go Google le do Chuntas Google chun an leas is fearr a a bhaint as cumais do Philips Android TV.

Nuair a shíníonn tú isteach, beidh tú in ann na cluichí is ansa leat a imirt ar d'fhón, do thaibleád nó ar do theilifís. Gheobhaidh tú moltaí pearsantaithe físe agus ceoil freisin ar scáileán baile do theilifíse chomh maith le rochtain ar YouTube, Google Play agus feidhmchláir eile.

Sínigh isteach

Úsáid an **Google Account** atá agat cheana féin chun síniú isteach go Google ar do theilifís. Seoladh ríomhphoist agus pasfhocal atá i gceist le Cuntas Google. Mura bhfuil Cuntas Google agat fós, úsáid do ríomhaire nó do thaibleád chun ceann a chruthú (accounts.google.com). Teastaíonn próifíl Google+ uait chun cluichí a imirt ar Google Play. Murar shínigh tú isteach i rith chéad shuiteáil na teilifíse, is féidir leat síniú isteach níos déanaí.

Chun síniú isteach tar éis suiteáil na teilifíse a bheith

déanta ...

- 1 – Roghnaigh ⚙️ **Socruithe** > **Socruithe Android** agus brúigh **OK**.
- 2 – Roghnaigh **Cuntas & Sínigh Isteach** agus brúigh **OK**.
- 3 – Roghnaigh **Sínigh Isteach** agus brúigh **OK**.
- 4 – Roghnaigh **Úsáid do chianrialtán** agus brúigh **OK**.
- 5 – Cuir isteach do sheoladh ríomhphoist leis an méarchlár ar an scáileán agus brúigh **OK**.
- 6 – Cuir isteach do phasfhocal agus brúigh **OK** chun síniú isteach.
- 7 – Brúigh ⬅️ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Socruithe Android

Is féidir leat roinnt socruithe sonracha nó eolas Android a shocrú nó a fheiceáil. Is féidir leat liosta na bhfeidhmchlár atá suiteáilte ar do theilifís a aimsiú, agus an spás stórála atá ag teastáil uathu. Is féidir leat an teanga a úsáideann tú a shocrú le Cuardach Gutha. Is féidir leat an méarchlár ar an scáileán a chumrú nó cead a thabhairt d'fheidhmchláir do shuíomh a úsáid. Bain triail as na socruithe éagsúla Android. Is féidir leat dul go dtí www.support.google.com/androidtv chun tuilleadh eolais a fháil faoi na socruithe seo.

Chun na socruithe seo a oscailt...

- 1 – Roghnaigh ⚙️ **Socruithe** > **Socruithe Android**, agus brúigh **OK**.
- 2 – Bain triail as na socruithe éagsúla Android.
- 3 – Brúigh ⬅️ **BACK** arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

8.3

Scáileán Baile

Maidir leis an Scáileán Baile

Nasc an teilifís leis an Idirlíon chun an leas is fearr a bhaint as do theilifís Android.

Díreach cosúil le d'fhón cliste Android nó do thaibleád, is é an scáileán Baile croí do theilifíse. Is ar an scáileán Baile atá tú in ann an cinneadh a dhéanamh cé air a fhéachfaidh tú trí na roghanna siamsaíochta ón bhfeidhmchlár agus ó theilifís bheo a bhrabhsáil. Tá cainéil ag do leathanach Baile chun ligint duit teacht ar inneachar ó na feidhmchláir is ansa leat. Is féidir leat cainéil bhreise a chur leis an liosta nó feidhmchláir nua a aimsiú chun tuilleadh inneachair a fháil.

Eagraítear an scáileán Baile i rónna.

Feidhmchláir

Is ar an gcéad ró atá na Feidhmchláir is ansa leat. Gheobhaidh tú na Feidhmchláir don Teilifís sa ró seo freisin, cosúil le **Bailiúchán Philips TV, Féach ar Theilifís, Eolaire Teilifíse, Meáin** agus eile. Is féidir leat tuilleadh feidhmchlár a fháil ar leathanach na bh **Feidhmchlár**, ar féidir é a oscailt trí chliceáil ar an deilbhín **Feidhmchláir** ar thaobh na láimhe clé de ró na bhfeidhmchlár Ceanán. Is féidir leat freisin tuilleadh feidhmchlár a chur leis an liosta ceanán ó leathanach na bhFeidhmchlár.

Ar an leathanach Feidhmchláir, gheobhaidh tú gach Feidhmchlár suiteáilte a thagann leis an teilifís mar aon leis na Feidhmchláir a shuiteálann tú féin ón mBailiúchán Philips TV nó Google Play™ Store.

Teilifís bheo

Taispeánann Teilifís bheo na cláir atá á rith faoi láthair ó na cainéil shuiteáilte.

An cainéal Seinn an Chéad Cheann eile

Beidh a fhios agat i gcónaí céard é an chéad chlár eile ar an gcainéal **Seinn an Chéad Cheann eile** ar an scáileán Baile. Tosaigh ag féachaint ón áit ar stop tú agus faigh fógraí faoi eagráin nua sa chainéal **Seinn an Chéad Cheann eile**. Brúigh agus coinnigh síos Roghnaigh ar scannán nó clár teilifíse chun é a chur go díreach ar an gcainéal **Seinn an Chéad Cheann eile**.

Google Play Movies & Cainéal teilifíse

Tóg amach scannáin nó cláir teilifíse ar cíós ar an gcainéal seo ó **Google Play Movies & TV**.

Cainéal cabhrach

Tá físeáin teagaisc “An chaoi le...” ar an gcainéal seo chun tú a chur ar an eolas faoin gcaoi an trealamh a bhaint amach as an mbosca, an chaoi gléasanna seachtracha a nascadh, an chaoi cainéal a shuiteáil, etc.

Cainéal YouTube

Ar an gcainéal seo, gheobhaidh tú d’fhíseáin YouTube Mholta, Suibscríbinne nó Treochtaí.

Saincheap cainéil

Cliceáil an cnaipe **SAINCHEAP CAINÉIL** chun cainéil a chur ar do scáileán Baile agus iad a bhaint de.

Féach ar www.support.google.com/androidtv freisin

Oscail an Scáileán Baile

Chun an Scáileán Baile a oscailt agus mír a oscailt...

1 – Brúigh  **HOME**.

2 – Roghnaigh mír agus brúigh **OK** chun é a oscailt nó a thosú.

3 – Brúigh  **BACK** go leanúnach nó brúigh 

HOME le dul ar ais chuig an scáileán Baile.

Nuair atá tú ag oscailt an scáileán Baile, stopfaidh an feidhmchlár/an t-inneachar atá á seinnt sa chúla. Ní mór duit an feidhmchlár nó an t-inneachar a roghnú ón scáileán Baile chun atosú.

8.4

Feidhmchlár Bhailiúchán Philips TV

Leathanach na Sainfheidhmchláir

Tá gach ceann de d’fheidhmchláir phréimhe ar fáil laistigh den fheidhmchlár Bhailiúchán Philips TV, faoin rannóg Sainfheidhmchláir. Is féidir leat é a lainseáil trí úsáid a bhaint as an meirge ar ró na bhFeidhmchlár.

Is don teilifís go sainsiúil a rinneadh feidhmchlár Bhailiúchán Philips TV. Is féidir feidhmchlár Bhailiúchán Philips TV a íoslódáil agus a shuiteáil saor in aisce. Tá feidhmchlár Bhailiúchán Philips TV in ann a bheith éagsúil i dtíortha nó réigiúin éagsúla. Beidh moltaí ann d’Fheidhmchláir nua agus tuilleadh i mBailiúchán Philips TV freisin.

Bíonn roinnt feidhmchlár ó fheidhmchláir Bhailiúchán Philips TV suiteáilte ar do theilifís roimh ré. Iarrfar ort glacadh leis na Téarmaí Úsáide sula mbeidh tú in ann feidhmchlár eile ó fheidhmchláir Bhailiúchán Philips TV a shuiteáil. Is féidir leat na Socruithe Príobháideachta a shocrú de réir mar a fheileann duit.

Chun feidhmchlár a shuiteáil ó fheidhmchláir Bhailiúchán Philips TV...

1 – Brúigh  **HOME**.

2 – Roghnaigh  **Bailiúchán Philips TV** agus brúigh **OK**. Osclóidh sé an rannán Sainfheidhmchláir.

3 – Roghnaigh an táb “Gach ceann” agus brúigh **OK**. Taispeánfaidh sé na feidhmchláir ar fad atá ar fáil don úsáideoir, na cinn atá suiteáilte san áireamh.

4 – Brabhsáil trí na feidhmchláir agus roghnaigh an deilbhín feidhmchláir ar mian leat é a shuiteáil, agus brúigh **OK**. Osclóidh sé an leathanach a bhfuil eolas faoi Fheidhmchláir air.

5 – Roghnaigh an cnaipe **Suiteáil** agus brúigh **OK** chun an feidhmchlár a shuiteáil.

Beidh fáil ar an bhfeidhmchlár a suiteáladh ar leathanach na bhFeidhmchlár, agus is féidir é a oscailt ón scáileán Baile Android tríd an deilbhín Feidhmchláir ar thaobh na láimhe deise de ró na bhFeidhmchlár a bhrú.

Téarmaí Úsáide

Ní mór duit glacadh leis na Téarmaí Úsáide chun feidhmchláir Bhailiúchán Philips TV a shuiteáil agus a úsáid. Murar aontaigh tú leis na téarmaí sin i rith chéad shuiteáil na teilifíse, is féidir leat glacadh leo níos deireanaí. A luaithe is a n-aontaíonn tú leis na Téarmaí Úsáide, beidh roinnt feidhmchlár ar fáil láithreach agus is féidir leat brabhsáil i mBailiúchán Philips TV chun feidhmchláir eile a shuiteáil.

Chun glacadh leis na Téarmaí Úsáide tar éis an teilifís a bheith suiteáilte agat...

- 1 – Brúigh  HOME, roghnaigh  Philips TV Collection agus brúigh OK. Brúigh an eochair Roghanna arís chun an roghchlár Roghanna a oscailt.
- 2 – Is féidir leat **Téarmaí Úsáide** a roghnú, ansin brúigh OK chun iad a léamh.
- 3 – Roghnaigh Glac agus brúigh OK. Ní féidir leat dul siar ar an bhfaomhadh seo.
- 4 – Brúigh  BACK chun an roghchlár a dhúnadh.

Socruithe Príobháideachta

Is féidir leat roinnt socruithe príobháideachta a shocrú d'feidhmchláir Bhailiúchán Philips TV.

- Is féidir leat cead a thabhairt staitisticí teicniúla a sheoladh chuig Philips.
- Is féidir leat moltaí pearsanta a cheadú.
- Is féidir leat fianáin a cheadú.
- Is féidir leat an Glas Leanai a chasadh air d'feidhmchláir a bhfuil rátáil 18+ acu.

Chun na socruithe príobháideachta i mBailiúchán Philips TV a shocrú...

- 1 – Brúigh  HOME, roghnaigh  Philips TV Collection agus brúigh OK. Brúigh an eochair Roghanna arís chun an roghchlár Roghanna a oscailt.
- 2 – Is féidir leat **Socrú Príobháideachta** a roghnú, ansin brúigh OK.
- 3 – Roghnaigh gach socrú agus brúigh OK chun é a cheadú nó gan é a cheadú. Is féidir leat léamh go mion faoi gach socrú.
- 4 – Brúigh  BACK chun an roghchlár a dhúnadh.

Feidhmchláir

9.1

Maidir le Feidhmchláir

Is féidir leat teacht ar na Feidhmchláir is ansa leat ar ró na **bhFeidhmchlár** sa roghchlár Baile.

Díreach cosúil le feidhmchláir ar d'fhón cliste nó do thaibléad, tairgeann na feidhmchláir ar do theilifís feidhmeanna sonracha chun d'eispéireas teilifíse a shaibhriú. Feidhmchláir cosúil le YouTube, cluichí teilifíse nó tuartha aimsire (i measc feidhmchlár eile). Is féidir leat úsáid a bhaint as an bhfeidhmchlár Brabhsálaí Idirlín chun brabhsáil ar an Idirlíon.

Tá Feidhmchláir in ann teacht ó **Bhailiúchán Philips TV** nó ón Google Play™ Store. Tá roinnt Feidhmchlár praiticiúil réamhshuiteáilte ar do theilifís.

Chun feidhmchláir a shuiteáil ó **Bhailiúchán Philips TV** nó ón Google Play™ Store, ní mór don teilifís a bheith nasctha leis an Idirlíon. Ní mór duit glacadh leis na Téarmaí Úsáide chun feidhmchláir ó **Bhailiúchán Philips TV** a úsáid. Ní mór duit síniú isteach le Cuntas Google chun na feidhmchláir Google Play agus Google Play™ Storea úsáid.

9.2

Google Play

Scannáin agus teilifís

Le **Google Play Movies & TV**, is féidir leat scannáin nó clár teilifíse a thógáil amach ar cíós nó a cheannach.

A bhfuil de dhíth ort

- ní mór do do theilifís a bheith nasctha leis an Idirlíon.
- ní mór duit síniú isteach le do Chuntas Google ar an Teilifís
- cuir cárta creidmehasa le do Chuntas Google chun scannáin agus clár teilifíse a cheannach

Chun scannán nó clár teilifíse a thógáil amach ar cíós nó a cheannach...

- 1 – Brúigh  HOME.
- 2 – Roghnaigh **Google Play Movies & TV**.
- 3 – Roghnaigh scannán nó clár teilifíse agus brúigh OK.
- 4 – Roghnaigh an t-earra atá uait agus brúigh OK. Treorófar tríd an bpróiseas ceannacháin tú.

Chun féachaint ar scannán nó clár teilifíse atá ar cíós nó ceannaithe...

- 1 – Brúigh  HOME.
- 2 – Roghnaigh **Google Play Movies & TV**.

3 – Roghnaigh an scannán nó an clár teilifíse ó do leabharlann san fheidhmchlár, roghnaigh an teideal agus brúigh OK.

4 – Is féidir leat úsáid a bhaint as na heochracha ■ (stop), || (cuir ar sos), ◀ (atochras) nó ▶▶ (mearchasadh) ar an gclár rialtán.

5 – Chun an feidhmchlár Movies & TV a stopadh, brúigh ◀ BACK arís agus arís eile nó brúigh  EXIT.

Mura bhfuil an Feidhmchlár ar do scáileán Baile, is féidir leat é a chur ann tríd an leathanach Feidhmchlár nó trí úsáid a bhaint as an bhfeidhmchlár **Cuir feidhmchlár leis an liosta ceanán** ar ró na **bhfeidhmchlár**. Tá roinnt táirgí agus gnéithe Google Play nach bhfuil ar fáil i ngach tír.

Faigh tuilleadh eolais ar support.google.com/androidtv

Ceol

Is féidir leat an ceol is ansa leat a sheinnt ar an teilifís le Google Play Music.

Is féidir leat ceol nua a cheannach ar do ríomhaire nó ar do ghléas soghluaiste le Google Play Music. Nó is féidir leat liostaíil le All Access ar do theilifís, an suibscríbhinn do Google Play Music. Mar rogha air sin, is féidir leat an ceol ar leat é cheana féin agus atá stóráilte ar do ríomhaire a sheinnt.

A bhfuil de dhíth ort

- ní mór do do theilifís a bheith nasctha leis an Idirlíon.
- ní mór duit síniú isteach le do Chuntas Google ar an Teilifís
- cárta creidmheasa a chur ar do Chuntas Google chun suibscríbhinn ceoil a thógáil

Chun Google Play Music a thosú...

- 1 – Brúigh  HOME.
- 2 – Roghnaigh **Google Play Music**.
- 3 – Roghnaigh an ceol atá uait agus brúigh OK.
- 4 – Chun an feidhmchlár Ceoil a stopadh, brúigh ◀ BACK arís agus arís eile nó brúigh  EXIT.

Mura bhfuil an Feidhmchlár ar do scáileán Baile, is féidir leat é a chur ann tríd an leathanach Feidhmchlár nó trí úsáid a bhaint as an bhfeidhmchlár **Cuir feidhmchlár leis an liosta ceanán** ar ró na **bhfeidhmchlár**. Tá roinnt táirgí agus gnéithe Google Play nach bhfuil ar fáil i ngach tír.

Faigh tuilleadh eolais ar support.google.com/androidtv

Cluichí

Is féidir leat cluichí a imirt ar an teilifís le Google Play Games. Ar líne nó as líne.

Is féidir leat an cluiche atá á imirt ag do chairde faoi láthair a fheiceáil nó páirt a ghlacadh. Is féidir leat a bhfuil bainte amach agat a thaifeadadh nó tosú ón áit ar chríochnaigh tú an uair dheireanach.

A bhfuil de dhíth ort

- ní mór do do theilifís a bheith nasctha leis an Idirlíon.
- ní mór duit siniú isteach le do Chuntas Google ar an Teilifís
- cárta creidmheasa a chur ar do Chuntas Google chun cluichí nua a cheannach

Tosaigh an feidhmchlár Google Play Games cluiche nua a roghnú agus a shuiteáil ar do theilifís. Tá roinnt cluichí in aisce. Taispeánfar teachtaireacht má tá ceap stiúrtha ag teastáil chun an cluiche a imirt.

Chun Google Play Games a thosú nó a stopadh...

- 1 – Brúigh  HOME.
- 2 – Roghnaigh Google Play Games.
- 3 – Roghnaigh cluiche le himirt nó roghnaigh cluiche nua le suiteáil agus brúigh OK.
- 4 – Nuair atá tú réidh, brúigh  BACK arís agus arís eile nó brúigh  EXIT nó is féidir leat an feidhmchlár a stopadh leis an gcnaipe.

Mura bhfuil an Feidhmchlár ar do scáileán Baile, is féidir leat é a chur ann tríd an leathanach Feidhmchláir nó trí úsáid a bhaint as an bhfeidhmchlár **Cuir feidhmchlár leis an liosta ceanán** ar ró na **bhfeidhmchlár**. Tá roinnt táirgí agus gnéithe Google Play nach bhfuil ar fáil i ngach tír.

Faigh tuilleadh eolais ar support.google.com/androidtv

Google Play Store

Is féidir leat feidhmchláir nua a íoslódáil agus a shuiteáil ón Google Play Store. Tá roinnt feidhmchlár in aisce.

A bhfuil de dhíth ort

- ní mór do do theilifís a bheith nasctha leis an Idirlíon.
- ní mór duit siniú isteach le do Chuntas Google ar an Teilifís
- cuir cárta creidmheasa le do Chuntas Google chun feidhmchláir nua a cheannach

Chun feidhmchlár nua a shuiteáil...

- 1 – Brúigh  HOME.
- 2 – Roghnaigh Google Play Store agus brúigh OK.
- 3 – Roghnaigh an mhír a bhfuil uait é a shuiteáil agus brúigh OK.
- 4 – Chun an Google Play Store a dhúnadh, brúigh  BACK arís agus arís eile nó

brúigh  EXIT.

Rialuithe Tuismitheora

Is féidir leat feidhmchláir a cheilt sa Google Play Store, ag brath ar aibíocht na n-úsáideoirí/na gceannaitheoirí. Ní mór duit cód PIN a chur isteach chun an leibhéal aibíochta a roghnú nó a athrú.

Chun an rialú tuismitheora a shocrú...

- 1 – Brúigh  HOME.
- 2 – Roghnaigh Google Play Store agus brúigh OK.
- 3 – Roghnaigh Socruithe > Rialaithe Tuismitheora.
- 4 – Roghnaigh an leibhéal aibíochta atá uait.
- 5 – Cuir isteach an cód PIN nuair a iarrtar é.
- 6 – Chun an Google Play Store a dhúnadh, brúigh  BACK arís agus arís eile nó brúigh  EXIT.

Mura bhfuil an Feidhmchlár ar do scáileán Baile, is féidir leat é a chur ann tríd an leathanach Feidhmchláir nó trí úsáid a bhaint as an bhfeidhmchlár **Cuir feidhmchlár leis an liosta ceanán** ar ró na **bhfeidhmchlár**. Tá roinnt táirgí agus gnéithe Google Play nach bhfuil ar fáil i ngach tír.

Faigh tuilleadh eolais ar support.google.com/androidtv

Íocaíochtaí

Chun íocaíocht Google Play a dhéanamh ar an teilifís, ní mór duit cineál íocaíochta a shonrú – cárta creidmheasa (lasmuigh de na Stáit Aontaithe) – ar do Chuntas Google. Nuair a cheannaíonn tú scannán nó clár teilifíse, déanfar tú a mhuirearú ar an gcárta creidmheasa seo.

Chun cárta creidmheasa a chur leis an liosta...

- 1 – Téigh go dtí accounts.google.com agus sínigh isteach leis an gCuntas Google a mbainfidh tú úsáid as le Google Play ar an Teilifís.
- 2 – Téigh go dtí wallet.google.com chun cárta a chur le do Chuntas Google.
- 3 – Cuir isteach sonraí do chárta creidmheasa agus glac leis na téarmaí agus na coinníollacha.

9.3

Feidhmchlár a Thosú nó a Stopadh

Is féidir leat feidhmchlár a thosú ón scáileán Baile.

Chun feidhmchlár a thosú...

- 1 – Brúigh  HOME.
- 2 – Scrolláil síos chuig ró na **bhfeidhmchlár**, roghnaigh an feidhmchlár atá uait agus brúigh OK.
- 3 – Chun feidhmchlár a stopadh, brúigh  BACK nó brúigh  EXIT nó is féidir leat an feidhmchlár a

stopadh leis an gcnaipe.

Nuair atá tú ag oscailt an scáileán Baile, stopfaidh an feidhmchlár/an t-inneachar atá á seinnt sa chúlra. Ní mór duit an feidhmchlár nó an t-inneachar a roghnú ón scáileán Baile chun atosú.

9.4

Glasáil Feidhmchláir

Maidir le Glasanna Feidhmchláir

Is féidir leat glas a chur ar fheidhmchláir nach bhfuil feiliúnach do leanaí. Is féidir leat glas a chur ar fheidhmchláir a bhfuil rátáil 18+ orthu nó próifíl shrianta a shocrú ar an roghchlár Baile.

18+

Iarrfaidh an glas feidhmchláir 18+ ort cód PIN a chur isteach nuair a dhéanann tú iarracht feidhmchlár a bhfuil rátáil 18+ air a thosú. Níl an glas seo bailí ach d'fheidhmchláir a bhfuil rátáil 18+ orthu ó na feidhmchláir Philips.

Próifíl shrianta

Is féidir leat próifíl shrianta a shuiteáil don roghchlár Baile nach bhfuil fáil uirthi ach na feidhmchláir a cheadaíonn tú. Ní mór cód PIN a chur isteach chun an phróifíl shrianta a shuiteáil agus a chasadh air.

Google Play Store – Aibíocht

Is féidir leat feidhmchláir a cheilt sa Google Play Store, ag brath ar aibíocht na n-úsáideoirí/na gceannaitheoirí. Ní mór duit cód PIN a chur isteach chun an leibhéal aibíochta a roghnú nó a athrú. Beidh na feidhmchláir atá ar fáil le haghaidh a suiteála ag brath ar an leibhéal aibíochta.

Cuir glas ar fheidhmchláir a bhfuil rátáil 18+ orthu.

Is féidir leat glas a chur ar fheidhmchláir ó fheidhmchláir Philips a bhfuil rátáil 18+ orthu. Rialaíonn an socrú seo an socrú 18+ i Socruithe Priobháideachta feidhmchláir Philips.

Chun fheidhmchláir a bhfuil rátáil 18+ orthu a ghlasáil...

- 1 – Roghnaigh  Socruithe > Glas Leanaí, roghnaigh Glas Feidhmchláir agus brúigh OK.
- 2 – Roghnaigh Air agus brúigh OK.
- 3 – Brúigh  (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Chun tuilleadh eolais a fháil, in Cabhair, brúigh an eochair datha  Eochairfhocail agus déan cuardach do Glas Leanaí, Glas Feidhmchláir.

Próifíl Shrianta

Maidir le Próifíl Shrianta

Is féidir leat srian a chur ar fheidhmchláir áirithe tríd an teilifís a athrú go próifíl shrianta. Ní thaispeánfaidh an roghchlár Baile ach na feidhmchláir atá ceadaithe agat. Teastaíonn cód PIN uait chun athrú amach as an bpróifíl shrianta.

Nuair atá an teilifís athraithe go próifíl shrianta ní féidir leat...

- Feidhmchláir a aimsiú nó a oscailt má tá siad marcáilte mar Dícheadaithe
- Rochtain a fháil ar an Google Play Store
- Rudáí a cheannach trí Google Play Movies & TV, ná Google Play Games
- Úsáid a bhaint as feidhmchláir tríú páirtí nach n-úsáideann an síniú isteach Google

Nuair atá an teilifís athraithe go próifíl shrianta, is féidir leat...

- Féachaint ar ábhar atá tógtha amach ar cíós cheana féin nó ceannaithe ó Google Play Movies & TV
- Cluichí atá ceannaithe agus suiteáilte cheana féin Google Play Games a imirt.
- Rochtain a fháil ar na socruithe seo a leanas: Líonra Wi-Fi, Caint agus Inrochtaineacht
- Oiriúintí Bluetooth a chur leis an liosta

Fanfaidh an Cuntas Google ar an teilifís logáilte isteach. Ní athraíonn úsáid próifíle srianta an Cuntas Google.

Suiteáil

Chun an phróifíl shrianta a shuiteáil...

- 1 – Roghnaigh  Socruithe > Socruithe Android agus brúigh OK.
- 2 – Brúigh  (síos) agus roghnaigh Roghanna Gléis > Slándáil & sriantaí agus brúigh OK.
- 3 – Roghnaigh Próifíl Shrianta agus brúigh OK.
- 4 – Roghnaigh Socruithe agus brúigh OK.
- 5 – Cuir isteach cód PIN leis an gcanrialtán.
- 6 – Roghnaigh Feidhmchláir ceadaithe agus brúigh OK.
- 7 – I liosta na bhfeidhmchláir atá ar fáil, roghnaigh feidhmchlár agus brúigh OK chun an feidhmchlár seo a cheadú nó gan é a cheadú.
- 8 – Brúigh  BACK chun dul siar céim amháin nó brúigh  EXIT chun an roghchlár a dhúnadh.

Is féidir leat an phróifíl shrianta a chur isteach anois.

Is féidir leat an cód PIN a athrú i gcónaí leis an gcód PIN nó an liosta feidhmchlár atá ceadaithe nó nach bhfuil ceadaithe a athrú.

Iontráil

Chun an phróifil shrianta a iontráil (athraigh go)...

1 - Roghnaigh  Socruithe > Socruithe Android agus brúigh OK.

2 - Brúigh  (síos) agus roghnaigh Roghanna gléis > Slándáil & sriantaí agus brúigh OK.

3 - Roghnaigh Iontráil próifil shrianta agus brúigh OK.

4 - Cuir isteach cód PIN leis an gclár.

5 - Brúigh  BACK chun dul siar céim amháin nó brúigh  EXIT chun an roghchlár a dhúnadh.

Taispeánfar deilbhín ar an scáileán Baile má théann tú isteach i bpróifil shrianta. Scrolláil síos chuig  Socruithe agus scrolláil ar dheis ar fad.

Scrios

Chun an phróifil shrianta a scriosadh...

1 - Roghnaigh  Socruithe > Socruithe Android agus brúigh OK.

2 - Brúigh  (síos) agus roghnaigh Roghanna gléis > Slándáil & sriantaí agus brúigh OK.

3 - Roghnaigh Scrios próifil shrianta agus brúigh OK.

4 - Cuir isteach an cód PIN. Scriosfaidh an teilifís an phróifil shrianta.

9.5

Bainistigh Feidhmchláir

Má stopann tú feidhmchlár agus má fhilleann tú ar an roghchlár Baile, níl an feidhmchlár stoptha. Tá an feidhmchlár beo sa chúla i gcónaí. Ní mór don chuid is mó d'fheidhmchláir roinnt sonraí a shábháil i gcuimhne thaisce na teilifíse chun feidhmiú go maith. D'fhéadfadh sé a bheith inmholta feidhmchlár a stopadh ar fad nó sonraí taisce feidhmchláir faoi leith a ghlanadh chun feidhmíocht feidhmchlár ar an iomlán a optamú agus chun úsáid chuimhne a choinneáil íseal ar do Android TV. Anuas air sin, is é an cleachtas is fearr feidhmchláir nach bhfuil in úsáid agat a dhíshuiteáil.

9.6

Stóráil

Is féidir leat féachaint ar an méid spáis stórála – cuimhne inmheánach na teilifíse – atá á úsáid agat do d'fheidhmchláir, físeáin, ceol, etc, agus ar an méid spáis atá saor i gcónaí agat chun feidhmchláir nua a shuiteáil. Seiceáil do stóráil má tá d'fheidhmchláir mall nó mura bhfuil siad ag obair i gceart.

Chun an méid stórála atá á úsáid agat a fheiceáil...

1 - Roghnaigh  Socruithe > Socruithe Android agus brúigh OK.

2 - Roghnaigh Roghanna gléis > Stóráil agus brúigh OK.

3 - Féach ar úsáid stórála chuimhne na teilifíse.

4 - Brúigh  BACK chun dul siar céim amháin nó brúigh  EXIT chun an roghchlár a dhúnadh.

Diosca Crua USB

Má nascann tú Diosca Crua USB, is féidir leat an diosca crua a úsáid chun síneadh a chur le cuimhne na teilifíse chun go mbeidh tú in ann tuilleadh feidhmchláir a stóráil. Lig don Diosca Crua USB a bheith úsáidte mar chuimhne teilifíse bhreise i rith an phróisis formáidithe. Déanfaidh an teilifís iarracht na feidhmchláir nua a stóráil ar an Diosca Crua USB i dtosach. Tá roinnt feidhmchláir ann nach bhfuil ceadaithe iad a stóráil ar Dhiosca Crua USB.

Chun do shonraí reatha a ascnamh, téigh go dtí

 Socruithe > Socruithe Android > Roghanna gléis > Stóráil agus roghnaigh an Diosca Crua USB.

Idirlíon

10.1

Tosaigh an tIdirlíon

Is féidir leat an tIdirlíon a bhrabhsáil ar do theilifís. Is féidir leat féachaint ar aon suíomh gréasáin ar an Idirlíon ach níl an chuid is mó acu feiliúnach do scáileán na teilifíse.

- Tá roinnt breiseán (m.sh. chun féachaint ar leathanaigh nó ar fhíseáin) nach bhfuil ar fáil ar do theilifís.
- Ní féidir leat comhaid a sheoladh nó a íoslódáil.
- Taispeántar leathanaigh Idirlín mar leathanach amháin ag aon am amháin agus líonann siad an scáileán.

Chun brabhsálaí Idirlín a thosú...

- 1 – Brúigh  HOME.
- 2 – Roghnaigh Feidhmchláir > Brabhsálaí Idirlín agus brúigh OK.
- 3 – Cuir isteach seoladh Idirlín agus roghnaigh chun deimhniú.
- 4 – Chun an tIdirlíon a dhúnadh, brúigh  HOME nó  EXIT.

*Tabhair faoi deara: Mura bhfuil **Brabhsálaí Idirlín** ar ró na bhfeidhmchlár, is féidir leat an deilbhín + a bhrú ag deireadh an chainéil chun an feidhmchlár a chur leis an liosta.

10.2

Roghanna ar an Idirlíon

Tá roinnt breiseán ar fáil don Idirlíon.

Chun na breiseáin a oscailt...

- 1 – Nuair atá an suíomh gréasáin oscailte agat, brúigh + OPTIONS.
- 2 – Roghnaigh ceann de na míreanna agus brúigh OK.
 - Oscail Nasc i dTáb Nua: Chun nasc a oscailt i dtáb nua.
 - Dún an Tábla Reatha: Chun an tábla reatha a dhúnadh.
 - Cuir leis an liosta luasdiailithe: Chun seoladh nua Idirlín a chur isteach
 - Cuir leis an liosta leabharmharcanna: Marcáil an leathanach mar leabharmharc
 - Slándáil leathanaigh: Chun féachaint ar leibhéal slándála an leathanaigh reatha.
 - Tábla príobháideach nua: Oscail tábla príobháideach nua le brabhsáil phríobháideach
 - Socruithe: Socruithe do Zúmáil, Méid téacs, Mód inrochtaineachta, Taispeáin an barra roghchláir i gcónaí, agus glan stair (brabhsála)
 - Cabhair: Eolas faoin mbrabhsálaí Idirlín

Mear-Roghchlár

Is féidir leat an Mear-Roghchlár a úsáid mar do roghchlár Baile. Tá bealach tapaidh chun feidhmeanna na teilifíse a aimsiú sa Mear-Roghchlár.

Chun an Mear-Roghchlár a oscailt agus mír a oscailt...

1 - Brúigh  chun an Mear-Roghchlár a oscailt.

2 - Roghnaigh mír agus brúigh  chun é a oscailt nó a thosú.

3 - Brúigh  BACK chun an Mear-Roghchlár a dhúnadh gach aon rud a thosú.

Naisc, Liosta

12.1

Athraigh go gléas

Is féidir leat athrú go dtí aon cheann de na gléasanna nasctha ón liosta Foinsí. Is féidir leat athrú go tiúnóir chun féachaint ar theilifís, ábhar Mhéaróg Chuimhne USB nasctha a oscailt nó féachaint ar na taifeadtaí atá déanta agat ar Dhiosca Crua USB. Is féidir leat athrú go dtí do ghléasanna nasctha, mar shampla glacadóir digiteach nó seinnteoir Diosca Blu-ray, chun féachaint ar a gclár.

Chun athrú go gléas nasctha...

1 – Brúigh ➡ **SOURCES** chun an roghchlár Foinsí a oscailt.

2 – Roghnaigh ceann amháin de na míreanna sa liosta foinsí agus brúigh **OK**. Taispeánfaidh an teilifís an clár nó ábhar an ghléis.

Seinn Aon-larrachta

Nuair atá an teilifís i bhfuireachas, is féidir leat seinnteoir diosca a chasadh air le cianrialtán do theilifíse.

Chun an seinnteoir diosca agus an teilifís a chasadh air ó fhuireachas agus an diosca a sheinnt láithreach, brúigh ► (seinn) ar chianrialtán na teilifíse. Ní mór don ghléas a bheith nasctha le cábla HDMI agus ba cheart go mbeadh HDMI CEC casta air ar an teilifís agus ar an ngléas araon.

12.2

Roghanna d'ionchur teilifíse

Tairgeann roinnt gléasanna ionchur teilifíse socruithe sonracha.

Chun na roghanna a shocrú d'ionchur teilifíse sonrach...

1 – Brúigh ➡ **SOURCES**.

2 – Roghnaigh an t-ionchur teilifíse sa liosta agus brúigh **OK**.

3 – Brúigh **+** **OPTIONS**. Is féidir leat na roghanna a shocrú don ionchur teilifíse atá roghnaithe anseo.

4 – Brúigh **+** **OPTIONS** arís chun an roghchlár Roghanna a dhúnadh.

Roghanna féideartha...

Rialuithe

Is féidir leat an gléas nasctha a oibriú le cianrialtán na teilifíse leis an rogha seo. Ní mór don ghléas a bheith nasctha le cábla HDMI agus ba cheart go mbeadh HDMI CEC casta air ar an teilifís agus ar an ngléas araon.

Eolas Gléis

Oscail an rogha seo chun féachaint ar eolas faoin ngléas nasctha.

12.3

Ainm agus Cineál Gléis

Nuair a nascann tú gléas nua leis an teilifís agus nuair a bhraitheann an teilifís an gléas, is féidir leat an deilbhín a fheileann don ghléas a thabhairt air. Má nascann tú gléas le cábla HDMI agus HDMI CEC, braithfidh an teilifís an cineál gléis go huathoibríoch agus tabharfar deilbhín cuí don ghléas.

Cinneann an cineál gléis stíl an phictiúir agus na fuaime, luachanna gléine, socruithe sainiúla nó an suíomh laistigh den roghchlár Foinsí. Ní gá imní a bheith ort faoi na socruithe is fearr.

Athainmnigh nó Athraigh Cineál

Is féidir leat i gcónaí ainm nó cineál gléis nasctha a athrú. Déan cuardach don deilbhín **+** ar thaobh na láimhe deise d'ainm an ghléis sa roghchlár Foinsí. Tá roinnt foinsí ionchuir teilifíse ann nach gceadaíonn athrú ainm.

Chun an cineál gléis a athrú...

1 – Roghnaigh an gléas sa roghchlár Foinsí agus brúigh **+** **OPTIONS**.

2 – Brúigh **←** **BACK** chun an méarchlár ar an scáileán a chur i bhfolach.

3 – Brúigh **▼** (síos) chun gach cineál gléis atá ar fáil a aimsiú. Roghnaigh an cineál atá uait agus brúigh **OK**.

4 – Má tá uait an cineál gléis a athshocrú go dtí an cineál nascóra a bhí ann ag an tús, roghnaigh **Athshocraigh** agus brúigh **OK**.

5 – Roghnaigh **Dún** agus brúigh **OK** chun an roghchlár seo a dhúnadh.

Chun ainm an ghléis a athrú...

1 – Roghnaigh an gléas sa roghchlár Foinsí agus brúigh **+** **OPTIONS**.

2 – Úsáid an méarchlár ar an scáileán chun an t-ainm reatha a scriosadh agus ceann nua a chur isteach. Brúigh **✓** chun deimhniú.

3 – Brúigh **←** **BACK** chun an méarchlár ar an scáileán a chur i bhfolach.

4 – Má tá uait ainm an ghléis a athshocrú go dtí an t-ainm a bhí ar an nascóir ag an tús, roghnaigh **Athshocraigh** agus brúigh **OK**.

5 – Roghnaigh **Dún** agus brúigh **OK** chun an roghchlár seo a dhúnadh.

Naisc a Athscanadh

Is féidir leat gach nasc teilifíse a athscanadh chun an roghchlár Foinsí a nuashonrú le gléasanna a nascadh le gairid.

Chun na naisc a athscanadh...

1 - Brúigh  **SOURCES** chun an roghchlár Foinsí a oscailt.

2 - Brúigh  (suas) chun an deilbhín  ar barr ar thaobh na láimhe deise den roghchlár Foinsí a roghnú.

3 - Brúigh **OK** chun tosú ag scanadh na nasc.
Cuirfear gléasanna a nascadh le gaird ar an roghchlár Foinsí.

Líonraí

13.1

Líonra

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi an teilifís a nascadh le líonra, in **Cabhair**, brúigh an eochair datha **— Eochairfhocail** agus déan cuardach do Líonra.

13.2

Bluetooth

Gléas a Phéireáil

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi gléasanna gan sreang a phéireáil, in **Cabhair**, brúigh an eochair datha **— Eochairfhocail** agus déan cuardach do Bluetooth, Péireáil.

Roghnaigh Gléas

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi callaire gan sreang a roghnú, in **Cabhair**, brúigh an eochair datha **— Eochairfhocail** agus déan cuardach do Bluetooth, Roghnaigh gléas.

Bain Gléas as

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi gléas Bluetooth a dhíphéireáil (a bhaint as), in **Cabhair**, brúigh an eochair datha **— Eochairfhocail** agus déan cuardach do Bluetooth, Bain as gléas.

Socruithe

14.1

Pictiúr

Socruithe pictiúir

Stíl Phictiúir

Roghnaigh stíl

⚙️ Socruithe > Pictiúr > Stíl pictiúir

Chun an pictiúr a choigeartú go héasca, is féidir leat stíl pictiúir réamhshainithe a roghnú.

- Pearsanta – Na roghanna pictiúir a shocraíonn tú i rith na chéad suiteála.
- Gléineach – Feiliúnach d’fhéachaint i rith an lae
- Nádúrtha – Socruithe pictiúir nádúrtha
- 🪄 Caighdeánach – An socrú is fearr ó thaobh choigilt fuinnimh – Socrú réamhshainithe
- Scannán – Feiliúnach d’fhéachaint ar scannáin leis na bunéifeachtaí stiúideo
- Cluiche* – An socrú is fearr do chluichíocht
- Monatóir** – Feiliúnach do thaispeáint an ríomhaire
- 📺 Lá – Do Chalabhrú ISF
- 📺 Oíche – Do Chalabhrú ISF

* Stíl pictiúir – Níl an cluiche ar fáil i gcás roinnt foinsí físe.

** Stíl pictiúir – Níl an monatóir ar fáil ach nuair atá an fiseán foinse HDMI infheidhme d’fheidhmchlár PC. Ní thacaítear le HDR i mód Monatóir. Tá an teilifís in ann fiseán HDR a sheinnt in mód Monatóir ach ní chuirfear aon phróiseáil HDR i bhfeidhm.

Nuair a ghlacann an teilifís le comhartha HDR (Loga Gáma Hibrídeach, HDR10 agus HDR10+), roghnaigh stíl pictiúir thíos:

- HDR Pearsanta
- HDR Gléineach
- HDR Nádúrtha
- HDR Scannán
- HDR Cluiche
- 📺 Lá – Do Chalabhrú ISF
- 📺 Oíche – Do Chalabhrú ISF

Nuair a fhaigheann an teilifís comhartha HDR Dolby Vision, roghnaigh stíl pictiúir thíos:

- HDR Pearsanta
- HDR Gléineach
- Dolby Vision Bright
- Dolby Vision Dark
- HDR Cluiche

Stíl a Aisghabháil

- 1 – Roghnaigh an stíl pictiúir a bhfuil uait é a aisghabháil
- 2 – Brúigh an eochair datha 🟥 Aisghabh Stíl, agus

brúigh OK. Aisghabhtar an stíl.

Stíl a Shaincheapadh

Stóráltar aon socrú pictiúir a athraíonn tú, cosúil le Dath nó Codarsnacht, sa **Stíl Pictiúir** atá roghnaithe faoi láthair. Ligeann sé duit gach stíl a shaincheapadh. Is é an stíl **Pearsanta** an t-aon stíl atá in ann a socruithe a shábháil le haghaidh gach foinse sa roghchlár Foinsí.

Dath, Codarsnacht, Géire, Gile

Chun an dath pictiúir a athrú

⚙️ Socruithe > Pictiúr > Dath.

Brúigh na saigheada ⬆️ (suas) nó ⬇️ (síos) chun luach sáithithe datha an phictiúir a athrú.

Chun an chodarsnacht pictiúir a athrú

⚙️ Socruithe > Pictiúr > Codarsnacht.

Brúigh na saigheada ⬆️ (suas) nó ⬇️ (síos) chun luach codarsnachta an phictiúir a athrú.

Is féidir leat an luach codarsnachta a ísliú chun an tomhaltas cumhachta a laghdú.

Chun an ghéire pictiúir a athrú

⚙️ Socruithe > Pictiúr > Géire.

Brúigh na saigheada ⬆️ (suas) nó ⬇️ (síos) chun luach géire an phictiúir a athrú.

Athraigh gile

⚙️ Socruithe > Pictiúr > Gile.

Brúigh na saigheada ⬆️ (suas) nó ⬇️ (síos) chun leibhéal gile chomhartha an phictiúir a shocrú.

Tabhair faoi deara: Má shocraítear an gile ró-fhada ón luach tagartha (50), beidh codarsnacht níos ísle mar thoradh air.

Ardsocruithe Pictiúir

Socruithe Datha

Ardsocruithe Datha

⚙️ Socruithe > Pictiúr > Ardsocruithe > Dath.

Athraigh an breisiú datha

⚙️ Socruithe > Gach
socrú > Pictiúr > Ardsocruithe > Dath > Breisiú
datha

Roghnaigh Uasmhéid, Meánmhéid,
nó Íosmhéid chun leibhéal na déine datha agus na
mionsonraí a shocrú i ndathanna geala.

Mionathraigh an raon dathanna

⚙️ Socruithe > Gach
socrú > Picture > Ardsocruithe > Dath > Raon
datha

Roghnaigh Normálta, nó Leathan chun cineál an
raoin dathanna a shocrú.

Roghnaigh an teocht datha réamhshainithe

⚙️ Socruithe > Pictiúr > Ardsocruithe > Dath > Teo
cht datha

Roghnaigh Normálta, Teolaí, nó Fionnuar chun
teocht datha do rogha a shocrú.

Ailíniú pointe bán

⚙️ Socruithe
> Pictiúr > Ardsocruithe > Dath > Ailíniú pointe
bán.

Saincheap an t-ailíniú pointe bán bunaithe ar theocht
datha roghnaithe an phictiúir. Brúigh na saigheada
▲ (suas) nó ▼ (síos) chun an luach a athrú.

Rialú datha (Lí, Sáithiú agus Déine)

⚙️ Socruithe > Pictiúr > Ardsocruithe > Dath > Rial
ú datha

Brúigh na saigheada ▲ (suas) nó ▼ (síos) chun an
luach Lí, Sáithithe agus Déine do na dathanna Dearg,
Buí, Uaine, Cian, Gorm agus Maigeanta., a athrú. Nó
roghnaigh Athshocraigh gach ceann chun gach luach
a athshocrú go dtí an réamhshocrú.

Mód RGB amháin

⚙️ Socruithe > Pictiúr > Ardsocruithe > Dath > Mó
d RGB amháin.

Roghnaigh Dearg, Uaine nó Gorm, chun an pictiúr
a athrú go dtí an dath atá roghnaithe amháin, nó
roghnaigh As chun mód RGB a chasadh as.

Ardsocruithe Codarsnachta

Móid Codarsnachta

⚙️ Socruithe > Pictiúr > Ardsocruithe > Codarsnacht
> Mód codarsnachta

Roghnaigh Normálta, Optamaithe do phictiúr,
nó Optamaithe do choigilt fuinnimh, nó chun an
teilifís a shocrú chun an chodarsnacht a laghdú go
huathoibríoch, chun an tomhaltas cumhachta is fearr
a roghnú, nó an t-eispéireas pictiúir is fearr.

Socruithe HDR

Má tá tú ag féachaint ar chlár HDR – clár a
taifeadadh in HDR – ní gá uas-scálú go HDR agus ní
bheidh fáil ar an Rialú Uas-Scálaithe HDR. Athrófar an
teilifís go huathoibríoch le comharthú go mód HDR.

Tacaíonn an teilifís leis na formáidí HDR seo a
leanas: Hybrid Log Gamma, HDR10, HDR10+, agus
Dolby Vision ach tá sé faoi réir ag a leithéid
d'fhormáid HDR a bheith ar fáil ó sholáthróirí
inneachair.

Uas-scálú HDR

⚙️ Socruithe > Pictiúr > Ardsocruithe > Codarsnacht
> Uas-Scálú HDR.

Roghnaigh Air chun gile agus codarsnacht an
phictiúir a threisiú. Tá an pictiúr i bhfad níos gile agus
tá an leibhéal codarsnachta idir codanna geala agus
dorchá níos airde. Fanann na dathanna saibhir agus
sáithithe le Uas-scálú HDR. Níl fáil air nuair atá ábhar
an fhíseáin tacaíthe ag HDR (High-Dynamic Range).

Perfect Natural Reality

⚙️ Socruithe >
Pictiúr > Ardsocruithe > Codarsnacht > Perfect
Natural Reality.

Cuireann Perfect Natural Reality feabhas le
codarsnacht agus le gile chun éifeacht HDR a chruthú
d'fhoinsí caighdeánacha. Níl fáil air nuair atá ábhar an
fhíseáin tacaíthe ag HDR (High-Dynamic Range).

HDR Foirfe

⚙️ Socruithe > Pictiúr > Ardsocruithe > Codarsnacht
> HDR Perfect.

Socraigh HDR Perfect do As, Íosmhéid, Meánmhéid,
Uasmhéid nó Uathoibríoch chun an leibhéal ag a
thaispeánann an teilifís ardcodarsnacht agus gile
d'ábhar HDR a shocrú. I gcás inneachair HDR10+,

moltar go mór HDR Perfect a shocrú do Uathoibríoch chun an éifeacht HDR is fearr a fháil.

Tabhair faoi deara: Ar fáil nuair a bhraitear an comhartha HDR (Raon Ard-Dinimiciúl) ach amháin Dolby Vision HDR.

Codarsnacht Fhoirfe



Socruithe > Pictiúr > Ardsocruithe > Codarsnacht > Codarsnacht fhoirfe.

Roghnaigh Uasmhéid, Meánmhéid nó Íosmhéid chun an leibhéal ag a bhfeabhsaíonn an teilifís sonraí i limistéir dhorcha, láir agus gheala an phictiúir go huathoibríoch a shocrú.

Codarsnacht Físe, Gáma

Codarsnacht físe



Socruithe > Pictiúr > Ardsocruithe > Codarsnacht > Codarsnacht físe.

Brúigh na saigheada ▲ (suas) nó ▼ (síos) chun leibhéal na codarsnachta físe a athrú.

Gáma



Socruithe > Pictiúr > Ardsocruithe > Codarsnacht > Gáma.

Brúigh na saigheada ▲ (suas) nó ▼ (síos) chun socrú neamh-líneach a shocrú do lonras agus codarsnacht an phictiúir.

Braiteoir Solais



Socruithe > Gach socrú > Pictiúr > Ardsocruithe > Codarsnacht > Braiteoir solais.

Roghnaigh Air chun na socruithe pictiúir a athrú go huathoibríoch chun dul in oiriúint do riochtaí solais an tseomra.

Ardsocruithe Géire

Ultra Resolution



Socruithe > Gach socrú > Pictiúr > Ardsocruithe > Géire > Ultra Resolution

Roghnaigh Air le haghaidh géire níos fearr sna himill líne agus sna sonraí.

Glan Pictiúr

Laghdú torainn



Socruithe > Pictiúr > Ardsocruithe > Glan Pictiúr > Laghdú torainn.

Roghnaigh Uasleibhéal, Meánleibhéal nó Íosleibhéal chun an leibhéal ag a mbainfear amach an torann in inneachar físeáin a shocrú.

Tá torann infheicthe den chuid is mó mar phoncanna gluaisreacha sa phictiúr ar an scáileán.

Géire, Laghdú Déantán MPEG



Socruithe > Pictiúr > Ardsocruithe > Glan Pictiúr > Laghdú Déantán MPEG.

Roghnaigh Uasleibhéal, Meánleibhéal nó Íosleibhéal le haghaidh céimeanna éagsúla slíomacháin ar na déantáin in inneachar físeáin dhigitigh. Is iondúil go mbíonn déantáin MPEG infheicthe mar bhlocanna beaga nó mar imill spiacánacha ar íomhánna ar an scáileán.

Socruithe Gluaisne

Perfect Natural Motion

Stíleanna Gluaisne



Socruithe > Gach socrú > Picture > Ardsocruithe > Gluaisne > Stíleanna Gluaisne

Soláthraíonn stíleanna gluaisne móid optamaithe chun gluaisne a shocrú d'inneachar físe éagsúla.

Roghnaigh ceann de na stíleanna gluaisne chun eispéireas féachana níos fearr a bheith agat le físeáin ghluaisne. (Scannán, Spórt, Caighdeánach, Slim, Pearsanta)

Níl sé ar fáil dóibh seo a leanas:

- Socruithe > Pictiúr > Stíl Pictiúir > Monatóir
- Socruithe > Pictiúr > Stíl Pictiúir > Cluiche.

Perfect Natural Motion



Socruithe > Gach socrú > Pictiúr > Ardsocruithe > Gluaisne > Perfect Natural Motion

Déanann Perfect Natural Motion aon ghluaiseacht géar agus líofa.

Roghnaigh Uasmhéid, Meánmhéid nó Íosmhéid chun méid an chreatháin gluaisne atá le feiceáil i scannáin teilifíse a athrú. Roghnaigh Íosmhéid nó As nuair a bhíonn torann sa scannán atá ar taispeáint.

Tabhair faoi deara: Níl fáil air ach nuair atá stíleanna Gluaisne socraithe go Pearsanta.

Perfect Clear Motion

🔧 Socruithe > Gach socrú > Pictiúr > Ardsocruithe > Gluaisne > Perfect Clear Motion.

Déanann Perfect Clear Motion aon ghluaiseacht mín agus líofa.

Roghnaigh Uasmhéid, Meánmhéid nó Íosmhéid chun méid an chreatháin gluaisne atá le feiceáil i scannáin teilifíse a athrú. Roghnaigh Íosmhéid nó As nuair a bhíonn torann sa scannán atá ar taispeáint.

Tabhair faoi deara: Níl fáil air ach nuair atá stíleanna Gluaisne socraithe go Pearsanta.

Glan íomhá iarmharach

Má thaispeántar íomha shocair ar feadh tréimhse fada, d'fhéadfadh an íomha sin fanacht ar an scáileán. Tá sé seo normálta do phainéal OLED. Seachain íomhá shocair a thaispeáint ar an scáileán teilifíse ar feadh tréimhse fada.

Spárálai scáileáin

Chun an seans go mbeidh íomhanna iarmharacha ar scáileán na teilifíse a laghdú, tricearfar an Spárálai scáileáin (an lógó PHILIPS gluaisteach) ina leithéid de chúinsí.

- nuair a thaispeántar míreanna roghchláir ar shocrú statach ar feadh níos mó ná 2 nóiméad.

- nuair a thaispeántar míreanna roghchláir Feidhmchlár ar shocrú statach ar feadh níos mó ná 2 nóiméad.

- nuair atá Teilithéacs á thaispeáint ar feadh níos mó ná 2 nóiméad.

Ní thricearfar an spárálai scáileáin ina leithéid de chúinsí.

- athsheinm a chur ar sos ar fhoinsé seachtrach (e.g. HDMI), mar nach bhfuil an teilifís ag taispeáint míreanna roghchláir ar shocrú statach.

Comhuain is atá an spárálai scáileáin gníomhach, is féidir é a dhúnadh trí chnaipe ar bith ar an gclianrialtán a bhrú. Rithfear gníomhaíochtaí eile sa chúlra, cosúil le maide USB a chur isteach nó inneachar a theilgean, ach ní chuirfidh na gníomhaíochtaí sin isteach ar an spárálai scáileáin.

Glan íomhá iarmharach

Nuair a thagann tú ar iarmharach íomhá ar an teilifís, is féidir leat a leithéid de choinneáil íomhá ar an scáileán a ghlanadh tríd an bhfeidhm seo a ghníomhachtú.

1 - Roghnaigh 🔧 Socruithe > Pictiúr agus brúigh ➤ (deas) chun an roghchlár a oscailt..

2 - Roghnaigh Ardsocruithe > Glan íomhá

iarmharach.

3 - Roghnaigh Deimhnigh.

Casfar an teilifís as go dtí go gcríochnófar an próiseas.

Má tá tú i mbun taifeadta, cuirfear an próiseas ar sos, agus tosóidh sé arís go dtí go gcríochnófar an taifeadadh. D'fhéadfadh sé níos mó ná 1 uair a thógáil.

Má chasann tú an teilifís air i rith an phróisis, stopfar é agus tosófar arís go huathoibríoch é nuair a chastar an teilifís go fuireachas níos deireanaí.

Agus é i mbun próiseála, d'fhéadfadh líne bhán a bheith ar taispeáint ar an scáileán. Tá sé sin normálta nuair atáthar ag glanadh íomhá atá coinnithe ar an scáileán.

Formáid Phictiúir

Mura bhfuil an pictiúr ag líonadh an scáileáin ar fad, má tá barraí dubha ar taispeáint ag barr nó ag bun an scáileáin nó ar an dá thaobh, is féidir leat an pictiúr a athrú chun an scáileán a líonadh ar fad.

Chun ceann de na bunsocruithe a roghnú chun an scáileán a líonadh...

1 - Agus tú ag féachaint ar chainéal teilifíse, roghnaigh 🔧 Socruithe > Formáid Pictiúir > Líon Scáileán, Cuir in oiriúint don scáileán, Scáileán leathan agus Bunaidh agus brúigh OK.

2 - Brúigh ⬅ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

- **Líon Scáileán** – méadaíonn sé an pictiúr go huathoibríoch chun an scáileán a líonadh. Is beag díchumadh pictiúir atá ann agus bíonn na fotheidil le feiceáil i gcónaí. Níl sé feiliúnach d'ionchur ó ríomhaire. Tá roinnt inneachair pictiúir foircneach in ann barraí dubha a thaispeáint i gcónaí. D'fhéadfadh athrú teacht ar chóimheas treoíochta inneachair an phictiúir.

- **Cuir in Oiriúint don Scáileán** – zúmálann sé an pictiúr isteach go huathoibríoch chun an scáileán a líonadh gan díchumadh. D'fhéadfadh barraí dubha a bheith le feiceáil. Níl sé feiliúnach d'ionchur ó ríomhaire.

- **Scáileán Leathan** – déanann sé an pictiúr a zúmáil go scáileán leathan 16:9 go huathoibríoch. D'fhéadfadh athrú teacht ar chóimheas treoíochta inneachair an phictiúir.

- **Bunaidh** – zúmálann sé an pictiúr isteach go huathoibríoch chun dul in oiriúint don scáileán le cóimheas treoíochta bunaidh. Níl aon inneachar a cailleadh infheicthe.

Chun an pictiúr a fhoráidíú de láimh...

1 - Agus tú ag féachaint ar chainéal teilifíse, roghnaigh 🔧 Socruithe > Formáid Pictiúir > Ardsocruithe agus brúigh OK.

2 - Úsáid Aistriú, Zúmáil agus Sín chun an pictiúr a

athrú.

3 – Nó roghnaigh **Cealaigh** chun filleadh go dtí an socrú pictiúir a bhí ann nuair a d'oscail tú **Formáid Pictiúir**.

• **Aistriú** – Roghnaigh na saigheada chun an pictiúr a aistriú. Ní féidir leat an pictiúr a aistriú ach amháin nuair atá sé zúmáilte isteach.

• **Zúmáil** – Roghnaigh na saigheada chun zúmáil isteach.

• **Sín** – Roghnaigh ar na saigheada chun an pictiúr a shíneadh go hingearach nó go cothrománach.

• **Cealaigh** – Roghnaigh chun filleadh go dtí an fhormaid pictiúir ar thosaigh tú léi.

Fógra Dolby Vision

⚙️ Socruithe > Pictiúr > Fógra ó Dolby Vision .

Cas fógra Dolby Vision Air nó As nuair a thosaíonn inneachar Dolby Vision ag seinnt ar do theilifís.

Mear-Socrú Fuaime

Shocraigh tú roinnt socruithe pictiúir go héasca i rith na chéad suiteála. Is féidir leat na céimeanna sin a dhéanamh arís le **Mear-Socrú Pictiúir**. Cinntigh gur féidir leis an teilifís tiúináil go dtí cainéal teilifíse nó go bhfuil sé in ann clár a thaispeáint ó ghléas nasctha.

Chun an pictiúr a shocrú i gcéimeanna éasca...

1 – Roghnaigh ⚙️ **Socruithe** > **Pictiúr** agus brúigh ➤ (deas) chun an roghchlár a oscailt.

2 – Roghnaigh **Mear-Socrú Pictiúir** agus brúigh OK.

3 – Úsáid na heochracha nascleanúna chun do rogha a dhéanamh.

4 – Brúigh ⬅️ (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

14.2

Fuaim

Stíl Fuaime

Roghnaigh stíl

⚙️ Socruithe > Fuaim > Stíl fuaime.

Is féidir leat socrú réamhshainithe a roghnú le stíl fuaime chun an fhuaim a athrú go héasca.

• **Mód AI** – Tá stíleanna idéalacha ann chun féachaint ar scannáin, éisteacht le ceol nó cluichí a imirt.

Roghnaigh mód AI chun go n-athróidh an stíl fuaime go cliste bunaithe ar an ábhar fuaime.

• **Bunaidh** – An socrú fuaime is neodraí

• **Scannán** – Feiliúnach d'fhéachaint ar scannáin

• **Ceol** – Feiliúnach do cheol

• **Cluiche** – Feiliúnach do chluichíocht

• **Nuacht** – Feiliúnach do chaint

• **Mód Pearsanta** – Rochtain ar shocruithe fuaime níos mionsonraithe.

Aisghabh mód Pearsanta

1 – Socraigh an stíl fuaime do mhód Pearsanta.

2 – Brúigh an eochair datha ■ **Aisghabh Stíl**, agus brúigh OK. Aisghabhtar an stíl.

Saincheap mód Pearsanta

1 – Socraigh an stíl fuaime do mhód Pearsanta.

2 – Brúigh an eochair datha ■ **Saincheap**, agus brúigh OK chun socruithe móid Phearsanta a athrú.

Socruithe móid phearsanta

Fíorúlaitheoir Callaire

⚙️ Socruithe > Fuaim > Socruithe móid Phearsanta > Fíorúlaitheoir Callaire.

Roghnaigh Air nó Uathoibríoch (Dolby Atmos) chun **Dolby Atmos** a chumasú, ar féidir leis toise airde a chur le fuaim. Is féidir fuaim a lonnú go cruinn le toise airde, agus í a bhogadh i spás tríthoiseach.

Clear Dialogue

⚙️ Socruithe > Fuaim > Socruithe móid phearsanta > Clear dialogue > Air.

Roghnaigh On chun caighdeán fuaime feabhsaithe do chlár cainte a fháil.

Cothromóir

⚙️ Socruithe > Fuaim > Socruithe móid phearsanta > Cothromóir.

Brúigh na saigheada ▲ (suas) nó ▼ (síos) chun leibhéal an Choithromóra a choigeartú.

Airde fuaime na gCluasán

Airde fuaime na gcluasán

⚙️ Socruithe > Fuaim > Airde fuaime na gcluasán.

Brúigh na saigheada ▲ (suas) nó ▼ (síos) chun airde fuaime cluasáin nasctha a athrú leis féin.

Lonnú na teilifíse

⚙️ Socruithe > Fuaim > Lonnú na teilifíse.

Roghnaigh Ar sheastán teilifíse nó Ar an mBalla chun an t-atáirgeadh fuaime is fearr a fháil de réir an socruithe.

Ardsocruithe Fuaime

Rialú Airde Fuaime

Uath-Airde Fuaime

⚙️ Socruithe > Fuaim > Ardsocruithe > Uath-Airde Fuaime.

Roghnaigh Air nó As chun uathchoigeartú an airde fuaime a chasadh air nó as.

Roghnaigh **Mód oíche** le haghaidh eispéireas éisteachta níos compordaí agus níos ciúine.

Delta volume

⚙️ Socruithe > Fuaim > Ardsocruithe > Delta volume.

Brúigh na saigheada ▲ (suas) nó ▼ (síos) chun an luach delta a athrú d'airde fuaime challairí na teilifíse.

*Tabhair faoi deara: Tá Delta volume ar fáil nuair a shocraítear an fhoinsé ionchuir do HDMI nó d'fhoinsí Analógacha agus nuair a shocraítear an Fhuaim do Callairí teilifíse nó do Chóras fuaime HDMI.

Fodhordaire amach

⚙️ Socruithe > Fuaim > Ardsocruithe > Fodhordaire amach.

Roghnaigh Air/As chun aschur ón bhFodhordaire a chumasú/dhíchumasú. Cinntigh go bhfuil an gléas Fodhordaire nasctha leis an teilifís. Maidir leis an nasc, féach ar **Nasc Gléis > Fodhordaire** sa lámhleabhar.

Airde fuaime airde

⚙️ Socruithe > Fuaim > Ardsocruithe > Airde fuaime airde.

Coigeartaigh airde fuaime challaire airde na teilifíse má tá an callaire láir ar fáil ar do theilifís.

Socraithe d'Fhuaim Amach

⚙️ Socruithe > Fuaim > Ardsocruithe > Fuaim amach.

Socraigh an teilifís chun an fhuaim a sheinnt ar an

teilifís nó ar an gcóras fuaime nasctha.

Is féidir leat an áit a bhfuil tú ag iarraidh fuaime na teilifíse a chloisteáil a roghnú, agus an chaoi a bhfuil uait é a rialú.

- Má roghnaíonn tú **Callairí Teilifíse As**, casann tú as callairí na teilifíse go buan.
- Má roghnaíonn tú **Callairí teilifíse**, beidh callairí teilifíse air i gcónaí.

Le gléas fuaime nasctha le HDMI CEC, roghnaigh **córas fuaime HDMI**. Casfaidh an teilifís as callairí na teilifíse nuair atá an gléas ag seinnt na fuaime.

Socruithe Aschuir Dhigitigh

Tá socruithe aschuir dhigitigh ar fáil do chomharthaí optúla agus HDMI ARC fuaime.

Formáid Fuaime Amach

⚙️ Socruithe > Fuaim > Ardsocruithe > Formáid Dhigiteach amach.

Socraigh comhartha fuaime amach na teilifíse chun dul in oiriúint do chumais fuaime an Chóras Amharclainne Baile nasctha.

- **Steireó (neamhchomhbhrúite)**: Mura bhfuil próiseáil fuaime ilchainéil ag do ghléasanna athsheanma, ná seol ach ábhar steireó chuig do ghléasanna athsheanma fuaime.
- **Ilchainéal**: Roghnaigh chun díreach ábhar fuaime ilchainéil (comhartha fuaime ilchainéil comhbhrúite) nó ábhar fuaime steireó a aschur chuig do ghléasanna athsheanma fuaime.
- **Ilchainéal (seachthreorú)**: Ná seol ach ábhar Dolby Digital Plus nó DTS chuig chuig do ghléasanna athsheanma fuaime nó do Chóras amharclainne baile.

– Cinntigh go dtacaíonn do ghléasanna athsheanma fuaime Dolby Atmos.

– Díchumasófar aschur SPDIF (DIGITAL AUDIO OUT) nuair atáthar ag sruthú ábhar Dolby Digital Plus.

Leibhéaladh Digiteach Amach

⚙️ Socruithe > Fuaim > Ardsocruithe > Leibhéaladh Digiteach Amach.

Athraigh an leibhéal treise ó ghléas atá nasctha le haschur digiteach fuaime (SPDIF) nó HDMI.

- Roghnaigh Níos mó chun airde fuaime níos treise a bheith agat.
- Roghnaigh Níos lú chun airde fuaime níos boige a bheith agat.

Moill Digiteach amach

⚙ Socruithe > Fuaim > Ardsocruithe > Moill Digiteach amach.

I gcás roinnt Córas Amharclainne Baile, tá an seans ann go mbeidh ort an mhoill sionc Fuaime a mhionathrú chun an fhuaim a shioncronú leis an bhfís. Roghnaigh As má tá moill fuaime socraithe ar do Chóras Amharclainne Baile.

Seach-chur Digiteach amach (Níl fáil air ach amháin nuair atá Moill Digiteach amach socraithe go Air)

⚙ Socruithe > Fuaim > Ardsocruithe > Seach-chur Digiteach amach.

Murar féidir leat moill a shocrú ar an gCóras Amharclainne Baile, is féidir leat an teilifís a shocrú chun an fhuaim a shioncronú. Is féidir leat seach-chur a shocrú a dhéanann cúiteamh don mhéid ama atá ag teastáil ón gCóras Amharclainne Baile chun fuaim phictiúr na teilifíse a phróiseáil. Is féidir leat an luach a shocrú i gcéimeanna 5ms. Is é 60ms an socrú is airde.

14.3

Socruithe Ambilight

Cas Ambilight Air nó As

Cas Ambilight As

Brúigh **ambilight** AMBILIGHT agus roghnaigh As, nó is féidir leat é a chasadh As trí bhrú ar ⚙ Socruithe > Ambilight > Stíl Ambilight > As.

Ambilight, Air nó As

Is féidir leat an chaoi a leanann Ambilight a roghnú.

⚙ Socruithe > Ambilight > Stíl Ambilight.

Lean físeán

⚙ Socruithe > Ambilight > Stíl Ambilight > Lean físeán.

Roghnaigh ceann de na stíleanna a leanann dinimicí an phictiúir ar do scáileán teilifíse.

- Caighdeánach – Feileann sé do ghnáthfhéachaint teilifíse
- Nádúrtha – Leanann sé an pictiúr nó an fhuaim sound chomh dílis agus is féidir
- Peil – Feileann sé do chluichí peile
- Gléineach – Feiliúnach d'fhéachaint i rith an lae
- Cluiche – Feiliúnach do chluichíocht
- Compordach – Feiliúnach do thráthnóna ciúin
- Lig do Scíth – Cruthaíonn sé braistint toglainne

Lean Fuaim

⚙ Socruithe > Ambilight > Stíl Ambilight > Lean fuaim.

Roghnaigh ceann de na stíleanna a leanann dinimicí na fuaime.

- Lumina – Meascann sé dinimicí fuaime le dathanna físe
- Colora – Bunaithe ar dhinimicí fuaime
- Retro – Bunaithe ar dhinimicí fuaime
- Spectrum – Bunaithe ar dhinimicí fuaime
- Scanner – Bunaithe ar dhinimicí fuaime
- Rhytm – Bunaithe ar dhinimicí fuaime
- Party – Meascán de gach stíl Lean Fuaim, ceann i ndiaidh a chéile

Lean dath

⚙ Socruithe > Ambilight > Stíl Ambilight > Lean dath.

Roghnaigh ceann de na stíleanna datha réamhshainithe.

- Hot Lava – Malairtí deirge
- Deep Water – Malairtí goirm
- Fresh Nature – Malairtí uaine
-  Warm White – Dath statach
- Cool White – Dath statach

Lean bratach

⚙ Socruithe > Ambilight > Stíl Ambilight > Lean bratach.

Lig do Ambilight an bhratach tíre atá roghnaithe agat a leanúint.

Lean Feidhmchlár

⚙ Socruithe > Ambilight > Stíl Ambilight > Lean feidhmchlár.

Tá an fheidhm seo ar fáil nuair a rialaíonn tú Ambilight le feidhmchlár.

Gile, Sáithiú Ambilight

Codarsnacht, Gile

⚙ Socruithe > Ambilight > Gile.

Brúigh na saigheada ▲ (suas) nó ▼ (síos) chun leibhéal ghile Ambilight a shocrú.

Sáithiú

⚙ Socruithe > Ambilight > Sáithiú.

Brúigh na saigheada ▲ (suas) or ▼ (síos) chun an leibhéal sáithithe Ambilight a shocrú.

Ambilight + Hue

Cumraigh

⚙ Socruithe
> Ambilight > Ambilight+hue > Cumraigh.

Socraigh do bholgáin Philips Hue chun dathanna Ambilight a leanúint.

Cas as

Cas as Ambilight+hue

⚙ Socruithe > Ambilight > Ambilight+hue > Cas as.

Tumadh

⚙ Socruithe
> Ambilight > Ambilight+hue > Tumadh.

Brúigh na saigheada ▲ (suas) nó ▼ (síos) chun a chruinne is a leanann na bolgáin hue an Ambilight a athrú.

Lounge Light+hue

Má tá Ambilight+lí suiteáilte agat, is féidir leat ligint do na bolgáin hue an Solas Tolglainne ó Ambilight a leanúint. Leathnóidh na lampaí Philips Hue an éifeacht Solas Tolglainne ar fud an tseomra.

Cas air/as na bolgáin hue.

⚙ Socruithe > Ambilight > Ambilight+hue > Solas tolglainne+hue.

Féach ar Chumraíocht nó Athshocraigh

Féach ar shuiteáil reatha Ambilight+hue, líonra, Bridge agus bolgáin

⚙ Socruithe > Ambilight > Ambilight + hue > Féach ar chumraíocht.

Athshocraigh suiteáil reatha Ambilight+hue

⚙ Socruithe > Ambilight > Ambilight+hue > Athshocraigh cumraíocht.

Ardsocruithe Ambilight

Neodraigh tionchar balla dathaithe ar dhathanna Ambilight

⚙ Socruithe > Ambilight > Ardsocruithe > Dath an bhalla.

Roghnaigh dath an bhalla taobh thiar den teilifís agus cuirfidh an teilifís na dathanna Ambilight in oiriúint dó.

ISF Tiúnáil ISF

⚙ Socruithe > Ambilight > Ardsocruithe > **ISF** Tiúnáil ISF.

Déanann saineolaí Chalabrá ISF tiúnáil agus glasáil ar an dath is ansa leat do Ambilight. Nuair atá an Calabrá ISF déanta, roghnaigh ⚙ Socruithe > Ambilight > Stíl Ambilight > Lean dath > **ISF** Warm white chun tiúnáil ISF a úsáid do Ambilight.

Socraigh Ambilight chun casadh as láithreach nó céimniú amach go mall nuair a chasann tú as an teilifís

⚙ Socruithe > Ambilight > Ardsocruithe > Cas as teilifís> Maolaigh amach do As / Cas as láithreach.

14.4

Éicea-Socruithe

Socraigh leibhéal coigiltis fuinnimh

⚙ Socruithe > Éicea-Socruithe > Coigilt fuinnimh.

Roghnaigh Uasmhéid, Meánmhéid nó Íosmhéid chun céimeanna éagsúla coigilt fuinnimh a roghnú, nó roghnaigh As chun coigilt fuinnimh a chasadh as.

Socraigh an scáileán go As chun fuinnimh a choigilt

⚙ Socruithe > Éicea-Socruithe > Scáileán as.

Roghnaigh Scáileán as, castar as an scáileán teilifíse, chun an scáileán teilifíse a chasadh air arís, brúigh aon eochair ar an gclianrialtán.

Cas air an braiteoir solais thimpellaigh ionsuite

⚙ Socruithe > Éicea-Socruithe > Braiteoir solais.

Roghnaigh Braiteoir solais, íslíonn an braiteoir ionsuite

timpeallach gile an scáileán teilifíse nuair a éiríonn sé níos dorcha. Coigeartaíonn an braiteoir solais ionsuite an pictiúr go huathoibríoch do choinníollacha solais an tseomra.

Socraigh uaineadóir casadh as teilifís

⚙ Socruithe > Éicea-socruithe > Uaineadóir casadh as.

Brúigh na saigheada **▲** (suas) nó **▼** (síos) chun an luach a athrú. Díghníomhachtóidh an luach 0 (As) an casadh as uathoibríoch.

Roghnaigh Uaineadóir casadh as, casann an teilifís as go huathoibríoch chun fuinneamh a choigilt.

* Casann an teilifís as má tá comhartha teilifíse á fáil aici ach mura mbrúnn tú eochair ar an gcianrialtán i rith tréimhse 4 uaire.

* Casann an teilifís as mura bhfuil sé ag fáil comhartha teilifíse ná ordú ón gcianrialtán ar feadh 10 nóiméad.

* Má úsáideann tú an teilifís mar mhonatóir nó má úsáideann tú glacadóir digiteach chun féachaint ar an teilifís (Bosca bairr - STB) agus mura n-úsáideann tú cianrialtán na teilifíse, ba cheart duit an socrú chun an gléas a chasadh as go huathoibríoch a dhíghníomhachtú tríd an luach a athrú go 0.

14.5

Socruithe Ginearálta

Diosca Crua USB

Ní mór duit Diosca Crua USB a shuiteáil agus a fhormáidiú sula ndéanann tú taifead ar chainéal.

⚙ Socruithe > Socruithe ginearálta > Diosca Crua USB.

Sular féidir leat craoladh a chur ar sos nó a thaifeadadh, ní mór duit Diosca Crua USB a nascadh agus a fhormáidiú. Bainfidh an formáidiú as gach comhad ón Diosca Crua USB. Má tá uait craoltaí a thaifeadadh le sonraí ón Eolaire Teilifíse ón Idirlíon, ní mór duit an nasc Idirlín a shuiteáil sula suiteálann tú an Diosca Crua USB.

Rabhadh:

Tá an Diosca Crua USB formáidithe go heisiach don teilifís seo agus ní féidir leat na taifeadtaí stóráilte a úsáid ar theilifís ná ar ríomhaire eile. Ná cóipeáil agus ná hathraigh comhaid taifeadtaí ar an Diosca Crua USB le haon fheidhmchlár ríomhaireachta. Truailleoidh sé sin do thaifeadtaí. Nuair a fhormáidíonn tú Diosca Crua USB eile, caillfear an méid a bhí ar an gceann roimhe sin. Beidh athfhormáidiú ag teastáil ó Dhiosca Crua USB atá suiteáilte ar do theilifís le haghaidh a úsáide le ríomhaire.

Chun Diosca Crua USB a fhormáidiú...

1 - Nasc an Diosca Crua USB le ceann de na naisc **USB** ar an teilifís. Ná nasc gléas USB eile leis na poirt USB eile nuair atá tú i mbun formáidithe.

2 - Cas air an Diosca Crua USB agus an teilifís.

3 - Roghnaigh **Taifeadtaí** má tá uait an Teilifís a chur ar sos nó Taifeadtaí a roghnú, seachas sin, roghnaigh **Feidhmchláir** chun feidhmchláir a stóráil. Lean na treoracha ar an scáileán.

4 - Bainfear as gach comhad agus sonraí tar éis formáidithe.

5 - Nuair a bheidh an Diosca Crua USB formáidithe, fág nasctha go buan é.

Socruithe Méarchláir USB

Socraigh leagan amach an mhéarchláir don mhéarchlár USB atá suiteáilte

⚙ Socruithe > Socruithe ginearálta > Socruithe méarchláir USB.

Nasc an méarchlár USB le ceann de na naisc USB ar an teilifís seo. Nuair a bhraitheann an teilifís an méarchlár den chéad uair, is féidir leat leagan amach do mhéarchláir a roghnú agus do rogha a thástáil.

Baile nó Siopa

Roghnaigh suíomh do theilifíse

⚙ Socruithe > Socruithe ginearálta > Suíomh.

Roghnaigh Siopa, athraítear an stíl pictiúir ar ais go Gléineach, agus is féidir leat na socruithe siopa a athrú.

Is le haghaidh promóisean in-siopa mód siopa.

Suiteáil Siopa

Athraigh socruithe siopa

⚙ Socruithe > Socruithe ginearálta > Suiteáil siopa.

Má tá an teilifís socraithe do Siopa, is féidir leat fáil físeáin thaispeána faoi leith a shocrú le haghaidh a úsáide i siopa.

Athraigh Pictiúr agus fuaim

⚙ Socruithe > Socruithe ginearálta > Suiteáil siopa > Pictiúr agus fuaim.

Roghnaigh Optamaithe do shiopa nó Saincheaptha do shocruithe pictiúir agus fuaime.

Socraigh Lógónna agus meirge

⚙ Socruithe > Socruithe ginearálta > Suiteáil siopa > Lógónna agus meirge.

Socraigh chun **Gné-lógónna** agus **Meirge** promóisin a thaispeáint.

Uath-thosú Físeán Taispeána agus Uath-thosú Físeán Taispeána Ambilight

⚙ Socruithe > Socruithe ginearálta > Suiteáil siopa > Uath-thosú Físeán Taispeána / Uath-thosú Físeán Taispeána Ambilight.

Cas Air/As Uath-thosú Físeán Taispeána nó Físeán Taispeána Ambilight.

EasyLink – HDMI CEC

Nasc gléasanna HDMI CEC-comhoiriúnacha le do theilifís, is féidir leat iad a oibriú leis an gcianrialtán.

Ní mór EasyLink HDMI CEC a chasadh air ar an teilifís agus ar an ngléas nasctha.

Cas air EasyLink

⚙ Socruithe > Socruithe ginearálta > EasyLink > EasyLink > Air.

Oibrigh gléasanna HDMI CEC-comhoiriúnacha le cianrialtán na teilifíse

⚙ Socruithe > Socruithe ginearálta > EasyLink > Cianrialtán EasyLink > Air.

Tabhair faoi deara:

- Tá an seans ann nach n-oibreoidh EasyLink le gléasanna ó bhrandaí eile.
- Tá ainmneacha éagsúla ag feidhmiúlacht HDMI CEC ar bhrandaí éagsúla. Seo roinnt samplaí: Anynet, Aquos Link, Bravia Theatre Sync, Kuro Link, Simplink agus Viera Link. Níl gach branda comhoiriúnach go hiomlán le EasyLink. Is lena n-úinéirí faoi seach ainmneacha branda HDMI CEC.

Mód uathchluiche HDMI

Socraigh mód Uathchluiche HDMI

⚙ Socruithe > Socruithe ginearálta > Mód uathchluiche HDMI.

Socraigh **Mód uathchluiche HDMI** go dtí Air, má tá uait go socródh an teilifís an Stíl pictiúir go Cluiche go huathoibríoch cibé uair atá gléas HDMI nasctha leis an teilifís á faisnéisiú. Ní féidir an ghné seo a roghnú ach amháin nuair atá **HDMI Ultra HD** socraithe do **Optamach**.

HDMI Ultra HD

Is féidir leis an teilifís seo comharthaí Ultra HD a thaispeáint. Tá roinnt gléasanna ann – nasctha le HDMI – nach n-aithíonn teilifís le Ultra HD agus tá an seans ann nach n-oibreoidh siad i gceart nó go mbeidh an pictiúr nó an fhuaim díchumtha.

Chun nach mbeidh mífhaidhm ina leithéid de ghléas, is féidir leat an socrú **HDMI Ultra HD** a athrú nuair atá an teilifís san fhoinsé HDMI. Is é an socrú a moltar do ghléas oidhreachta ná **Caighdeánach**.

Socraigh caighdeán an chomhartha do gach nascóir HDMI

⚙ Socruithe > Socruithe ginearálta > HDMI Ultra HD > HDMI (port) > Caighdeánach, Optamach.

Chun na socruithe a athrú, athraigh go dtí an fhoinsé HDMI i dtosach. Roghnaigh **Optamach** chun an comhartha HDMI is airde caighdeáin a chumasú le haghaidh 4K Ultra HD agus inneachar HDR (4K60 4:4:4, 4K60 10-bit HDR).

- Ligeann an socrú **Optamach** comharthaí Ultra HD (50 Hz nó 60Hz) RGB 4:4:4 nó YCbCr 4:4:4/4:2:2/4:2:0 ar a mhéid.
- Ligeann an socrú **Caighdeánach** do chomharthaí Ultra UHD (50 Hz nó 60Hz) YCbCr 4:2:0 ar a mhéid.

An fhormaid uainithe físeáin is airde a thacaítear léi do roghanna HDMI Ultra HD:

- Taifeach: 3840 x 2160
 - Ráta frámaí (Hz): 50Hz, 59.94Hz, 60Hz
 - Fo-shamplú sonraí físe (doimhneacht datha)
 - 8 giotán: YCbCr 4:2:0, YCbCr 4:2:2*, YCbCr 4:4:4*, RGB 4:4:4*
 - 10 giotán: YCbCr 4:2:0*, YCbCr 4:2:2*
 - 12 giotán: YCbCr 4:2:0*, YCbCr 4:2:2*
- * Ní thacaítear leis ach amháin nuair a shocraítear **HDMI Ultra HD** do **Optamach**.

Roghnaigh **Caighdeánach** má tá an pictiúr nó fuaim díchumtha.

Tabhair faoi deara:

Má tá uait féachaint ar inneachar HDR10+ nó Dolby Vision ó fhoinsé HDMI, seans go mbeidh ort cumhacht do sheinntora a chasadh as agus a chasadh air arís agus é nasctha leis an teilifís atá ag seinnt a leithéid d'inneachar den chéad uair. Ní thacaítear le hinneachar HDR10+ ná Dolby Vision ach amháin nuair atá **HDMI Ultra HD** socraithe do **Optamach**.

Ardsocruithe

HbbTV Socruithe – Hybrid Broadcast Broadband TV

Cas air HbbTV

⚙ Socruithe > Socruithe ginearálta > Ardsocruithe > Socruithe HbbTV > HbbTV > Air.

Cas Traiceáil Stair HbbTV As

⚙ Socruithe > Socruithe ginearálta > Ardsocruithe > Socruithe HbbTV > Traiceáil HbbTV > As.

Bain as Fianáin HbbTV

⚙ Socruithe > Socruithe ginearálta > Ardsocruithe > Socruithe HbbTV > Fianáin HbbTV > Air.

Glan liosta na bhfeidhmchlár faofa

⚙ Socruithe > Socruithe ginearálta > Ardsocruithe > Socruithe HbbTV > Glan liosta na bhfeidhmchlár faofa.
Chun gach feidhchlár HbbTV atá faofa ag an Úsáideoir a ghlanadh.

Ainm Próifíle CAM

Socraigh ainm próifíle don CI+/CAM suiteáilte

⚙ Socruithe > Socruithe ginearálta > Ainm próifíle CAM.

Athshocraigh Socruithe teilifíse agus Athshuiteáil teilifís

Athshocraigh luach gach socrú go dtí na socruithe teilifíse bunaidh

⚙ Socruithe > Socruithe ginearálta > Socruithe monarchan.

Suiteáil an teilifís ón tús, agus athraigh stádas na teilifís ar ais go dtí an chéad uair a chas tú air í

⚙ Socruithe > Socruithe ginearálta > Athshuiteáil teilifís.

Cuir isteach cód PIN agus roghnaigh Tá, athshuiteálfar an teilifís go hiomlán.

Déanfar gach socrú agus cainéal a athshuiteáil.

D'fhéadfadh an tsuiteáil roinnt nóiméad a thógáil.

14.6

Socruithe Cloig, Réigiúin agus Teanga

Teanga

⚙ Socruithe > Réigiún agus teanga > Teanga.

Athraigh teanga roghchláir agus teachtaireachtaí na teilifíse

⚙ Socruithe > Gach socrú > Réigiún agus teanga > Teanga > Roghchlár teanga.

Socraigh teanga is fearr leat d'fhuaim

⚙ Socruithe > Gach socrú > Réigiún agus teanga > Teanga > Fuaime phríomhúil, Fuaime thánaisteach.

Is féidir le cainéil dhigiteacha teilifíse fuaime a chraoladh i gcás roinnt teangacha labhartha do chlár. Is féidir leat an phríomhtheanga fuaime agus an teanga thánaisteach fuaime is fearr leat a shocrú. Má tá fuaime ar fáil i gceann de na teangacha sin, athróidh an teilifís go dtí an fhuaim sin.

Socraigh an teanga is fearr leat d'fhotheidil

⚙ Socruithe > Réigiún agus teanga > Teanga > Fotheideal príomhúil, Fotheideal tánaisteach.

Is féidir le cainéil dhigiteacha roinnt teangacha fotheideal a thairiscint do chlár. Is féidir leat príomhtheanga fotheideal agus teanga thánaisteach a shocrú d'fhotheidil. Má tá fotheidil ar fáil i gceann de na teangacha sin, taispeánfaidh an teilifís iad.

Socraigh an teanga is fearr leat do theilithéacs

⚙ Socruithe > Réigiún agus teanga > Teanga > Téacs príomhúil, Téacs tánaisteach.

Bíonn roinnt teangacha Téacs ar fáil ag roinnt craoltóirí teilifíse digitéil.

Clog

⚙ Socruithe > Réigiún agus teanga > Clog.

Cearthaigh an clog go huathoibríoch

⚙ Socruithe > Réigiún agus

teanga > Clog > Mód Uath-chloig.

- Is é Uathoibríoch an socrú caighdeánach do chlog na teilifíse. Is as faisnéis craolta UTC – Am Uilíoch Comhordaithe a thagann an t-eolas ama.
- Mura bhfuil an clog ceart, is féidir leat clog na teilifíse a athrú go Ag Brath ar an Tír.

Ceartaigh an clog de láimh

⚙ Socruithe > Réigiún agus teanga > Clog > Mód Uath-chloig > De láimh.

⚙ Socruithe > Réigiún agus teanga > Clog > Dáta, Am.

Téigh go dtí an roghchlár roimhe sin, agus roghnaigh Dáta agus Am chun an luach a athrú.

Tabhair faoi deara:

- Mura dtaispeánann aon cheann de na socruithe uathoibríocha an t-am go cruinn, is féidir leat an t-am a shocrú de láimh.
- Má sceidealáíonn tú taifeadtaí ón Eolaire Teilifíse, molaimid duit gan an t-am agus an dáta a athrú de láimh.

Socraigh crios ama nó socraigh seach-chur ama do do réigiún

⚙ Socruithe > Réigiún agus teanga > Clog > Crios ama.

Socraigh an teilifís chun athrú go Fuireachas go huathoibríoch tar éis tréimhse ama réamhshainithe

⚙ Socruithe > Réigiún agus teanga > Clog > Uaineadóir codlata.

Méarchlár Cianrialtáin

⚙ Socruithe > Réigiún agus teanga > Méarchlár cianrialtáin.

Chun leagan amach an mhéarchláir a athrú go Azerty.

14.7

Socruithe Android

⚙ Socruithe > Socruithe Android.

Féach ar liosta na bhFeidhmchlár suiteáilte, seiceáil an méid spáis shaor atá ar fáil chun tuilleadh Feidhmchlár a íoslódáil nó díshuiteáil Feidhmchlár.

14.8

Socruithe Rochtana Uilíche

⚙ Socruithe > Rochtain Uilíoch.

Nuair atá Inrochtaineacht Uilíoch casta air, ullmhaítear an teilifís dóibh siúd atá bodhar, a bhfuil lagú éisteachta orthu, dall nó a bhfuil lagú amhairc orthu.

Cas air socruithe rochtana uilíche

⚙ Socruithe > Rochtain uilíoch > Rochtain uilíoch > Air.

Rochtain uilíoch dóibh siúd a bhfuil lagú éisteachta acu

⚙ Socruithe > Rochtain uilíoch > Lagú éisteachta > Air.

- Craolann roinnt cainéal teilifíse digiti fuaime agus fotheideal speisialta atá curtha in oiriúint dóibh siúd a bhfuil lagú éisteachta orthu nó do dhaoine atá bodhar.
- Nuair atá Lagú Éisteachta casta air, athraíonn an teilifís go huathoibríoch go dtí an fhuaim agus na fotheidil atá curtha in oiriúint, más ann dóibh.

Rochtain uilíoch dóibh siúd atá dall nó a bhfuil lagú amhairc acu

⚙ Socruithe > Rochtain uilíoch > Cur síos fuaime > Cur síos fuaime > Air

Tá cainéil teilifíse dhigiteacha in ann tráchtareacht speisialta fuaime a chraoladh a chuireann síos ar a bhfuil ag tarlú ar an scáileán.

⚙ Socruithe > Rochtain uilíoch > Cur síos fuaime > Airde fuaime measctha, Éifeachtaí fuaime, Caint.

- Roghnaigh Airde fuaime measctha, is féidir leat airde fuaime na gnáthfuaime a mheascadh leis an tráchtareacht fuaime. Brúigh na saigheada ▲ (suas) nó ▼ (síos) chun an luach a athrú.
- Socraigh Éifeacht fuaime go Air chun éifeachtaí fuaime breise a fháil sa tráchtareacht fuaime, cosúil le steiréo nó fuaime chéimneach.
- Roghnaigh Caint chun roghanna cainte a shocrú, Tuairisciúil nó Fotheidil.

Feabhsú dialóige

⚙ Socruithe > Rochtain uilíoch > Feabhsú dialóige.

Méadaigh intuigtheacht dialóige agus tráchtareachta, más ann dó.

Glasáil Socruithe

Socraigh Cód agus Athraigh Cód

Socraigh cód nua nó athshocraigh athraigh cód

⚙ Socruithe > Glas leanaí > Socraigh
cód, Athraigh cód.

Úsáidtear an cód glais leanaí chun cainéil nó cláir a
ghlasáil nó a dhíghlasáil.

Tabhair faoi deara:

Má tá do chód PIN dearmadtha agat, is féidir leat an
cód reatha a scoitheadh agus ceann nua a chur
isteach, úsáid **8888**.

Glas do Chlár

Chun íosaois chun féachaint ar chláir rátáilte a
shocrú

⚙ Socruithe > Glas leanaí > Rátáil tuismitheora.

Glas don Fheidhmchlár

Socraigh glas ar fheidhmchláir Philips

⚙ Socruithe > Glas leanaí > Glas feidhmchláir.

Is féidir leat glas a chur ar fheidhmchláir nach bhfuil
feiliúnach do leanaí. Is féidir leat glas a chur ar
fheidhmchláir ó na feidhmchláir Philips a bhfuil rátáil
18+ orthu nó próifíl shrianta a shocrú ar an roghchlár
Baile.

18+

Iarrfaidh an glas feidhmchláir 18+ ort cód PIN a chur
isteach nuair a dhéanann tú iarracht feidhmchlár a
bhfuil rátáil 18+ air a thosú. Níl an glas seo bailí ach
d'fheidhmchláir a bhfuil rátáil 18+ orthu ó na
feidhmchláir Philips.

Próifíl shrianta

Is féidir leat próifíl shrianta a shuiteáil don roghchlár
Baile nach bhfuil fáil uirthi ach na feidhmchláir a
cheadaíonn tú. Ní mór cód PIN a chur isteach chun an
phróifíl shrianta a shuiteáil agus a chasadh air.

Google Play Store – Aibíocht

Is féidir leat feidhmchláir a cheilt sa Google Play
Store, ag brath ar aibíocht na n-úsáideoirí/na
gceannaitheoirí. Ní mór duit cód PIN a chur isteach
chun an leibhéal aibíochta a roghnú nó a athrú. Beidh
na feidhmchláir atá ar fáil le haghaidh a suiteála ag
brath ar an leibhéal aibíochta.

Glas do CAM

Socraigh CAM PIN do thaifeadadh

⚙ Socruithe > Glas leanaí > CAM PIN.

Meáin

15.1

Ó Ríomhaire nó NAS

Is féidir leat féachaint ar do ghrianghraif nó do cheol agus físeáin a sheinnt ó ríomhaire nó ó NAS (Stóráis atá Ceangailte le Líonra) i do líonra baile.

Ní mór don teilifís agus don ríomhaire nó NAS a bheith sa líonra baile céanna. Ní mór duit Bogearraí Freastalaí Meán a shuiteáil ar do ríomhaire nó do NAS. Ní mór do do Fhrestálaí Meán a bheith socraithe chun comhaid a roinnt leis an teilifís. Taispeánfaidh an teilifís do chomhaid agus d'fhillteáin mar a eagraíonn an Freastálaí Meán iad nó mar atá siad struchtúrtha ar do ríomhaire nó NAS.

Ní thacaíonn an teilifís le fotheidil ar shruthanna físe ó ríomhaire nó NAS.

Má thacaíonn an Freastálaí Meán le cuardach do chomhaid, beidh réimse cuardaigh ar fáil.

Chun na comhaid ar do ríomhaire a bhrabhsáil nó a sheinnt...

- 1 - Brúigh  SOURCES, roghnaigh  Líonra agus brúigh OK.
- 2 - Roghnaigh  Gléasanna SimplyShare agus brúigh  (deas) chun an gléas atá de dhíth ort a roghnú.
- 3 - A luaithe is a nasctar gléas SimplyShare, cuirtear ainm an ghléis a nascadh in áit an mhír SimplyShare Devices.
- 4 - Is féidir leat do chuid comhad a bhrabhsáil agus a sheinnt.
- 5 - Chun éirí as físeáin, grianghraif agus ceol a sheinnt, brúigh  EXIT.

15.2

Roghchlár Ceanán

Cuir fillteán nó comhad leis an roghchlár ceanán

- 1 - Brúigh  SOURCES, roghnaigh  USB agus brúigh OK.
- 2 - Roghnaigh  Gléasanna USB agus roghnaigh fillteán nó comhad.
- 3 - Brúigh  Marcáil mar cheanán (glas) chun an fillteán nó comhad atá roghnaithe agat a chur ar an roghchlár ceanán.

Féach ar chomhaid ceanáin

- 1 - Brúigh  SOURCES, roghnaigh  USB agus brúigh OK.
- 2 - Roghnaigh  Ceanáin.
- 3 - Is féidir leat féachaint ar gach comhad ceanáin sa liosta.

15.3

An Roghchlár is Mó Éilimh agus Roghchlár na gComhad a Seinneadh go Deireanach

Féach ar na comhaid is mó a bhfuil tóir orthu nó glan an liosta

- 1 - Brúigh  SOURCES, roghnaigh  USB agus brúigh OK.
- 2 - Roghnaigh  Gléasanna USB agus roghnaigh  Is mó éilimh.
- 3 - Roghnaigh ceann de na comhaid agus brúigh OK chun féachaint ar chomhaid nó brúigh  Glan gach ceann chun an liosta a ghlanadh.

Féach ar na comhaid a seinneadh go deireanach

- 1 - Brúigh  SOURCES, roghnaigh  USB agus brúigh OK.
- 2 - Roghnaigh  Gléasanna USB agus roghnaigh  A seinneadh go deireanach.
- 3 - Roghnaigh ceann de na comhaid agus brúigh OK chun féachaint ar chomhaid nó brúigh  Glan gach ceann chun an liosta a ghlanadh.

15.4

Ó Nasc USB

Is féidir leat féachaint ar do ghrianghraif nó do cheol agus físeáin a sheinnt ó mhéaróg chuimhne USB nó diosca crua USB nasctha.

Agus an teilifís casta air agat, plugáil isteach méaróg chuimhne USB nó Diosca Crua USB i gceann de na naisc USB. Braithfidh an teilifís an gléas agus tabharfaidh sé liosta de do chomhaid Meán.

Mura dtaispeánfar an liosta comhad go uathoibríoch...

- 1 - Brúigh  SOURCES, roghnaigh  USB agus brúigh OK.
- 2 - Roghnaigh  Gléasanna USB agus brúigh  (deas) chun an gléas USB atá uait a roghnú.
- 3 - Is féidir leat do chomhaid a bhrabhsáil sa struchtúr fillteáin atá eagraithe agat ar an diosca.
- 4 - Brúigh  Seinn gach ceann chun gach comhad san fhillteán USB a sheinnt nó brúigh  Marcáil mar cheanán chun an fillteán atá roghnaithe a chur leis an roghchlár ceanán-  Ceanáin.
- 5 - Chun éirí as físeáin, grianghraif agus ceol a sheinnt, brúigh  EXIT.

Rabhadh:

Má dhéanann tú iarracht clár a chur ar sos nó é a thaifeadadh nuair atá Diosca Crua USB, iarrfaidh an teilifís ort an Diosca Crua USB a fhormáidiú. Scriosfaidh an formáidiú seo gach comhad reatha ar an Diosca Crua USB.

Seinn do chuid Físeán

Físeáin a Sheinnt


Oscail fillteán físeán

- 1 - Brúigh ➡ SOURCES, roghnaigh 📺 USB agus brúigh OK.
- 2 - Roghnaigh 📺 Gléasanna USB agus brúigh ➤ (deas) chun an gléas USB atá uait a roghnú.
- 3 - Roghnaigh Físeáin, is féidir leat 🟢 **Marcáil mar cheanán** a bhrú chun an fillteán físeán a chur leis an roghchlár ceanán - ❤️ **Ceanáin**.

Seinn físeán

- 1 - Brúigh ➡ SOURCES, roghnaigh 📺 USB agus brúigh OK.
- 2 - Roghnaigh 📺 Gléasanna USB agus brúigh ➤ (deas) chun an gléas USB atá uait a roghnú.
- 3 - Roghnaigh Físeáin agus roghnaigh ceann de na físeáin, is féidir leat 🔴 **Seinn gach ceann** a bhrú chun gach comhad san fhilleán a sheinnt nó 🟢 **Marcáil mar cheanán** a bhrú chun an físeán atá roghnaithe a chur leis an roghchlár ceanán - ❤️ **Ceanáin**.

Barra Rialuithe



- 1 - Barra dul chun cinn
- 2 - Barra rialuithe athsheanma
 - ⏮: Téigh go dtí an físeán roimhe sin i bhfillteán
 - ⏭: Téigh go dtí an chéad fhíseán eile i bhfillteán
 - ⏮⏮: Atochras
 - ⏭⏭: Mearchasadh
 - ⏸: Cuir an athsheinm ar sos
- 3 - Marcáil mar cheanáin
- 4 - Seinn gach físeán
- 5 - Fotheideal: cas fotheidil Air, As nó Air i rith Balbhaithe.
- 6 - Fotheideal teanga: roghnaigh Fotheideal teanga
- 7 - Teanga fuaime: roghnaigh teanga fuaime
- 8 - Athsheinn go randamach: seinn do chomhaid in

ord randamach.

9 - Athsheinn: seinneann sé gach físeán san fhilleán seo uair amháin nó go leanúnach

Roghanna Físeáin

Brabhsáil comhaid físe...

- Liosta/Mionsamhlacha – Amhairc liosta nó mionsamhlacha
- Athsheinn go randamach – Seinn do chomhaid in ord randamach
- Athsheinn – Seinneann sé gach físeán san fhilleán seo uair amháin nó go leanúnach.

- Eolas – Taispeáin eolas físeáin

I mbun seinnte comhaid físe...

- Marcáil mar cheanáin – Marcáil an ceol mar cheanán
- Socrú fotheidil – Socraigh clómhéid, dath, suíomh...etc na bhfotheideal

- Eolas – Taispeáin eolas ceoil

Féach ar do chuid Grianghraif

Féach ar Ghrianghraif


Oscail fillteán grianghraf

- 1 - Brúigh ➡ SOURCES, roghnaigh 📺 USB agus brúigh OK.
- 2 - Roghnaigh 📺 Gléasanna USB agus brúigh ➤ (deas) chun an gléas USB atá uait a roghnú.
- 3 - Roghnaigh Grianghraif, is féidir leat 🟢 **Marcáil mar cheanán** a bhrú chun an fillteán grianghraf a chur leis an roghchlár ceanán.

Féach ar ghrianghraf

- 1 - Brúigh ➡ SOURCES, roghnaigh 📺 USB agus brúigh OK.
- 2 - Roghnaigh 📺 Gléasanna USB agus brúigh ➤ (deas) chun an gléas USB atá uait a roghnú.
- 3 - Roghnaigh Grianghraif agus roghnaigh ceann de an grianghraif, is féidir leat 🔴 **Taispeántas Sleamhnán** a bhrú chun gach comhad san fhilleán a sheinnt nó 🟢 **Marcáil mar cheanán** a bhrú chun an grianghraf atá roghnaithe a chur leis an roghchlár ceanán - ❤️ **Ceanáin**.

Barra Rialuithe



- 1 - Barra rialuithe athsheanma
 - ◀: Téigh go dtí an grianghraif roimhe sin i bhfillteán
 - ▶: Téigh go dtí an chéad ghrianghraif eile i bhfillteán
 - ||: Cuir athseinm an taispeántais sleamhnán ar sos

- 2 - Marcáil mar cheanáin
- 3 - Tosaigh taispeántas sleamhnán
- 4 - Rothlaigh an grianghraif
- 5 - Athsheinn go randamach: seinn do chomhaid in ord randamach.
- 6 - Athsheinn: seinneann sé gach físeán san fhillteán seo uair amháin nó go leanúnach.
- 7 - Stad an ceol atá á sheinnt sa chúlra.
- 8 - Socraigh luas an taispeántais sleamhnán.

Roghanna Grianghraif

Brabhsáil comhaid grianghraf...

- Liosta/Mionsamhlacha – Amhairc liosta nó mionsamhlacha
- Athsheinn go randamach – Seinnte do chomhaid in ord randamach
- Seinnte arís – Seinnte an taispeántais sleamhnán uair amháin nó go leanúnach.

- Stop ceol – Stop an ceol cúlra ó sheinnt
- Luas an Taispeántais Sleamhnán – Socraigh luas an taispeántais sleamhnán

- Eolas – Taispeáin eolas grianghraif

I mbun seinnte comhaid grianghraf...

- Marcáil mar cheanáin – Marcáil an grianghraf mar cheanán

- Eolas – Taispeáin eolas grianghraif

Féach ar Grianghraif 360


Oscail fillteán Grianghraif 360

- 1 - Brúigh SOURCES, roghnaigh USB agus brúigh OK.
- 2 - Roghnaigh Gléasanna USB agus brúigh (deas) chun an gléas USB atá uait a roghnú.
- 3 - Roghnaigh Grianghraif 360, is féidir leat Marcáil mar cheanán a bhrú chun an fillteán grianghraif 360 a chur leis an roghchlár ceanán.

Féach ar ghrianghraf 360

- 1 - Brúigh SOURCES, roghnaigh USB agus brúigh OK.
- 2 - Roghnaigh Gléasanna USB agus brúigh (deas) chun an gléas USB atá uait a roghnú.
- 3 - Roghnaigh Grianghraif 360 agus roghnaigh ceann de na grianghraif, is féidir leat Taispeántas Sleamhnán a bhrú chun gach comhad san fhillteán a sheinnt nó Marcáil mar cheanán a bhrú chun an grianghraf atá roghnaithe a chur leis an roghchlár ceanán - Ceanáin.

Barra Rialuithe



- 1 - Barra rialuithe athsheanma
 - ◀: Téigh go dtí an grianghraif roimhe sin i bhfillteán
 - ▶: Téigh go dtí an chéad ghrianghraif eile i bhfillteán
 - ◀◀: Atochrais athsheinm ag luas 2x, 4x, 32x
 - ▶▶: Tochrais athsheinm ag luas 2x, 4x, 32x
 - ||: Cuir an athsheinm ar sos

- 2 - Marcáil mar cheanáin
- 3 - Seinnte ceann amháin/ Seinnte gach ceann: seinnte grianghraf amháin nó seinnte gach grianghraf san fhillteán seo.
- 4 - Mód de Láimh/Uathmód: nuair a thosaítear an seinnteoir 360, uathpheanáilfaidh sé an grianghraf 360 atá roghnaithe ó chlé go deas (0 go 360 céim) in amharc 360. Nuair a chuirtear isteach mód láimhe, stopfaidh an seinnteoir 360 an uathpheanáil/rothlú

chun ligint do pheanáil/rothlú láimhe leis na heochracha cianrialtáin.

5 - Amharc Little Planet: Bealach spráúil eile chun féachaint ar ghrianghraf is ea 360 photo. Nuair a thosaítear amharc Little Planet, rindreálfar an grianghraf 360 ar nós plainéid.

6 - Athsheinn go randamach: seinn do chomhaid in ord randamach.

7 - Athsheinn: seinneann sé gach físeán san fhillteán seo uair amháin nó go leanúnach.

8 - Stad an ceol atá á sheinnt sa chúlra.

Roghanna do 360 Photo

Brabhsáil comhaid grianghraf 360...

- Liosta/Mionsamhlacha – Amhairc liosta nó mionsamhlacha
- Athsheinn go randamach – Seinn do chomhaid in ord randamach
- Athsheinn – Seinn do chomhaid uair amháin nó go leanúnach
- Stop ceol – Stop an ceol cúlra ó sheinnt

I mbun seinnte comhaid grianghraf...

- Athshocraigh amharc – Athshocraigh an t-amharc féachana
- Eolas – Taispeáin eolas grianghraif 360

15.7

Seinn do Cheol

Seinn Ceol

Oscail fillteán ceoil


- 1 - Brúigh  SOURCES, roghnaigh  USB agus brúigh OK.
- 2 - Roghnaigh  Gléasanna USB agus brúigh  (deas) chun an gléas USB atá uait a roghnú.
- 3 - Roghnaigh Ceol, is féidir leat  Marcáil mar cheanán a bhrú chun an fillteán ceoil a chur leis an roghchlár ceanán -  Ceanáin.
- 4 - Is féidir leat ceol a aimsiú go tapaídh trí úsáid a bhaint as an rangú
 - Séanraí, Ealaíontóirí, Albaim, Traiceanna.

Seinn ceol

- 1 - Brúigh  SOURCES, roghnaigh  USB agus brúigh OK.
- 2 - Roghnaigh  Gléasanna USB agus brúigh  (deas) chun an gléas USB atá uait a roghnú.
- 3 - Roghnaigh Ceol agus roghnaigh ceann de na ranguithe chun féachaint ar chomhaid ceoil.
- 4 - Roghnaigh comhad ceoil agus is féidir leat  Seinn gach ceann a bhrú chun gach comhad san fhillteán a sheinnt nó  Marcáil mar cheanán a

bhrú chun an ceol atá roghnaithe a chur leis an roghchlár ceanán -  Ceanáin.

Barra Rialuithe



- 1 - Barra dul chun cinn
- 2 - Barra rialuithe athsheanma
 -  : Téigh go dtí an ceol roimhe sin i bhfillteán
 -  : Téigh go dtí an chéad cheol eile i bhfillteán
 -  : Atochras
 -  : Mearchasadh
 -  : Cuir an athsheinm ar sos

- 3 - Marcáil mar cheanán
- 4 - Seinn gach ceol
- 5 - Athsheinn go randamach: seinn do chomhaid in ord randamach.
- 6 - Seinn Arís: seinneann sé gach ceol san fhillteán seo uair amháin nó go leanúnach.

Roghanna Ceoil

Brabhsáil comhaid ceoil...

- Athsheinn go randamach – Seinn do chomhaid in ord randamach.
- Seinn Arís – Seinn gach amhrán san fhillteán seo uair amháin nó go leanúnach.

I mbun seinnte comhaid ceoil...

- Marcáil mar cheanán – Marcáil an ceol mar cheanán

Eolaire Teilifíse

16.1

A bhfuil de dhíth ort

Is féidir leat liosta de na cláir reatha agus iad siúd atá sceidealta ar do chainéil a fheiceáil leis an Eolaire Teilifíse. Taispeánfar cainéil analógacha agus dhigiteacha nó cainéil dhigiteacha amháin, ag brath ar cé as atá eolas (sonraí) an eolaire teilifíse ag teacht. Ní bhíonn eolas Eolaire Teilifíse ag gach cainéal.

Is féidir leis an teilifís eolas eilifíse a bhailiú do na cainéil atá suiteáilte ar an teilifís. Ní féidir leis an teilifís eolas Eolaire Teilifíse a bhailiú do chainéil a bhféachtar orthu ó ghlacadóir digiteach nó díchódóir.

16.2

Sonraí Eolaire Teilifíse

Faigheann an t-eolaire teilifíse eolas (sonraí) ó chraoltóirí. D'fhéadfadh eolas eolaire teilifíse gan a bheith ar fáil i roinnt réigiún agus i gcás roinnt cainéal. Is féidir leis an teilifís eolas eilifíse a bhailiú do na cainéil atá suiteáilte ar an teilifís. Ní féidir leis an teilifís eolas Eolaire Teilifíse a bhailiú do chainéil a bhféachtar orthu ó ghlacadóir digiteach nó díchódóir.

16.3

An Eolaire Teilifíse a Úsáid

Oscail an Eolaire Teilifíse

Chun an t-eolaire teilifíse a oscailt, brúigh **TV GUIDE**. Taispeánfaidh an tEolaire Teilifís cainéil an tiúnóra atá roghnaithe.

Brúigh **TV GUIDE** arís chun dúnadh.

Déanann an teilifís scanadh ar gach cainéal teilifíse le haghaidh eolas cláir an chéad uair a osclaíonn tú an tEolaire Teilifíse. D'fhéadfadh sé seo roinnt nóiméad a thógáil. Stóráltar sonraí an Eolaire Teilifíse ar an teilifís.

Tiúin do Chlár

Is féidir leat tiúnáil go clár reatha ón Eolaire Teilifíse.

Chun athrú go dtí an clár (cainéal), roghnaigh an clár agus brúigh **OK**.

Féach ar shonraí cláir

Chun sonraí an chláir atá roghnaithe a thaispeáint...

1 - Brúigh **+** **OPTIONS**, roghnaigh Faisnéis Cláir agus brúigh **OK**.

2 - Brúigh **←** **BACK** chun dúnadh.

Athraigh an Lá

Tá an tEolaire Teilifíse in ann na cláir atá sceidealaithe do na laethanta atá romhainn a thaispeáint (uasmhéid de 8 lá).

Brúigh an eochair datha **—** Lá agus roghnaigh an lá atá uait.

Meabhrúchán a Shocrú

Is féidir leat meabhrúchán a shocrú do chlár. Tabharfaidh teachtaireacht rabhadh duit ag tús an chláir. Is féidir leat tiúnáil go dtí an cainéal sin láithreach.

Marcáltar clár a bhfuil meabhrúchán air le **Ⓜ** (clog).san Eolaire teilifíse.

Chun meabhrúchán a shocrú...

1 - Brúigh **TV GUIDE** agus roghnaigh clár atá le craoladh go gairid.

2 - Brúigh **+** **OPTIONS** agus roghnaigh **Socraigh meabhrúchán**.

3 - Brúigh **←** **BACK** chun an roghchlár a dhúnadh.

Chun meabhrúchán a ghlanadh...

1 - Brúigh **TV GUIDE** agus roghnaigh clár a bhfuil meabhrúchán air.

2 - Brúigh **+** **OPTIONS** agus roghnaigh **Glan meabhrúchán**.

3 - Brúigh **←** **BACK** chun an roghchlár a dhúnadh.

Cuardaigh de réir Seánra

Má tá an t-eolas ar fáil, is féidir leat cláir sceidealaithe a aimsiú de réir seánra cosúil le scannáin, spóirt, srl.

Chun cuardach a dhéanamh do chlár de réir seánra...

1 - Brúigh **TV GUIDE**.

2 - Brúigh **+** **OPTIONS**.

3 - Roghnaigh **Déan Cuardach de réir Seánra** agus brúigh **OK**.

4 - Roghnaigh an seánra atá uait agus brúigh **OK**. Taispeánfar liosta leis na cláir a aimsíodh.

5 - Is féidir leat meabhrúcháin a shocrú nó clár a sceidealú le haghaidh a thaifeadta.

6 - Brúigh **←** **BACK** chun an roghchlár a dhúnadh.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi Thaifeadadh, brúigh an eochair datha **—** Eochairfhocail agus déan cuardach do Thaifeadadh.

* Níl fáil air nuair atáthar ag roghnú cainéal DVB-S

Liosta Meabhrúchán

Is féidir leat féachaint ar an liosta meabhrúchán atá socraithe agat.

Liosta Meabhrúchán

Chun an liosta meabhrúchán a oscailt...

- 1 - Brúigh  TV GUIDE.
- 2 - Brúigh an eochair datha  Taifeadtaí .
- 3 - Ar bharr an scáileáin, roghnaigh  Sceidealta agus brúigh  OK.
- 4 - Roghnaigh an táb Meabhrúcháin i liosta na dtaifeadtaí atá sceidealta agus na meabhrúchán agus brúigh  OK chun féachaint ar na meabhrúcháin amháin.
- 5 - Brúigh an eochair datha  Bain as chun an meabhrúchán atá roghnaithe a bhaint as. Brúigh an eochair datha  Taifead chun an clár atá roghnaithe a thaifeadadh.
- 6 - Brúigh  BACK chun an roghchlár a dhúnadh.

Socraigh Taifeadadh

Is féidir leat taifeadadh a shocrú san Eolaire Teilifíse*.

Chun an liosta taifeadta a fheiceáil, brúigh  Taifeadtaí , marcálar clár atá le taifeadadh le  (ponc dearg) ar ainm an chláir.

Chun clár a thaifeadadh...

- 1 - Brúigh  TV GUIDE agus roghnaigh clár atá á craoladh faoi láthair nó atá le craoladh sa todhchaí.
- 2 - Brúigh an eochair datha  Taifead .
- 3 - Brúigh  BACK chun an roghchlár a dhúnadh.

Chun taifeadadh a chur ar ceal...

- 1 - Brúigh  TV GUIDE agus roghnaigh an clár atá socraithe le haghaidh a thaifeadta.
- 2 - Brúigh an eochair datha  Glan Taifeadadh .
- 3 - Brúigh  BACK chun an roghchlár a dhúnadh.

* Chun clár teilifíse atá uait a thaifeadadh...

- Tiomántán Diosca Crua USB nasctha ar an teilifís seo
- cainéil teilifíse dhigiteacha suiteáilte ar an teilifís seo
- chun eolais faoi chainéil a fháil don Eolaire Teilifíse ar an scáileán
- socrú cloig teilifíse iontaofa. Má athshocraíonn tú clog na teilifíse de láimh, d'fhéadfadh na taifeadtaí teipeadh.

Taifeadadh agus Cuir Teilifís ar Sos

17.1

Taifeadadh

A bhfuil de dhíth ort

Is féidir leat craoladh teilifíse digítí a thaifeadadh agus féachaint air níos deireanaí.

Chun clár teilifíse a thaifeadadh, teastaíonn na nithe seo a leanas uait...

- Tiomántán Diosca Crua USB nasctha ar an teilifís seo
- cainéil teilifíse dhigiteacha suiteáilte ar an teilifís seo
- chun eolais faoi chainéil a fháil don Eolaire Teilifíse ar an scáileán
- socrú cloig teilifíse iontaofa. Má athshocraíonn tú clog na teilifíse de láimh, d'fhéadfadh na taifeadtaí teipeadh.

Ní féidir leat taifeadadh nuair atá Cuir an Teilifís ar Sos in úsáid agat.

Maidir le reachtaíocht cóipchirt a fhorfeidhmiú, is féidir le roinnt soláthróirí DVB srianta éagsúla a chur i bhfeidhm trí theicneolaíocht DRM (Bainistíocht Ceart Digiteach) a úsáid. I gcás cainéil chosanta a chraoladh, d'fhéadfadh srian a bheith ar thaifeadadh, ar bhailíocht taifead nó ar an líon amharc. D'fhéadfadh cosc iomlán a bheith ar thaifeadadh. Sa chás go ndéantar iarracht craoladh cosanta a thaifeadadh nó taifead éagtha a athsheinnt, seans go dtaispeánfaí teachtaireacht earráide.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi Diosca Crua USB a shuiteáil, in **Cabhair**, brúigh an eochair datha **— Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Diosca Crua USB**, suiteáil.

Tabhair faoi deara:

Is do chraoladh teilifíse amháin an fheidhm taifeadta. Ní féidir inneachar a thaifeadadh ó ghléasanna seachtracha (e.g. HDMI).

Nuair atáthar i mbun taifeadta, ní féidir féachaint ar chainéal scrofa beo. Féach ar an tábla thíos le haghaidh eolais faoi fháil Watch and Record.

Recording channel	Zap to	Watch	Record
Free	Free	O	O
Scramble	Free	O	O
Free	Scramble	X	O
Scramble	Scramble	X	O

O: Available; X: Not Available

* Chun tuilleadh eolais a fháil faoin socrú dhá thiúnóir,

féach ar an gcaibidil “Ilamharc agus taifeadadh le dhá thiúnóir”.

Clár a Thaifeadadh

Taifead Anois

Chun an clár a bhfuil tú ag féachaint air anois a thaifeadadh, brúigh **●** (Taifead) ar an gclár rialtán. Tosódh an taifeadadh láithreach.

Chun taifeadadh a stopadh, brúigh **■** (Stop).

Nuair atá sonraí ón Eolaire Teilifíse ar fáil, taifeadfar an clár a bhfuil tú ag féachaint air ón nóiméad a bhrúigh an eochair taifeadta go dtí go dtagann deireadh leis an gclár. Mura bhfuil aon sonraí Eolaire Teilifíse ar fáil, ní mhairfidh an taifeadadh ach 30 nóiméad. Is féidir leat an t-am a chríochnóidh an taifeadadh a athrú sa liosta **Taifeadtaí**.

Sceidealaigh Taifeadadh

Is féidir leat taifeadadh cláir atá le craoladh inniu nó i gceann cúpla lá (suas le 8 lá) a sceidealú. Bainfidh an teilifís úsáid as na sonraí ón Eolaire Teilifíse chun tús a chur le taifeadadh agus chun deireadh a chur leis.

Chun clár a thaifeadadh...

- 1 – Brúigh **⏏** **TV GUIDE**.
- 2 – Ar leathanach an Eolaire Teilifíse, roghnaigh an cainéal agus an clár a bhfuil uait é a thaifeadadh. Brúigh **➤** (deas) nó **➤** (Clé) chun scrolláil trí chlár cainéil. Úsáid an eochair datha **—** Lá agus roghnaigh an lá atá uait.
- 3 – Agus an clár roghnaithe agat, brúigh an eochair datha **— Taifead**. Tá an clár sceidealta chun taifeadadh. Taispeánfar rabhadh go huathoibríoch nuair atá taifeadtaí sceidealta atá ag forluí ar a chéile. Má tá tú ag beartú clár a thaifeadadh nuair nach bhfuil tú sa bhaile, ná déan dearmad an teilifís a fhágáil ar Fuireachas agus an Diosca Crua USB a fhágáil casta air.
- 4 – Cuireann an teilifís roinnt ama maoláin isteach ag deireadh an chlár. Is féidir leat an t-achar ama sin a mhionathrú le **Auto End Margin**.
- 5 – Brúigh **⏮** **BACK** chun an roghchlár a dhúnadh.

Liosta Taifeadtaí

Is féidir leat do chuid taifeadtaí a fheiceáil agus a bhainistiú sa liosta taifeadtaí. In aice leis an liosta taifeadtaí, tá lisota eile ann do thaifeadtaí sceidealta agus do mheabharrúcháin.

Chun an liosta taifeadtaí a oscailt...

- 1 – Brúigh **⏏** **TV GUIDE**.
- 2 – Brúigh an eochair datha **— Taifeadtaí**.

- 3 - Sa liosta taifeadtaí, roghnaigh na tábanna **Nua**, **Feicthe** nó **Éagtha** agus brúigh **OK** chun d'amharc a scagadh.
- 4 - Agus taifeadadh roghnaithe sa liosta agat, is féidir leat an taifeadadh a bhaint as leis an eochair datha **— Bain As** nó taifeadadh leanúnach a stopadh leis an eochair datha **— Stop Taifeadadh**. Is féidir leat taifeadadh a athainmniú leis an eochair datha **— Athainmigh**.
- 5 - Brúigh **← BACK** chun an roghchlár a dhúnadh.

Is féidir le craoltóir teorainn a chur leis an líon laethanta ar féidir féachaint ar thaifeadadh. Nuair a théann an tréimhse seo in éag, marcálfar an taifeadadh mar éagtha. Is féidir le taifeadadh sa liosta an líon laethanta sula ngabhfaidh sé in éag a thaispeáint.

Nuair a chuireann an craoltóir cosc le taifeadadh sceidealaithe nó nuair a bhristear isteach ar chraoladh, marcáiltear taifeadadh mar **Teipthe**.

Coimhlintí Taifeadta

Nuair atá dhá thaifeadadh sceidealta ag forluí ar a chéile, tá coimhlint taifeadta ann. Chun coimhlint taifeadta a réiteach, is féidir leat am tosaithe agus am críochnaithe ceann amháin nó an dá thaifeadadh a athrú.

Chun am tosaithe agus am críochnaithe taifeadta sceidealta a athrú...

- 1 - Brúigh **≡ TV GUIDE**.
- 2 - Brúigh an eochair datha **— Taifeadtaí**.
- 3 - Ar bharr an scáileáin, roghnaigh **⌚ Sceidealta** agus brúigh **OK**.
- 4 - Roghnaigh an táb **Taifeadtaí** i liosta na dtaifeadtaí atá sceidealta agus na meabhrúcháin agus brúigh **OK** chun féachaint ar na taifeadtaí atá sceidealta amháin.
- 5 - Roghnaigh an taifeadadh sceidealta atá ag coimhlint le taifeadadh sceidealta eile agus agus brúigh an eochair datha **— Athraigh Am**.
- 6 - Roghnaigh am tosaithe nó am críochnaithe agus athraigh an t-am leis na heochracha **▲ (suas)** nó **▼ (síos)**. Roghnaigh **Cuir i bhFeidhm** agus brúigh **OK**.
- 7 - Brúigh **← BACK** chun an roghchlár a dhúnadh.

Auto End Margin

Is féidir leat an t-achar ama a chuirfidh an teilifís go huathoibríoch le deireadh gach taifeadadh sceidealta a shocrú.

Chun an t-achar ama uathoibríoch ag deireadh an taifeadta a shocrú...

- 1 - Brúigh **≡ TV GUIDE**.
- 2 - Brúigh an eochair datha **— Taifeadtaí**.

- 3 - Brúigh **+ OPTIONS** agus roghnaigh **Auto End Margin** agus brúigh **OK**.
- 4 - Brúigh **▲ (suas)** nó **▼ (síos)** agus brúigh **OK** chun an t-achar ama a chuirtear le taifeadadh a shocrú go huathoibríoch. Is féidir leat suas le 45 nóimead a chur le taifeadadh.
- 5 - Brúigh **← BACK** chun an roghchlár a dhúnadh.

Taifeadadh de láimh

Is féidir leat taifeadadh a sceidealú nach bhfuil nasctha le clár teilifíse. Socraíonn tú an cineál tiúnóra, an cainéal agus an t-am tosaithe agus críochnaithe tú féin.

Chun taifeadadh a sceidealú de láimh...

- 1 - Brúigh **≡ TV GUIDE**.
- 2 - Brúigh an eochair datha **— Taifeadtaí**.
- 3 - Ar bharr an scáileáin, roghnaigh **⌚ Sceidealta** agus brúigh **OK**.
- 4 - Brúigh **+ OPTIONS**, roghnaigh **Sceidealtaigh** agus brúigh **OK**.
- 5 - Roghnaigh an tiúnóir a bhfuil uait taifeadadh uaidh agus brúigh **OK**.
- 6 - Roghnaigh an cainéal a bhfuil uait taifeadadh uaidh agus brúigh **OK**.
- 7 - Roghnaigh lá an taifeadta agus brúigh **OK**.
- 8 - Socraigh am tosaithe agus críochnaithe an taifeadta. Roghnaigh cnaipe agus úsáid na heochracha **▲ (suas)** nó **▼ (síos)** chun na huaireanta agus na nóiméid a shocrú.
- 9 - Roghnaigh **Taifead** agus brúigh **OK** chun an taifeadadh de láimh a sceidealú.

Taispeánfar an taifeadadh sa liosta taifeadtaí sceidealta agus meabhrúcháin.

Féach ar Thaifeadadh

Chun féachaint ar thaifeadadh...

- 1 - Brúigh **≡ TV GUIDE**.
- 2 - Brúigh an eochair datha **— Taifeadtaí**.
- 3 - Sa liosta taifeadtaí, roghnaigh an taifeadadh atá uait agus brúigh **OK** chun tosú ag féachaint.
- 4 - Is féidir leat úsáid a bhaint as na heochracha **|| (cuir ar sos)**, **▶ (seinn)**, **◀ (atochas)**, **▶▶ (mearchasadh)** nó **■ (stop)**.
- 5 - Chun athrú ar ais go féachaint ar theilifís, brúigh **TV EXIT**.

Cuir teilifís ar sos

A bhfuil de dhíth ort

Is féidir leat craoladh teilifíse digití a chur ar sos agus tosú ag féachaint air arís níos deireanaí.

Chun clár teilifíse a chur ar sos, beidh na nithe seo ag teastáil uait...

- Tiomántán Diosca Crua USB nasctha ar an teilifís seo
- cainéil teilifíse dhigiteacha suiteáilte ar an teilifís seo
- chun eolais faoi chainéil a fháil don Eolaire Teilifíse ar an scáileán

Nuair atá an Diosca Crua USB nasctha agus formáidithe, stóráil an teilifís an craoladh teilifíse a bhfuil tú ag féachaint air go leanúnach. Nuair a athraíonn tú go cainéal eile, glantar craoladh an chainéil roimhe sin. Nuair a athraíonn tú an teilifís go Fuireachas, glantar an craoladh freisin.

Ní féidir leat an Teilifís a chur ar Sos agus tú i mbun taifeadta.

Chun tuilleadh eolais a fháil, in **Cabhair**, brúigh an eochair datha  **Eochairfhocail** agus déan cuardach do Diosca Crua USB, suiteáil.

agus arís eile chun an áit a bhfuil uait tosú ag féachaint ar an gcráoladh atá curtha ar sos a roghnú. Brúigh na heochracha sin arís agus arís eile chun an luas a athrú. Bainfidh tú tús na stórála craolta amach nó an t-uasmhéid achar ama.

3 – Brúigh  (Seinn) chun féachaint ar an gcráoladh arís.

4 – Brúigh  (Stop) chun féachaint ar an gcráoladh beo.

Clár a chur ar sos

Chun craoladh a chur ar sos agus a thosú arís...

- Chun craoladh a chur ar sos, brúigh  (Cuir ar sos). Taispeánfar barra dul chun cinn ag bun an scáileáin.
- Chun an barra dul chun cinn a thaispeáint ar an scáileán arís, brúigh  (Cuir ar sos) arís.
- Chun tosú ag féachaint arís, brúigh  (Seinn).

Nuair atá an barra dul chun cinn ar an scáileán, brúigh  (Atochrais) nó brúigh  (Ar Aghaidh) chun an áit a bhfuil uait tosú ag féachaint ar an gcráoladh atá curtha ar sos a roghnú. Brúigh na heochracha sin arís agus arís eile chun an luas a athrú.

Is féidir leat craoladh a chur ar sos ar feadh tréimhse ama nach faide ná 90 nóiméad.

Brúigh  (Stop) chun filleadh ar an gcráoladh beo teilifíse féin.

Athsheinn

Mar go stóráil an teilifís an craoladh a bhfuil tú ag féachaint air, is féidir leat an craoladh a athsheinnt ar feadh roinnt soicind.

Chun an craoladh reatha a athsheinnt ...

1 – Brúigh  (Cuir ar sos)

2 – Brúigh  (Atochras). Is féidir leat  a bhrú arís

Fóin Chliste agus Táibléid

18.1

Philips TV Remote App

Is é an Philips TV Remote App nua ar d'fhón cliste nó ar do thaibléad do chara nua.

Tá tú i gceannas ar na meáin atá mórthimpeall ort leis an TV Remote App. Seol grianghraif, ceol nó físeáin chuig do scáileán teilifíse. Fiosraigh a bhfuil uait féachaint air san Eolaire Teilifíse agus féach air ar an teilifís. * Nuair a úsáideann tú d'fhón mar chianrialtán, is féidir an teilifís a chasadh air nó as le d'fhón leis an bhFeidhmchlár Remote TV.

Íoslódáil an Philips TV Remote App ón siopa feidhmchlár is ansa leat inniu.

Tá TV Remote App Philips ar fáil in aisce do iOS agus Android.

18.2

Google Cast

A bhfuil de dhíth ort

Má tá Google Cast ar fheidhmchlár ar do ghléas soghluaiste, is féidir leat d'fheidhmchlár a theilgean ar an teilifís seo. Déan cuardach do dheilbhín Google Cast ar an ngléas soghluaiste. Is féidir leat úsáid a bhaint as do ghléas soghluaiste chun a bhfuil ar an teilifís a rialú. Oibríonn Google Cast ar Android agus ar iOS.

Ní mór do ghléas soghluaiste a bheith nasctha leis an líonra baile Wi-Fi céanna le do theilifís.

Feidhmchláir le Google Cast

Tagann feidhmchláir nua do Google Cast amach gach lá. Is féidir leat triail a bhaint as le YouTube, Chrome, Netflix, Photowall ... nó Big Web Quiz for Chromecast. Féach freisin google.com/cast

Tá roinnt táirgí agus gnéithe Google Play nach bhfuil ar fáil i ngach tír.

Faigh tuilleadh eolais ar support.google.com/androidtv

Teilgean chuid do theilifís

Chun feidhmchlár a theilgean chuig scáileán na teilifíse...

- 1 – Oscail feidhmchlár a thacaíonn le Google Cast ar d'fhón cliste nó do thaibléad.
- 2 – Tabáil an deilbhín Google Cast.
- 3 – Roghnaigh an teilifís ar mhaith leat teilgean chuige.
- 4 – Brúigh seinn ar d'fhón cliste nó do thaibléad. Ba cheart don rud a roghnaigh tú tosú ag seinnt ar an teilifís.

18.3

AirPlay

Chun feidhmiúlacht AirPlay a chur le do Android TV, is féidir leat ceann amháin de na feidhmchláir Android a íoslódáil agus a shuiteáil. Is féidir leat go leor de na feidhmchláir sin a fháil sa Google Play Store.

Cluichí

19.1

A bhfuil de dhíth ort

Is féidir leat cluichí a imirt ar an teilifís seo...

- ón mBailiúchán Philips TV sa roghchlár Baile
- ón Google Play Store ar an roghchlár Baile
- Ó Chonsól Cluiche nasctha

Ní mór cluichí ón mBailiúchán PhilipsTV nó ón Google Play Store a bheith íoslódáilte agus suiteáilte ar an teilifíse sula bhféadfaí iad a imirt. Teastaíonn ceap stiúrtha ó roinnt cluichí chun iad a imirt.

Chun feidhmchláir cluiche a shuiteáil ón mBailiúchán Philips TV nó ón Google Play Store, ní mór don teilifís a bheith nasctha leis an Idirlíon. Ní mór duit glacadh leis na Téarmaí Úsáide chun feidhmchláir ó Bhailiúchán Philips TV a úsáid. Ní mór duit síniú isteach le Cuntas Google chun na feidhmchláir Google Play agus Google Play Store a úsáid.

19.2

Ceapa Stiúrtha

Chun cluichí ón Idirlíon a sheinnt ar an teilifís seo, is féidir leat raon roghnaithe Ceapa Stiúrtha gan sreang a nascadh. Tá an teilifís in ann tacú le 2 Ceap Stiúrtha nasctha ag aon am amháin. Nuair a nascann tú an Ceap Stiúrtha, is féidir leat é a úsáid láithreach.

Chun tuilleadh eolais faoin gcaoi ceap stiúrtha a nascadh, [Help](#), brúigh an eochair datha

 Eochairfhocail agus déan cuardach do Ceap Stiúrtha, nasc.

19.3

Cluiche a Imirt

Ó Chonsól Cluiche

Chun cluiche a thosú ó Chonsól Cluiche...

- 1 - Cas air an Consól Cluiche.
- 2 - Brúigh  SOURCES agus roghnaigh consól cluiche nó ainm an naisc.
- 3 - Tosaigh an cluiche.
- 4 - Brúigh  BACK arís agus arís eile nó brúigh  EXIT nó is féidir leat an feidhmchlár a stopadh leis an gcnaipe.

Chun tuilleadh eolais faoin gcaoi Consól Cluiche a nascadh, [Cabhair](#), brúigh an eochair datha  Eochairfhocail agus déan cuardach do Consól Cluiche, nasc.

Ambilight

20.1

Ambilight, Air nó As

Lean Físeán

Is féidir leat Ambilight a shocrú chun an físeán a leanúint nó dinimicí fuaime cláir teilifíse. Mar rogha air sin, is féidir leat Ambilight a shocrú chun stíl datha réamhshocraithe a thaispeáint nó is féidir leat Ambilight a chasadh as.

Má roghnaíonn tú **Lean Físeán**, is féidir leat ceann de na stíleanna a leanann dinimicí an phictiúir ar do scáileán teilifíse a roghnú.

Chun an Stíl Ambilight a shocrú...

- 1 – Brúigh **ambilight**.
- 2 – Roghnaigh **Lean Físeán** agus brúigh **OK**.
- 3 – Roghnaigh an stíl atá uait agus brúigh **OK**.
- 4 – Brúigh **↩** (clé) chun dul siar céim amháin nó brúigh **← BACK** chun an roghchlár a dhúnadh.

Is iad na stíleanna **Lean Físeán** atá ar fáil ná...

- **Caighdeánach** – Feileann sé do ghnáthfhéachaint teilifíse
- **Nádúrtha** – Leanann sé an pictiúr nó an fhuaim sound chomh dílis agus is féidir
- **Peil** – Feileann sé do chluichí peile
- **Gléineach** – Feiliúnach d'fhéachaint i rith an lae

- **Cluiche** – Feiliúnach do chluichíocht
- **Compordach** – Feiliúnach do thráthnóna ciúin
- **Lig do Scíth** – Cruthaíonn sé braistint toglainne

Lean Fuaim

Is féidir leat Ambilight a shocrú chun an físeán a leanúint nó dinimicí fuaime cláir teilifíse. Mar rogha air sin, is féidir leat Ambilight a shocrú chun stíl datha réamhshocraithe a thaispeáint nó is féidir leat Ambilight a chasadh as.

Má roghnaíonn tú **Lean Fuaim**, is féidir leat ceann de na stíleanna a leanann dinimicí na fuaime a roghnú.

Chun an Stíl Ambilight a shocrú...

- 1 – Brúigh **ambilight**.
- 2 – Roghnaigh **Lean Fuaim** agus brúigh **OK**.
- 3 – Roghnaigh an stíl atá uait agus brúigh **OK**.
- 4 – Brúigh **↩** (clé) chun dul siar céim amháin nó brúigh **← BACK** chun an roghchlár a dhúnadh.

Is iad na stíleanna **Lean Fuaim** atá ar fáil ná...

- **Lumina** – Meascann sé dinimicí fuaime le dathanna físe

- **Colora** – Bunaithe ar dhinimicí fuaime
- **Retro** – Bunaithe ar dhinimicí fuaime
- **Spectrum** – Bunaithe ar dhinimicí fuaime
- **Scanner** – Bunaithe ar dhinimicí fuaime
- **Rhytm** – Bunaithe ar dhinimicí fuaime
- **Party** – Meascán de gach stíl Lean Fuaim, ceann i ndiaidh a chéile

Lean Dath

Is féidir leat Ambilight a shocrú chun an físeán a leanúint nó dinimicí fuaime cláir teilifíse. Mar rogha air sin, is féidir leat Ambilight a shocrú chun stíl datha réamhshocraithe a thaispeáint nó is féidir leat Ambilight a chasadh as.

Má roghnaíonn tú **Lean Dath**, is féidir leat ceann de na scéimeanna datha réamhshocraithe a roghnú.

Chun an Stíl Ambilight a shocrú...

- 1 – Brúigh **ambilight**.
- 2 – Roghnaigh **Lean Dath** agus brúigh **OK**.
- 3 – Roghnaigh an stíl atá uait agus brúigh **OK**.
- 4 – Brúigh **↩** (clé) chun dul siar céim amháin nó brúigh **← BACK** chun an roghchlár a dhúnadh.

Is iad na stíleanna **Lean Dath** atá ar fáil ná...

- **Hot Lava** – Malairtí deirge
- **Deep Water** – Malairtí goirim
- **Fresh Nature** – Malairtí uaine
- **ISF Warm white** – Dath statach
- **Cool White** – Dath statach

Lean Bratach

Is féidir leat Ambilight a shocrú chun an bhratach tíre atá roghnaithe agat a leanúint.

Lean Feidhmchlár

Is féidir leat Ambilight a shocrú chun an físeán a leanúint nó dinimicí fuaime cláir teilifíse. Mar rogha air sin, is féidir leat Ambilight a shocrú chun stíl datha réamhshocraithe a thaispeáint nó is féidir leat Ambilight a chasadh as.

Tá an socrú **Lean Feidhmchlár** ar fáil nuair a rialaíonn tú Ambilight le feidhmchlár.

Ambilight As

Chun Ambilight a chasadh as...

- 1 – Brúigh *ambilight*.
- 2 – Roghnaigh As agus brúigh OK.
- 3 – Brúigh ⬅ (clé) chun dul siar céim amháin nó brúigh ⬅ BACK chun an roghchlár a dhúnadh.

Socruithe Ambilight

Chun tuilleadh eolais a fháil, in Cabhair, brúigh an eochair datha  Eochairfhocail agus déan cuardach do Ambilight, Socruithe.

Mód Solais Tolglainne

Ligeann solas tolgainne do theilifís duit an Ambilight a chasadh air nuair atá an teilifís i bhfuireachas. Is féidir leat mar sin do sheomra a shoilsiú le Ambilight.

Tar éis duit do theilifís a athrú go fuireachas agus tú ag iarraidh an solas tolgainne Ambilight a chasadh air, lean na céimeanna seo a leanas:

- 1 – Brúigh *ambilight*.
- 2 – Tar éis duit *ambilight* a bhrú, casfar an solas tolgainne Ambilight air.
- 3 – Brúigh *ambilight* arís más mian leat athrú go héifeacht solais eile.
- 4 – Chun an solas tolgainne Ambilight a chasadh as, brúigh *ambilight* go dtí go gcastar na soilse as. Seans go mbeidh ort an cnaipe *ambilight* a bhrú roinnt uaireanta.

Sár-Roghanna

Maidir le Sár-Roghanna

Le  Sár-Roghanna, molann do theilifís...

- cláir teilifíse reatha in **Ar an teilifís anois**
- seirbhísí ar líne teilifíse (Catch Up TV) in **Teilifís ar Éileamh**
- na físeáin ar cíós is deireanaí in **Físeán ar Éileamh**
- seirbhísí teilifíse ar líne (Catch Up TV) ó Freeview in **Freeview Play***

Chun taitneamh a bhaint as Sár-Roghanna, nasc do theilifís leis an Idirlíon. Bí cinnte go nglacann tú leis na Téarmaí Úsáide. Níl seirbhísí ná eolas faoi na Sár-Roghanna ar fáil ach amháin i dtíortha faoi leith.

Téarmaí Úsáide

Ní mór duit glacadh leis na Téarmaí Úsáide chun ligint don teilifís na moltaí seo a dhéanamh. Cinntigh go bhfuil tic curtha agat sa ticbhosca do **Toiliú do Mholtaí Pearsantaithe** chun moltaí pearsantaithe a fháil atá bunaithe ar do ghnásanna féachana.

Chun na Téarmaí Úsáide a oscailt...

- 1 - Brúigh  chun an Roghchlár Tapaidh a oscailt.
- 2 - Roghnaigh  TOP PICKS.
- 3 - Brúigh  OPTIONS, roghnaigh Téarmaí Úsáide agus brúigh OK.
- 4 - Roghnaigh Socruithe Priobháideacha, agus brúigh OK.
- 5 - Roghnaigh Toiliú do Mholtaí Pearsantaithe agus brúigh OK chun tic a chur sa bhosca. Brúigh OK arís chun an tic a bhaint amach.
- 6 - Brúigh  BACK chun an roghchlár a dhúnadh.

* Is do mhúnlaí teilifíse na Ríochta Aontaithe amháin Freeview Play.

- ní mór d'eolas Ar Theilifís Anois ar fáil i do thír.
- ní mór don teilifís na cainéil a bheith suiteáilte.
- Ní mór don teilifís a bheith nasctha leis an Idirlíon.
- ní mór do Chlog na teilifíse a bheith socraithe d'Uathoibrioch nó Ag Brath ar an Tír.
- ní mór duit glacadh leis na Téarmaí Úsáide (B'fhéidir gur ghlac tú leo cheana féin nuair a nasc tú leis an Idirlíon).

Ní thaispeánfar an deilbhín  ar bharr an scáileáin ach amháin nuair atá Ar Theilifís Anois ar fáil.

Ní stóráilann an teilifís moltaí a rinneadh roimhe seo.

Ar Theilifís Anois á úsáid

Chun Ar Theilifís Anois a oscailt...

- 1 - Brúigh  chun an Roghchlár Tapaidh a oscailt.
- 2 - Brúigh  Sár-Roghanna chun an roghchlár Sár-Roghanna a oscailt.
- 3 - Roghnaigh  Ar Theilifís Anois ar bharr an scáileáin agus brúigh OK.
- 4 - Brúigh  BACK chun dúnadh.

Nuair a osclaíonn tú **Ar Theilifís Anois**, d'fhéadfadh roinnt soicind a bheith ag teastáil ón teilifís chun an t-eolas leathanaigh a athnuachan.

Is féidir leat na rudaí seo a leanas a dhéanamh le Ar Theilifís Anois...

- roghnaigh agus brúigh OK ar dheilbhín cláir chun tiúnáil go dtí an clár reatha.
- roghnaigh agus brúigh OK ar dheilbhín cláir sceidealta chun tiúnáil go dtí an cainéal.

Is féidir leat úsáid a bhaint as na méaracha datha ar an gcianrialtán taifeadadh sceidealta a thosú, a stopadh nó a ghlanadh. Is féidir leat fógra a thugann foláireamh duit nuair a thosaíonn clár a shocrú nó a bhaint as.

Chun Ar Theilifís Anois a fhágáil gan tiúnáil go dtí cainéal eile, brúigh  BACK.

Ar Theilifís Anois

Maidir le Ar Theilifís Anois

Molann an teilifís na 10 clár is mó a bhfuil tóir orthu faoi láthair le  **Ar Theilifís Anois**.

Molann an teilifís cláir atá ar an teilifís anois nó ag tosú laistigh de 15 nóiméad. Roghnaítear na cláir a moltar ó na cainéil atá suiteáilte agat. Déantar an rogha ó chainéil do thíre. Anuas air sin, is féidir leat ligint do **Ar Theilifís Anois** roinnt moltaí pearsantaithe a dhéanamh duit atá bunaithe ar na cláir a bhféachann tú orthu go rialta.

Chun eolas Ar Theilifís Anois a chur ar fáil...

Teilifís ar Éileamh

Maidir le Teilifís ar Éileamh

Is féidir leat féachaint ar chláir teilifíse atá caillte agat nó féachaint ar na cláir is ansa leat ag an am is fearr a fheileann duit le  **Teilifís ar Éileamh**. Tugtar Catch Up TV, Replay TV nó Online TV ar an tseirbhís seo freisin. Is féidir féachaint ar na cláir atá ar fáil ar Theilifís ar Éileamh gan íoc.

Anuas air sin, is féidir leat ligint do Theilifís ar Éileamh roinnt moltaí pearsantaithe clár a dhéanamh, bunaithe ar shuiteáil na teilifíse agus ar na cláir a mbíonn tú ag féachaint orthu go rialta.

Ní thaispeánfar an deilbhín  sa bharr ar bharr an roghchláir Baile ach amháin nuair atá Teilifís ar Éileamh ar fáil.

Teilifís ar Éileamh a úsáid

Chun Teilifís ar Éileamh a oscailt...

- 1 - Brúigh  chun an Roghchlár Tapaidh a oscailt.
- 2 - Brúigh  Sár-Roghanna chun an roghchlár Sár-Roghanna a oscailt.
- 3 - Roghnaigh  Teilifís ar Éileamh ar bharr an scáileáin agus brúigh OK.
- 4 - Brúigh  (síos) chun an leathanach a oscailt lánscaileáin.
- 5 - Is féidir leat craoltóir faoi leith a roghnú má tá níos mó ná ceann amháin ar fáil.
- 6 - Roghnaigh a deilbhín cláir agus brúigh OK chun tosú ag féachaint.
- 7 - Brúigh  BACK chun dúnadh.

Nuair a osclaíonn tú Teilifís ar Éileamh, d'fhéadfadh roinnt soicind a bheith ag teastáil ón teilifís chun an t-eolas leathanaigh a athnuachan.

A luaithe is atá clár tosaithe, is féidir leat na heochracha  (Seinn) agus  (Cuir ar sos) a úsáid.

21.4

Físeáin ar Éileamh

Maidir le Físeán ar Éileamh

Is féidir leat scannáin a thógáil amach ar cíos ó shiopa físeáin ar líne le  Físeán ar Éileamh .

Is féidir leat ligint do Físeán ar Éileamh roinnt moltaí pearsantaithe scannán a dhéanamh a bheidh bunaithe ar do thír, suiteáil na teilifíse agus ar na cláir a mbíonn tú ag féachaint orthu go rialta.

Ní thaispeánfar an deilbhín  sa bharr ar bharr ach amháin nuair atá Físeán ar Éileamh ar fáil.

Íocaíocht

Nuair a thógann tú amach scannán ar cíos nó nuair a cheannaíonn tú scannán, is féidir leat an siopa físeáin a íoc go sábháilte le do chárta creidmheasa. Iarrann an chuid is mó de na siopaí físeáin ort cuntas logála isteach a chruthú an chéad uair a thógann tú scannán amach ar cíos.

Trácht Idirlín

Má shruthaíonn tú go leor físeán, d'fhéadfá dul thar do theorainn tráchta Idirlín mhíosúil.

Ag Úsáid Físeán ar Éileamh

Chun Físeán ar Éileamh a oscailt...

- 1 - Brúigh  chun an Roghchlár Tapaidh a oscailt.
- 2 - Brúigh  Sár-Roghanna chun an roghchlár Sár-Roghanna a oscailt.
- 3 - Roghnaigh  Físeán ar Éileamh ar bharr an scáileáin agus brúigh OK.
- 4 - Úsáid na heochracha nascleanúna chun póstaer scannáin a roghnú.
- 5 - Brúigh  BACK chun dúnadh.

Nuair a osclaíonn tú Físeán ar Éileamh, d'fhéadfadh roinnt soicind a bheith ag teastáil ón teilifís chun an t-eolas leathanaigh a athnuachan.

Is féidir leat siopa físeáin ar leith a roghnú má tá níos mó ná ceann amháin ar fáil.

Chun scannán a thógáil amach ar cíos...

- 1 - Fág an pointeoir ar phóstaer scannáin. Taispeánfar faisnéis theoranta tar éis cúpla soicind.
- 2 - Brúigh OK chun leathanach scannán an tsiopa físeáin a oscailt chun achoimre den scannán a fháil.
- 3 - Deimhnigh d'ordú.
- 4 - Déan an íocaíocht ar an teilifís.
- 5 - Tosaigh ag féachaint. Is féidir leat na heochracha  (Seinn) agus  (Cuir ar sos) a úsáid.

Freeview Play

22.1

Maidir le Freeview Play

Chun taitneamh a bhaint as Freeview Play, ní mór duit do theilifís a nascadh leis an Idirlíon i dtosach.

Seo iad gnéithe de Freeview Play:

- Féach ar chlár teilifíse atá caillte agat le seacht lá anuas
- Féach ar chlár teilifíse bheo agus ar éileamh, in aon áit amháin agus gan feidhmchlár a oscailt, is féidir leat cuardach a dhéanamh do chlár Freeview Play san Eolaire Teilifíse.
- Féach ar níos mó ná 70 gnáthchainéal agus suas le 15 cainéal HD.
- Bain taitneamh as seirbhísí ar éileamh cosúil le BBC iPlayer, an ITV Hub, All 4, Demand 5, BBC NEWS agus BBC SPORT.
- Níl aon chonradh ann agus níl aon chostas míosúil ann, is tú atá i gceannas.

Chun tuilleadh sonraí a fháil, téigh chuig: <https://www.freeview.co.uk>

* Is do mhúnlaí teilifíse na Ríochta Aontaithe amháin Freeview Play.

22.2

Freeview Play a úsáid

Chun Freeview Play* a oscailt...

- 1 - Brúigh  chun an Roghchlár Tapaidh a oscailt.
- 2 - Roghnaigh  Sár-Roghanna.
- 3 - Roghnaigh Freeview Play ag barr an scáileáin agus brúigh OK.
- 4 - Is féidir leat cineálacha éagsúla clár a shórtáil tar éis duit séanra faoi leith a roghnú ag an mbarr.
- 5 - Roghnaigh clár agus brúigh OK chun tosú ag féachaint.
- 6 - Brúigh  BACK chun dúnadh.

* Is do mhúnlaí teilifíse na Ríochta Aontaithe amháin Freeview Play.

Netflix

Má tá suibscríbhinn ballraíochta agat le Netflix, is féidir leat taitneamh a bhaint as Netflix ar an teilifís seo. Ní mór do do theilifís a bheith nasctha leis an Idirlíon. Seans nach mbeidh Netflix ar fáil i do réigiún ach amháin le nuashonruithe bogearraí sa todhchaí.

Chun Netflix a oscailt, brúigh **NETFLIX** chun an Feidhmchlár Netflix a oscailt. Is féidir leat Netflix a oscailt láithreach ó theilifís ar fuireachas. Is féidir leat Netflix a oscailt láithreach ó theilifís atá ar fuireachas.

www.netflix.com

Alexa

24.1

Maidir le Alexa

Tacaíonn do theilifís le hoibríochtaí rialaithe gutha Amazon Alexa*.

Maidir le Alexa

Seirbhís gutha néalbhunaithe é Alexa a bhfuil fáil uirthi ar ghléasanna Alexa Echo ó Amazon agus ó dhéantúsóirí gléis. Nuair atá Alexa ar do theilifís agat, is féidir leat an teilifís a chasadh air/as, cainéil a athrú, an airde fuaimne a athrú agus tuilleadh.

Chun do theilifís a rialú le Alexa, beidh siad seo a leanas ag teastáil uait...

- Philips Android Smart TV a thacaíonn le Alexa
- Gléas Amazon Echo
- Cuntas Google
- Gléas soghluaiste cosúil le d'fhón nó do thaibléad
- Líonra Wi-Fi

Maidir le Alexa Skill

Úsáideann Alexa na Alexa Skills chun cur le hoibríochtaí rialaithe gutha. Cuireann Skills cumais nua le do theilifís atá cumasaithe do Alexa, agus taithí níos pearsantaithe. Is féidir an scil "Rialú gutha Smart TV Philips" a aimsiú ar an Alexa Skills store. Tairgeann sé orduithe rialaithe gutha éagsúla duit a oibríonn le do Philips Android Smart TV.

* Níl Alexa ar fáil i ngach teanga ná i ngach tír. Is trádmharcanna de chuid Amazon.com, Inc nó a chomhlachtaí cleamhnaithe iad Amazon, Alexa agus gach lógó gaolmhar.

24.2

Ag úsáid Alexa

Chun Alexa a úsáid, ní mór duit an tseirbhís cliaint a shuiteáil ar do Philips Android Smart TV. Tosaigh an tsuiteáil tríd an bhfeidhmchlár "Amazon Alexa" a lainseáil ó scáileán Baile do theilifíse. Lean na treoracha agus déan na céimeanna seo a leanas:

- Roghnaigh ainm do do Android Smart TV a mbeidh Alexa in ann é a aithint.
- Roghnaigh cuntas Google agus sínigh isteach.
- Téigh ar ais chuig an scil seo san Fheidhmchlár Alexa ar d'fhón chun é a chumasú, nasc cuntais agus aimsigh do ghléasanna.
- Téigh ar ais chuig do theilifís chun an tsuiteáil a chríochnú.

Suiteáil teilifíse d'Alexa

1 - Brúigh  HOME agus oscail an feidhmchlár "Amazon Alexa".

2 - Teastaíonn an gléas Amazon Echo agus an feidhmchlár coimhdeachta Alexa (ar ghléas soghluaiste nó an leagan idirlín) chun a bheith réidh chun an tsuiteáil a thosú.

3 - Lean na treoracha ar an scáileán chun glacadh le téarmaí an Pholasáí Príobháideachais, do theilifís a ainmniú agus síniú isteach i do chuntas Google. Tá an cuntas Google ag teastáil chun péireáil leis an ngléas Alexa.

4 - Ar do ghléas soghluaiste, sínigh isteach leis an gcuntas Google céanna ar fheidhmchlár coimhdeachta Amazon Alexa.

5 - Déan na céimeanna seo a leanas i bhfeidhmchlár coimhdeachta Amazon Alexa. An chéad cheann ná an scil "Rialú gutha Smart TV Philips" a chumasú. An dara ceann do chuntas Google a nascadh agus an chéim dheireanach na gléasanna a aimsiú.

6 - Roghnaigh Cumasaigh nó Díchumasaigh le haghaidh an socrú a chasann air an teilifís. Is féidir leat Alexa a úsáid chun do theilifís a chasadh Air/As trí ordú gutha.

7 - Ag deireadh an scáileáin suiteála, is féidir leat Déanta a roghnú chun tosú ag úsáid Alexa.

Roghnaigh Bainistigh teilifíseanna chun teilifíseanna atá péireáilte d'Alexa a bhainistiú nó chun na teilifíseanna a dhíphéireáil le Alexa.

Téigh go alexa.amazon.com, cliceáil ar Scileanna, agus déan cuardach do "Rialú gutha Smart TV Philips". Liostálfar an scil sna torthaí.

Aláram Sunrise

Baineann aláram Sunrise úsáid as Ambilight, ceol agus faisnéis aimsire chun eispéireas nua a chur ar fáil an chéad rud ar maidin.

- Dúisíonn an teilifís ag an am agus ar an lá atá socraithe agatsa.
- Lasann sé Ambilight le scáileán daite agus le ceol a chéimníonn isteach.
- Aistríonn sé go mall go réamhaisnéis na haimsire le cúla meáitseála.

Chun dul isteach i roghchlár socruithe an aláraim Sunrise...

- 1 - Brúigh  chun an Roghchlár Tapaidh a oscailt.
- 2 - Roghnaigh Aláram Sunrise agus brúigh  chun é a oscailt.

- **Aláram:** socraigh suas le 5 aláram, le haghaidh laethanta athuaire/laethanta faoi leith, socruithe Air/As.
- **Téama cúla:** lean an aimsir nó roghnaigh as catagóirí grianghraif.
- **Ceol:** an ceol atá le seinnt i rith dúiseachta.
- **Airde fuaime casta air:** an airde fuaime ceoil atá le socrú i rith dúiseachta.
- **Aimsir:** socruithe do réamhaisnéis na haimsire áitiúla.
- **Réamhamharc:** is féidir leat réamhamharc ar an éifeacht dúiseachta.

Nuair atá an teilifís ar fuireachas, dúiseofar ag an am réamhshocraithe é. Céimniú isteach an scáileáin dúiseachta, tá Ambilight Air, céimniú isteach ceoil agus ansin taispeáin faisnéis aimsire le cúla.

Chun an aláram Sunrise a fhágáil, brúigh  Fuireachas / Air,  BACK nó an eochair  HOME ar an gclianrialtán.

 Fuireachas / Air: dúntar an feidhmchlár Sunrise agus athraítear an teilifís go fuireachas.

 BACK : dúntar an feidhmchlár Sunrise agus athraítear go dtí an fhoinsé teilifíse is deireanaí a féachadh air.

 HOME : dúntar an feidhmchlár Sunrise agus athraítear go dtí an lainseálaí.

Tabhair faoi deara:

Ní mór don nasc leis an líonra a bheith beo i gcónaí chun go bhfeidhmeoidh an t-aláram i gceart. Ní féidir le haláram Sunrise feidhmiú nuair atá mód cloig na teilifíse athraithe go de láimh. Téigh go dtí an roghchlár socruithe agus athraigh an mód cloig ar ais go huathoibríoch. Ní oibreoidh an tAláram má tá an Suíomh socraithe go Siopa.

Illumharc

26.1

TV agus TV

Is féidir leat féachaint ar an dara clár i scáileán beag le hllumharc.

Chun an scáileán Illumharc a oscailt...

- 1 - Brúigh  Mear-Roghchlár a oscailt.
 - 2 - Roghnaigh Illumharc, agus brúigh OK.
 - 3 - Roghnaigh Illumharc: Air ar an scáileán.
- Taispeánfar an cainéal a raibh tú ag féachaint air sa scáileán beag.

Chun an scáileán beag a chur i bhfolach, roghnaigh Illumharc: As ar an scáileán.

Coinníollacha

- Ní féidir le Illumharc ach cainéil dhitigeacha teilifíse a thaispeáint, ní fáil air i gcás cainéal teilifíse analógacha.
- Ní féidir leis an scáileán Illumharc fiseán a thaispeáint in Ultra HD, ní thacaíonn sé ach suas le 1080p (FHD).
- Agus an teilifís i mbun taifeadta nó ar Cuir ar Sos, níl fáil ar Illumharc.
- Chun Illumharc a úsáid le tiúnóirí teilifíse satailíte, ní mór duit an 2 thiúnóir satailíte SAT 1 agus SAT 2 a nascadh le do mhias satailíte.
- Níl Illumharc ar fáil má tá CAM ag teastáil ón dá chainéal teilifíse chun iad a dhíchódú.

Féach ar an tábla thíos le haghaidh eolas faoi fháil ar Illumharc.

Illumharc (TV agus TV)

Watch channel in Main	Watch channel in Sub	Main picture	Sub picture
Free	Free	O	O
Scramble	Free	O	O
Free	Scramble	O	O
Scramble	Scramble	O	X
4K (Free / Scramble)	-	O	X
Analogue	-	O	X
Teletext	-	O	X
Pause TV	-	O	X
O: Available; X: Not Available			

* Chun tuilleadh eolais a fháil faoin socrú dhá thiúnóir, féach ar an gcaibidil “Illumharc agus taifeadadh le dhá thiúnóir”.

HDMI agus teilifís

Is féidir leat féachaint ar chainéal teilifíse i scáileán beag Illumharc nuair atá tú ag féachaint ar fhíseán ó ghléas HDMI nasctha.

Chun féachaint ar chainéal teilifíse agus tú ag féachaint ar fhíseán ó ghléas HDMI nasctha*...

- 1 - Brúigh  Mear-Roghchlár a oscailt.
 - 2 - Roghnaigh Illumharc, agus brúigh OK.
 - 3 - Roghnaigh Illumharc: Air ar an scáileán.
- Taispeánfar an cainéal a raibh tú ag féachaint air sa scáileán beag.

Chun an scáileán beag a chur i bhfolach, roghnaigh Illumharc: As ar an scáileán.
* Ní féidir leat ach féachaint ar iomhá an chainéil teilifíse i mód Illumharc. Ní bheidh fuaim an chainéil teilifíse le cloisteáil.

Bogearaí

27.1

Nuashonrú Bogearraí

Nuashonrú ón Idirlíon

Má tá an teilifís nasctha leis an Idirlíon, d'fhéadfá teachtaireacht a fháil chun bogearraí na teilifíse a nuashonrú. Teastaíonn nasc ardluais (leathanbhanda) leis an Idirlíon. Má fhaigheann tú an teachtaireacht seo, molaimid go ndéanfá an nuashonrú.

Nuair atá an teachtaireacht ar an scáileán, roghnaigh **Nuashonraigh** agus lean na treoracha ar an scáileán.

Is féidir leat cuardach a dhéanamh do nuashonrú bogearraí tú féin.

Níl aon phictiúr i rith an nuashonraithe bogearraí agus casfar an teilifís as agus air arís. D'fhéadfadh sé sin tarlú roinnt uaireanta. D'fhéadfadh an nuashonrú roinnt nóiméad a thógáil. Fan go dtí go dtiocfaidh pictiúr na teilifíse ar ais. Ná brúigh an lasc cumhachta  ar an teilifís nó ar an gcianrialtán i rith an nuashonruithe bogearraí.

Chun cuardach a dhéanamh do nuashonrú bogearraí tú féin...

- 1 - Roghnaigh  **Socruithe > Nuashonraigh Bogearraí > Déan Cuardach do Nuashonruithe** agus brúigh **OK**.
- 2 - Roghnaigh **Idirlíon (Molta)** agus brúigh **OK**.
- 3 - Déanfaidh an teilifís cuardach do nuashonrú ar an Idirlíon.
- 4 - Má tá nuashonrú ar fáil, is féidir leat na bogearraí a nuashonrú láithreach.
- 5 - D'fhéadfadh nuashonrú bogearraí roinnt nóiméad a thógáil. Ná brúigh an eochair   ar an teilifís ná ar an gcianrialtán.
- 6 - Nuair atá an nuashonrú déanta, fillfidh an teilifís ar an gcainéal a raibh tú ag féachaint air.

Nuashonraigh ó USB

D'fhéadfadh sé a bheith riachtanach bogearraí na teilifíse a nuashonrú.

Teastaíonn ríomhaire uait le nasc ardluais don Idirlíon agus méaróg chuimhne USB chun na bogearraí a uaslódáil ar an teilifís. Úsáid méaróg chuimhne USB a bhfuil 2Gb de spás saor air. Bí cinnte go bhfuil cosaint ar scríobh casta as.

Chun bogearraí na teilifíse a nuashonrú...

- 1 - Roghnaigh  **Socruithe > Nuashonraigh Bogearraí > Déan Cuardach do Nuashonruithe** agus brúigh **OK**.

- 2 - Roghnaigh **USB** agus brúigh **OK**.

Aithin an teilifís

- 1 - Cuir an mhéaróg chuimhne USB isteach i gceann de na naisc USB ar an teilifís.
- 2 - Roghnaigh **Scríobh chuig USB** agus brúigh **OK**. Scríobhtar comhaid aitheantais ar an méaróg chuimhne USB.

Íoslódáil na bogearraí

- 1 - Cuir an mhéaróg chuimhne USB isteach i do ríomhaire.
- 2 - Aimsigh an comhad **update.htm** ar an méaróg chuimhne USB agus cliceáil faoi dhó air.
- 3 - Cliceáil **Send ID**.
- 4 - Má tá bogearraí nua ar fáil, íoslódáil an comhad .zip.
- 5 - I ndiaidh na híoslódála, dízipeáil an comhad agus cóipeáil an comhad **autorun.upg** go dtí an mhéaróg chuimhne USB. Ná cuir an comhad seo i bhfillteán.

Nuashonraigh bogearraí na teilifíse

- 1 - Cuir an mhéaróg chuimhne USB isteach sa teilifís arís. Tosaíonn an nuashonrú go huathoibríoch.
- 2 - D'fhéadfadh nuashonrú bogearraí roinnt nóiméad a thógáil. Ná brúigh an eochair   ar an teilifís ná ar an gcianrialtán. Ná bain amach an mhéaróg chuimhne USB.
- 3 - Nuair atá an nuashonrú déanta, fillfidh an teilifís ar an gcainéal a raibh tú ag féachaint air.

Má chliseann ar an gcumhacht i rith an nuashonraithe, ná bain as an mhéaróg chuimhne USB ón teilifís go deo. Nuair a thiocfaidh an cumhacht ar ais, leanfaidh an nuashonrú ar aghaidh.

Scríos an comhad autorun.upg ón méaróg chuimhne USB chun nuashonrú tionóisceach bhogearraí na teilifíse a chosc.

Déan cuardach do nuashonruithe OAD

Déan scan chun cuardach a dhéanamh do nuashonrú bogearraí OAD (Íoslódáil Tríd an Aer).

Déan cuardach do nuashonruithe OAD

- 1 - Roghnaigh  **Socruithe > Nuashonraigh bogearraí > Déan cuardach do nuashonruithe > Déan cuardach do nuashonruithe OAD**.
- 2 - Lean na treoracha ar an scáileán.

*Tabhair faoi deara: Níl nuashonrú bogearraí OAD ar fáil ach i dtíortha ar leith.

Féach ar Stair na Nuashonruithe Bogearraí

Taispeáin liosta na leaganacha bogearraí atá nuashonraithe go rathúil ar an teilifís.

Chun féachaint ar stair na nuashonruithe bogearraí...

1 - Roghnaigh  Socruithe > Nuashonraigh Bogearraí > Féach ar Stair na Nuashonruithe Bogearraí.

2 - Liostálfar stair na nuashonruithe bogearraí ar an teilifís seo.

Leagan Bogearraí

Chun féachaint ar leagan reatha na mbogearraí teilifíse...

1 - Roghnaigh  Socruithe > NuashonruitheNuashonraigh Bogearraí > Eolas faoi Bhogearraí Reatha agus brúigh OK.

2 - Taispeánfar an leagan, na nótaí eisithe agus an dáta cruthaithe. Taispeánfar an Uimhir ESN Netflix freisin má tá sé ar fáil.

3 - Brúigh  (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Nuashonrú Bogearraí Uathoibríoch

Cas air Nuashonrú Bogearraí Uathoibríoch chun bogearraí do theilifíse a nuashonrú go huathoibríoch. Fág an teilifís ar fuireachas.

1 - Roghnaigh  Socruithe > Nuashonraigh Bogearraí > Nuashonrú Bogearraí Uathoibríoch agus brúigh OK.

2 - Lean an treoir ar an scáileán.

3 - Brúigh  (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Nuair atá an socrú cumasaithe, íoslódálfar an t-uasghrádú nuair atá an teilifís AIR agus suiteálfar é 15 nóiméad tar éis don teilifís a athrú go fuireachas (chomh fada is nach bhfuil aon taifeadadh ná aláirim eile sceidealaithe).

Nuair atá an socrú dichumasaithe, taispeánfar an OSD "Nuashonraigh Anois" / "Ar ball".

Bogearraí Foinse Oscailte

Tá bogearraí foinse oscailte sa teilifís seo. Tairgeann TP Vision Europe B.V. leis seo cóip den chód foinse comhfhreagrach iomlán do na pacáistí bogearraí foinse oscailte faoi chóipcheart a úsáidtear sa táirge seo a sheachadadh, ach iarratas a bheith déanta, sa chás go bhfuil a leithéid de thairiscint iarrtha ag na ceadúnais faoi seach.

Tá an tairiscint seo bailí ar feadh tréimhse suas le trí bliana tar éis don táirge a bheith ceannaithe d'aon duine a bhfuil an t-eolas seo a fháil aige nó aici. Scríobh i mBéarla le do thoil chuig chun an cód foinse a fháil . . .

open.source@tpv-tech.com

Ceadúnas Foinse Oscailte

Maidir leis an gCeadúnas Foinse Oscailte

README chun an cód foinse a fháil do na codanna sin de bhogearraí teilifíse TP Vision Netherlands B.V. a thagann faoi cheadúnais foinse oscailte.

Is cáipéis í seo ina ndéantar cur síos ar dháileadh an chóid foinse atá á úsáid ar theilifís TP Vision Netherlands B.V., a thagann faoi cheann amháin den Cheadúnas Poiblí Ginearálta GNU (an GPL), nó Cheadúnas Poiblí Níos Lú GNU (an LGPL), nó aon cheadúnas foinse oscailte eile. Is féidir treoracha a fháil faoin gcaoi cóipeanna de na bogearraí seo a fháil sna Treoracha Úsáide.

NÍ THUGANN TP Vision Netherlands B.V. AON BHARÁNTA, BÍODH SÉ SAINRÁITE NÓ INTUIGTHE, LENA N-ÁIRÍTEAR AON BHARÁNTA INDÍOLTACHTA NÓ OIRIÚNACHT DO CHUSPÓIR FAOI LEITH, MAIDIR LEIS NA BOGEARRAÍ SEO. Ní thugann TP Vision Netherlands B.V. aon tacaíocht do na bogearraí seo. Ní chuireann an méid atá ráite thuas isteach ar do bharántaí ná ar do chearta reachtúla maidir le haon táirge de chuid TP Vision Netherlands B.V. atá ceannaithe agat. Ní bhaineann sé ach leis an gcód foinse seo atá curtha ar fáil duit.

Fógraí

Is féidir leat fógra a fháil maidir le bogearraí nua teilifíse atá ar fáil le haghaidh a n-íoslódála nó faoi shaincheistean eile a bhaineann le bogearraí.

Chun na fógraí sin a léamh...

1 - Roghnaigh  **Socruithe** > **Nuashonraigh**

Bogearraí > **Fógraí** , agus brúigh **OK**.

2 - Má tá fógra ann, is féidir leat é a léamh nó ceann de na fógraí atá ar fáil a roghnú.

3 - Brúigh  (clé), arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Sonraíochtaí

28.1

Comhshaol

Lipéad Fuinnimh na hEorpa

Cuireann Lipéad Fuinnimh na hEorpa ar an eolas tú maidir le haicme éifeachtacht fuinnimh an táirge seo. A uaine is atá aicme éifeachtúlacht fuinnimh an táirge seo, is é is lú fuinnimh a thomhlaíonn sé. Is féidir leat an aicme éifeachtúlacht fuinnimh a fháil ar an lipéad, mar aon leis an meántomhaltas cumhachta don táirge seo, agus an meántomhaltas fuinnimh do bhliain 1. Is féidir leat freisin luachanna tomhaltas cumhachta don táirge seo a fháil ar shuíomh gréasáin Philips i do thír féin ag www.philips.com/TV

Comhad Táirge

55OLED934

- Aicme Éifeachtacht Fuinnimh : B
- Méid Scáileáin Infheicthe : 139 cm / 55 orlach
- Tomhaltas Cumhachta sa Mhódh Air (W) : 144 W
- Tomhaltas Fuinnimh Bliantúil (kWh) * : 211 kWh
- Tomhaltas Cumhachta ar Fuireachas (W) ** : 0.3 W
- Taifeach Taispeána (Pictailíní) : 3840 x 2160p

65OLED934

- Aicme Éifeachtacht Fuinnimh : B
- Méid Scáileáin Infheicthe : 164 cm / 65 orlach
- Tomhaltas Cumhachta sa Mhódh Air (W) : 191 W
- Tomhaltas Fuinnimh Bliantúil (kWh) * : 279 kWh
- Tomhaltas Cumhachta ar Fuireachas (W) ** : 0.3 W
- Taifeach Taispeána (Pictailíní) : 3840 x 2160p

* Tomhaltas kWh fuinnimh in aghaidh na bliana, bunaithe ar thomhaltas cumhachta teilifíse atá ag feidhmiú 4 uair in aghaidh an lae ar feadh 365 lá. Braitheann an tomhaltas fuinnimh iarbhir ar an gcaoi a mbaintear úsáid as an teilifís.

** Nuair a chastar an teilifís as leis an gcanrialtán agus nuair nach bhfuil aon fheidhm gníomhach. Tomhaltas cumhachta i mód iomlán fuireachais < 0.3W. Beidh roinnt nóiméad i gceist sula mbeidh an teilifís i mód iomlán fuireachais.

Deireadh Úsáide

Do sheantáirge agus do cheallraí a dhiúscairt

Dearadh agus monaraíodh do tháirge le hábhair agus comhpháirteanna ar ardchaighdeán ar féidir iad a athchúrsáil agus a athúsáid.



Nuair a bhíonn tá an tsiombail seo d'araid rothaí a bhfuil cros air ar tháirge, ciallaíonn sé go bhfuil an táirge clúdaithe ag Treoir Eorpach 2012/19/CE.



Cuir tú féin ar an eolas le do thoil faoin gcóras bailiúcháin áitiúil ar leith do tháirgí leictreacha agus leictreonacha.

Cloígh leis na rialacha áitiúla atá i bhfeidhm le do thoil agus ná diúscairt do sheantáirgí le do ghnáthdhramhaíl tí. Nuair a dhiúscaíonn tú do sheantáirge i gceart, cabhraíonn sé iarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith díobhálach don chomhshaol agus do shláinte an duine a chosc.

Tá ceallraí i do tháirge atá san áireamh i dTreoir an Chomhphobail Eorpaigh 2006/66/EC, nach féidir iad a dhiúscairt le gnáthdhramhaíl tí.



Cuir tú féin ar an eolas le do thoil faoi rialacha áitiúla maidir le bailiú ar leith ceallraí mar go gcabhróidh diúscairt chuí iarmhairtí díobhálacha don chomhshaol agus do shláinte an duine a chosc.

28.2

Cumhacht

Tá sonraíochtaí an táirge faoi réir athraithe gan fógra. Chun tuilleadh sonraí maidir le sonraíochtaí an táirge seo a fháil, féach ar www.philips.com/TVsupport

Cumhacht

- Príomhchumhacht: AC 220-240V +/-10%
- Teocht chomhthimpeallach : 5°C go 35°C
- Gnéithe Choigilt Cumhachta : Éicea-mód, Balbhaigh pictiúr (do raidió), Múch uaineadóir go huathoibríoch, Roghchlár Éicea-socrúithe.

Chun faisnéis faoi thomhaltas cumhachta a fháil, féach ar an gcaibidil **Product Fiche**.

28.3

Córas Oibriúcháin

Android OS :

Android Pie 9

28.4

Glacacht

- Ionchur Aeróige : 75 ohm comhaiseach (IEC75)
- Bandaí tiúnóra : Hyperband, S-Channel, UHF, VHF
- DVB DVB-T2', DVB-C (cábala) QAM
- Athsheinm físeáin analógaigh : SECAM, PAL
- Athsheinm físeáin digitigh : MPEG2 SD/HD (ISO/IEC 13818-2), MPEG4 SD/HD (ISO/IEC 14496-10), HEVC
- Athsheinm fuaime digití (ISO/IEC 13818-3)
- Ionchur aeróige satailíte : 75 ohm F-type
- Raon minicíochta ionchuir : 950 go 2150MHz
- Raon leibhéil ionchur : 25 go 65 dBm
- DVB-S/S2 QPSK, ráta siombailí 2 go 5M siombailí, SCPC agus MCPC
- LNB DiSEqC 1.0, 1 go 4 LNBanna tacaíthe, Roghnú polaraíochta 13/18V, Roghnú banda 22kHz, Mód rúisce toin, LNB reatha 300mA max

28.5

Cineál Taispeána

Méid fhiarthrasna an scáileán

- 139 cm / 55 orlach
- 164 cm / 65 orlach

Taifeach Taispeána

- 3840 x 2160

28.6

Taifeach taispeána:

Taifeach ionchuir tacaíthe - Fís

Taifeach — Ráta athnuachan

- 480i - 60 Hz
- 480p - 60 Hz
- 576i - 50 Hz
- 576p - 50 Hz
- 720p - 24 Hz, 25 Hz, 30 Hz, 50 Hz, 60 Hz, 100 Hz, 120 Hz
- 1080i - 50 Hz, 60 Hz
- 1080p - 24 Hz, 25 Hz, 30 Hz, 50 Hz, 60 Hz, 100 Hz, 120 Hz
- 2160p - 24 Hz, 25 Hz, 30 Hz, 50 Hz, 60 Hz

Tabhair faoi deara:

- Áirítear le huainiú tacaíochta físe freisin ráta réimse/fráma 23.976Hz, 29.97Hz agus 59.94Hz.

- D'fhéadfadh nach dtacaítear le roinnt taifeach i ngach foinse ionchuir.

Taifeach ionchuir a dtacaítear leis - Ríomhaire (Ionchur HDMI amháin)

Taifigh (i measc cinn eile)

- 640 x 480p - 60 Hz
- 800 x 600p - 60 Hz
- 1024 x 768p - 60 Hz
- 1280 x 1024p - 60 Hz
- 1920 x 1080p - 60 Hz
- 3840 x 2160p - 24 Hz, 25 Hz, 30 Hz, 50 Hz, 60 Hz

28.7

Nascacht

Taobh na teilifíse

- Sliotán comhéadain choitinn: CI+/CAM
- USB 1 - USB 2.0
- USB 2 - USB 3.0
- Cluasáin - Mionseac steiréó 3.5mm
- HDMI 1 isteach - ARC - Ultra HD - HDR
- HDMI 2 isteach - ARC - Ultra HD - HDR
- HDMI 3 isteach - ARC - Ultra HD - HDR

Bun na teilifíse

- Fodhordaire Pre Out
- Líonra LAN - RJ45
- Tiúnóir satailíte 1
- Tiúnóir satailíte 2
- Aeróg (75 ohm)
- Fuaim Amach - Optical Toslink
- YPbPr, L/R
- HDMI 4 isteach - ARC - Ultra HD - HDR

28.8

Toisí agus Meáchain

55OLED934

- gan seastán teilifíse:
Leithead 1227.8 mm - Airde 705.6 mm - Doimhneacht 52.3 mm - Meáchan ± 21.2 kg
- le seastán teilifíse:
Leithead 1227.8 mm - Airde 770.3 mm - Doimhneacht 252 mm - Meáchan ± 25.5 kg

65OLED934

- gan seastán teilifíse:
Leithead 1448.7 mm - Airde 829.7 mm - Doimhneacht 52.3 mm - Meáchan ± 27.9 kg
- le seastán teilifíse:
Leithead 1448.7 mm - Airde 895.2 mm - Doimhneacht 252.2 mm - Meáchan ± 32.3 kg

Fuaim

Cumhacht aschuir (RMS) : 50W

Dolby Atmos (DDP/DTHD)

- Dolby MS12 V2.3
- Dolby AC-4
- DTS – HD (M6)
- Dolby Atmos 2.02

Ilmheáin

Naisc

- USB 2.0 / USB 3.0
- Ethernet LAN RJ-45
- Wi-Fi 802.11a/b/g/n/ac (ionsuite)
- BT 4.2

Córais comad USB tacaithe

- FAT 16, FAT 32, NTFS

Freastalaithe meán, tacaithe

- Árthaí : PS, TS, M2TS, TTS, AVCHD, MP4, M4V, MKV, ASF, AVI, 3GP, Quicktime
- Codecs Físe : AVI, MKV HEVC, H.264/MPEG-4 AVC, MPEG1, MPEG2, MPEG4, WMV9/VC1, VP9, HEVC (H.265)
- Codecs Fuaime : MP3, WAV, AAC, WMA (v2 suas go v9.2), WMA-PRO (v9 agus v10)
- Fotheidil :
 - Formáidí : SRT, SUB, TXT, SMI
 - Ionchóduithe carachtair: UTF-8, Lár na hEorpa agus Oirthear na hEorpa (Windows-1250), Coireallach (Windows-1251), Gréigis (Windows-1253), Tuircis (Windows-1254), Iarthar na hEorpa (Windows-1252)
- Ráta Sonraí is Airde a Thacaítear leis :
 - Tacaítear le MPEG-4 AVC (H.264) suas go High Profile @ L5.1. 30Mbps
 - Tacaítear le H.265 (HEVC) suas go Main / Main 10 Profile suas go Leibhéal 5.1 40Mbps
 - Tacaítear le VC-1 suas go Advanced Profile @ L3
- • Codecs Íomhá : JPEG, GIF, PNG, BMP, HEIF, Grianghraf 360

Bogearraí freastalaí meán (DMS) tacaithe

- Is féidir leat aon bhogearraí freastalaí meán (aicme DMS) atá deimhnithe ag DLNA V1.5 a úsáid.
- Is féidir leat an feidhmchlár Remote Philips TV (iOS agus Android) a úsáid ar ghléasanna soghluaiste.

D'fhéadfadh feidhmiúlacht a bheith athraitheach, ag brath ar chumais an ghléis shoghluaiste agus ar na bogearraí atá in úsáid.

Cúnamh agus Tacaíocht

29.1

Cláraigh do theilifís

Cláraigh do theilifís agus bain leas as raon tairbhí lena n-áirítear tacaíocht iomlán (íoslódálacha san áireamh), rochtain phribhléideach a fháil ar fhaisnéis maidir le táirgí nua, tairiscintí agus lascaíní eisiacha agus an deis duaiseanna a bhuachan agus fiú páirt a ghlacadh i suirbhéanna speisialta faoi eisiúintí nua.

Tabhair cuairt ar www.philips.com/TVsupport

29.2

Cabhair a Úsáid

Tairgeann an teilifís seo cabhair ar an scáileán .

Osail Cabhair

Brúigh an eochair  (gorm) chun Cabhair a oscailt láithreach. Oslóidh Cabhair sa chaibidil is mó atá ábhartha dó sin atá ar siúl agat nó air sin atá roghnaithe ar an teilifís. Chun cuardach a dhéanamh do thopaicí de réir na haibítire, brúigh an eochair datha  Eochairfhocail.

Chun Cabhair a léamh mar leabhar, roghnaigh Leabhar.

Is féidir leat freisin  Cabhair a oscailt sa Mhear-roghchlár.

Sula dtugann tú faoi na treoracha a fuair tú i gCabhair, dún Cabhair.

Chun Cabhair a dhúnadh, brúigh an eochair datha  Dún.

I gcás gníomhaíochtaí áirithe, cosúil le Téacs (Teilithéacs), tá feidhmeanna sonracha ag na heochracha dathanna agus ní féidir leo Cabhair a oscailt.

Cabhair teilifíse ar do tháibléad, d'fhón cliste nó do ríomhaire

Chun go n-éascófaí seichimh fada treoracha, is féidir leat Cabhair teilifíse a íoslódáil i bhformáid PDF le haghaidh a léite ar d'fhón cliste, taibléad nó ríomhaire. Mar rogha air sin, is féidir leat an leathanach ábhartha ó Chabhair a phriontáil ó do ríomhaire.

Chun Cabhair (an treoir úsáideora) a íoslódáil, téigh go dtí www.philips.com/TVsupport



>  Cabhair

Is féidir leat an fheidhm Cabhair a úsáid chun do theilifís a dhiagnóisiú agus chun tuilleadh eolais a fháil fúithi.

- Eolas faoin teilifís – Féach ar ainm an Mhúnla, an tSraithuimhir agus leagan Bogearraí do theilifíse.
- An chaoi le – Is féidir leat treoracha a fháil faoin gcaoi cainéil a shuiteáil nó a shórtáil, bogearraí na teilifíse a nuashonrú, gléasanna seachtracha a nascadh agus feidhmeanna cliste do theilifíse a úsáid.

- Seiceáil an teilifís – Is féidir leat seiceáil an bhfuil an pictiúr, an fhuaim agus Ambilight ag obair i gceart.
- Seiceáil an líonra – Seiceáil an nac leis an líonra.
- Seiceáil an cianrialtán – Déan an tástáil seo chun feidhmiúlacht an chianrialtáin a tháinig leis an teilifís a fhíordheimhniú.
- Féach ar stair na gcomharthaí laga – Taispeáin liosta na n-uimhreacha cainéil a sabháladh go huathoibríoch nuair a bhí neart an chomhartha lag.
- Nuashonraigh bogearraí – Seiceáil na nuashonruithe bogearraí atá ar fáil.
- Treoir Úsáideora – Léigh an treoir úsáideora chun eolas faoin teilifís a fháil.
- Fabhtcheartú – Aimsigh réiteach do cheisteanna a chuirtear go minic.
- Socruithe réamhshainithe – Athshocraigh gach socrú go dtí na socruithe réamhshainithe.
- – Athshuiteáil teilifís – Athshuiteáil an teilifís go hiomlán.
- Eolas teagmhála – Taispeáin an uimhir theileafóin nó suíomh gréasáin do do thír nó do réigiún.

29.3

Fadhbanna

Cas Air agus Cianrialtán

Ní chasann an teilifís air

- Bain an cábla cumhachta amach as an asraon cumhachta. Fan ar feadh nóiméid agus ansin cuir isteach arís é.
- Cinntigh go bhfuil an cábla cumhachta nasctha go daingean.

Tá fuaime dhíosacánach ann nuair a chastar air nó as é

Nuair a bhíonn tú ag casadh na teilifís air, as nó ar Fhuireachas, cloiseann tú fuaime dhíosacánach ó fhonnadh na teilifíse. Is mar gheall ar ghnáthleathadh agus cungú na teilifíse an fhuaim dhíosacánach sin, agus an teilifís ag fuarú agus ag téamh. Ní chuireann sé isteach ar fheidhmíocht.

Ní fhreagraíonn an teilifís don chianrialtán

Teastaíonn roinnt ama ón teilifís tosú. I rith an ama

sin, ní fhreagraíonn an teilifís don chianrialtán ná do rialcúithe na teilifíse. Iompar normálta é sin. Má leanann an teilifís gan freagairt don chianrialtán, is féidir leat seiceáil an bhfuil an cianrialtán ag obair trí úsáid a bhaint as ceamara ar fhón soghluaiste.. Cuir an fón i mód ceamar agus pointeáil an cianrialtán i dtreo lionsa an cheamara. Má bhrúnn tú aon eochair ar an gcianrialtán agus má thugann tú faoi deara caochaíl inífridhearg an LED tríd an gceamara, tá an cianrialtán ag obair. Ní mór an teilifís a sheiceáil. Mura dtugann tú an chaochaíl faoi deara, d'fhéadfadh an cianrialtán a bheith briste nó a chuid ceallraí a bheith ídithe.

Níl an modh seo chun an cianrialtán a sheiceáil indéanta le cianrialtáin atá péireáilte leis an teilifís gan sreang.

Téann an teilifís ar ais go Fuireachas tar éis scáileán tosaithe Philips a thaispeáint

Nuair atá an teilifís i bhFuireachas, taispeántar scáileán tosaithe Philips, ansin filleann an teilifís ar mhód Fuireachais. Is gnáthiompar é sin. Nuair a dhínasctar an teilifís agus nuair a nasctar arís í leis an soláthar cumhachta, taispeántar an scáileán tosaithe an chéad uair eile a thosaítear í. Chun an teilifís a chasadh air ó Fhuireachas, brúigh **⏻** ar an gcianrialtán nó ar an teilifís.

Coinníonn an solas Fuireachais leis ag caochaíl

Bain an cábla cumhachta amach as an asraon cumhachta. Fan 5 nóiméad sula nascann tú an cábla cumhachta arís. Má tharlaíonn an chaochaíl arís, déan teagmháil le Philips TV Consumer Care.

Cainéil

Níor aimsíodh aon chainéal digiteach i rith na suiteála

Féach ar na sonraíochtaí teicniúla chun a chinntiú go dtacaíonn do theilifís le DVB-T nó DVB-C i do thír. Cinntigh go bhfuil na cáblaí nasctha i gceart agus go bhfuil an líonra ceart roghnaithe.

Níl na cainéil a suiteáladh roimhe seo sa liosta cainéal

Cinntigh go bhfuil an liosta cainéal ceart roghnaithe.

Cúram scáileán OLED

Teicneolaíocht úrscothach is ea OLED Display agus tá líon mór gradam bainte amach aige in éineacht lenár Picture Quality Engine. Chun a chinntiú go bhfaighidh tú an fheidhmíocht is fearr ó do theilifís i gcónaí, tabharfaidh sí faoi phróiseas glanta ar an taispeáint agus í i bhfuireachas.

Mura gcuireann tú do theilifís i bhfuireachas ariamh,

tabharfar fógraí rialta duit i bhfoirm teachtaireachtaí ar an scáileán nach mór don taispeáint an próiseas glanta seo a dhéanamh. Lean na treoracha sin i gcónaí. Má chuireann tú an próiseas sin siar arís agus arís, d'fhéadfadh coinneáil iomhá a bheith mar thoradh air, rud a d'fhéadfadh do bharánta a chur ar neamhní.

Ba cheart do theilifís a fhágáil i bhfuireachas chun an próiseas glanta a dhéanamh sa chúlra. Molaimid freisin go seachnóidh tú íomhánna statacha a thaispeáint go leanúnach.

Taifeach Taispeána na Teilifíse a athnuachan

Chun an scáileán a chosaint, ní mór an OLED TV a athnuachan ó am go chéile.

Tá 2 chineál próiseas athnuachana:

- Gnáth-athnuachan: Tarlóidh sé seo go huathoibrích agus tógann sé isteach is amach le 10 nóiméad nuair atá an teilifís i mód fuireachais.
- Athnuachan iomlán: Tógann sé seo isteach is amach le 80 nóiméad agus ní mór don tomhaltóir é a thosú. Taispeánfar líne bhán chothrománach ar an scáileán ar feadh tamaill i rith an phróisis.

Chun ligint don OLED TV an athnuachan a dhéanamh i gceart, cloigh leis na céimeanna seo a leanas:

- Chun go dtarlóidh an gnáthpróiseas athnuachana go huathoibríoch, úsáid an cianrialtán i gcónaí chun an teilifís a chasadh as agus coinneigh an teilifís plugáilte isteach.
- Nuair a thaispeántar an teachtaireacht gnáth-athnuachana ar scáileán na teilifíse, lean na treoracha ar an scáileán a mholtar duit.
- Is féidir próiseas domhain athnuachana a ghníomhachtú de láimh trí **⚙️Socruithe > Pictiúr > Ardsocruithe > Glan íomhá iarmharach**. Is féidir teachtaireacht foláirimh a thaispeáint ar an teilifís freisin chun iarraidh ar an úsáideoir athnuachan dhomhain a dhéanamh. Lean na treoracha agus coinneigh cumhacht na teilifíse plugáilte isteach chun ligint don phróiseas iomlán críochnú. Tógfaidh sé 80 nóiméad. Ní dhéanfar an próiseas domhain athnuachana ach amháin nuair a fheictear íomhá iarmharach ar an scáileán, fiú tar éis a bheith i bhfuireachas ar feadh 8 n-uaire. Má thugtar faoi **Glan íomhá iarmharach** ró-mhinic, d'fhéadfadh sé saolré na taispeána OLED a laghdú.
- Ná leag mear ar an scáileán teilifíse i rith an phróisis athnuachana, ná brú a chur air.
- Úsáid an cianrialtán i gcónaí chun an teilifís a chasadh as agus coinneigh an teilifís plugáilte isteach nuair a thosaítear an athnuachan.

* **Tabhair faoi deara:** Tá an próiseas seo éigeantach chun go mbainfear taitneamh as an caighdeán pictiúir is fearr. Más léir nach raibh dóthain ama ag an aonad an próiseas athnuachana a chríochnú ar bhonn rialta,

ní féidir linn glacadh le haon earra ar ais mar gheall ar fheiniméan na híomhá iarmharaí. Níl sé seo clúdaithe ag an mbaránta.

Cúram Speisialta do OLED TV

D'fhéadfadh coinneáil íomhá a bheith i gceist le LED Orgánach (OLED) (mar gheall ar thréithe an ábhair), sa chás go dtaispeántar íomhá ar feadh tréimhse fada nó nuair a thaispeántar an íomhá chéanna ar bhonn leanúnach. Moltar go láidir mar sin na treoracha a leanúint chun aire a thabhairt don OLED TV:

- Ná taispeáin aon íomhá shocair ar bhonn leanúnach ná an íomhá chéanna ar feadh níos mó ná 10 nóiméad.
 - Moltar **Caighdeánach** nó **HDR Natural** a úsáid nó **Dolby Vision Dark** mar stíl pictiúir nuair atáthar ag féachaint ar an teilifís i gnáthchoinníollacha sa bhaile.
 - Moltar an socrú **OLED Codarsnacht 50** nó níos lú a úsáid i socruithe pictiúir nuair atáthar ag imirt cluichí nó ag féachaint ar chlár teilifíse a bhfuil lógónna orthu nó cloig in aon chuid den scáileán.
 - Cas as an ghné Taispeáint ar an Scáileán (e.g. na roghchlár baile) den fheidhmchlár teilifíse nuair nach bhfuil sé in úsáid.
 - Cas as an ghné Taispeáint ar an Scáileán ó ghléasanna físeáin seachtracha nasctha (e.g. seinnteoir DVD). Féach ar threoirleabhair na ngléasanna nasctha chun sonraí a fháil.
 - Seachain físeáin a bhfuil dathanna geala orthu (bán san áireamh), nó téacs, cloig nó lógónna in aon chuid den scáileán ar feadh tréimhse fada.
 - Úsáid **Scáileán leathan** nó **Líon scáileán** mar rogha don fhormaid pictiúir (féach ar shocruithe pictiúir na teilifíse).
 - Féach ar fhíseáin sa scáileán iomlán i gcónaí seachas i bhfuinneog bheag ar scáileán na teilifíse. (e.g. físeán ar leathanach bhrabhsálaí idirlín)
 - Ná greamaigh aon ghreamán ná lipéad ar an bpainéal OLED chun an seans go dtarlóidh feiniméan na híomhá iarmharaí a laghdú.
- Tá na gnéithe seo a leanas ag an Philips TV chun aire a thabhairt don scáileán OLED:
- **Iomlaoid picteilín**
Bogann sé suíomh na bpicteilíní go leanúnach thar am chun strus picteilíní a laghdú. D'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar iomlaoid picteilín uaireanta go mbearrfar cuid bheag (<1%) den phictiúr in aice le himeall an scáileáin.
 - **Próiseas athnuachana uathoibríoch**
Tugann sé faoin bpróiseas athnuachana scáileáin nuair is gá.
 - **Rialú uathoibríoch ghile an scáileáin**
Laghdaíonn sé gile an scáileáin nuair atá íomhá shocair ar taispeáint ar feadh tréimhse fada.
 - **Sparálaí scáileáin**
Taispeánann sé an sparálaí scáileáin nuair atá íomhá shocair ar taispeáint ar an scáileán ar feadh tréimhse ama níos faide.

Pictiúr

Gan pictiúr / pictiúr díchumtha

- Cinntigh go bhfuil an aeróg nasctha leis an teilifís i gceart.
- Cinntigh go bhfuil an gléas ceart roghnaithe mar an fhoinsé taispeána.
- Cinntigh go bhfuil an gléas nó foinse sheachtrach nasctha i gceart.

Tá fuaim ann ach níl aon phictiúr

- Athraigh go foinsí físe eile agus ansin athraigh ar ais chuig an fhoinsé reatha, ansin déan aisghabháil stíl pictiúir i Socruithe Pictiúir nó déan athshocrú Monarchan sa rogha Socruithe ginearálta.

Glacadh aeróige lag

- Cinntigh go bhfuil an aeróg nasctha leis an teilifís i gceart.
- Tá callairí arda, gléasanna fuaime nach bhfuil talmhaithe, soilse neon, foirgnimh arda agus rudaí móra eile in ann tionchar a imirt ar chaighdeán an ghlactha. Más féidir, déan iarracht caighdeán an ghlactha a fheabhsú trí threo na haeróige a athrú nó gléasanna a bhogadh amach ón teilifís.
- Má tá an glacadh go dona díreach ar chainéal amháin, déan míntiúnadh ar an gcainéal sin.

Drochphictiúr ó ghléas

- Cinntigh go bhfuil an gléas nasctha i gceart. Cinntigh go bhfuil socrú físe aschuir an ghléis socraithe go dtí an taifeach is airde agus is féidir, más infheidhme.
- Aisghabh stíl pictiúir nó athraigh go dtí stíleanna pictiúir eile.

Athraíonn socruithe pictiúir tar éis scathaimh

Cinntigh go bhfuil **Suíomh** socraithe do **Baile**. Is féidir socruithe a athrú agus a shábháil sa mhód seo.

Tá meirge tráchtála ar taispeáint

Cinntigh go bhfuil **Suíomh** socraithe do **Baile**.

Ní oireann an pictiúr don scáileán

- Athraigh go formáid pictiúir éagsúil.
- Athraigh Formáid pictiúir go Bunaidh.

Tá suíomh an phictiúir mícheart

- Is féidir nach n-oirfeadh comharthaí pictiúir ó ghléasanna áirithe don scáileán i gceart. Seiceáil aschur comhartha an ghléis nasctha.
- Athraigh Formáid pictiúir go Bunaidh.

Níl an pictiúr ríomhaire cobhsaí

- Cinntigh go n-úsáideann do ríomhaire an taifeach agus ráta athnuacha a dtacaítear leo.
- Cinntigh nach inneachar tacaíthe HDR an fhoinsé físe HDMI.

Fuaim

Gan aon fhuaim nó droch-chaighdeán fuaime

Mura mbraitear aon chomhartha fuaime, casanna an teilifís an aschur fuaime as go huathoibríoch — ní chiallaíonn sé sin mífheidhm.

- Cinntigh go bhfuil na socruithe fuaime socraithe i gceart.
- Cinntigh go bhfuil gach cábla nasctha i gceart.
- Cinntigh nach bhfuil an airde fuaime balbhaithe nó socraithe go nialas.
- Cinntigh go bhfuil aschur fuaime na teilifíse nasctha le hionchur fuaime an Chóras Amharclainne Baile. Ba cheart go mbeadh fuaim le cloisteáil ó challairí an HTS.
- D'fhéadfadh roinnt gléasanna iarraidh ort aschur fuaime HDMI a chumasú de láimh. Má tá fuaim HDMI cumasaithe cheana féin, ach fós ní chloiseann tú aon fhuaim, bain triail as an fhormáid fuaime digití a athrú go PCM (Modhnú Biogchóid). Féach ar an gcáipéisíocht a tháinig le do ghléas le haghaidh teoracha.

HDMI agus USB

HDMI

- Tabhair faoi deara go bhféadfadh tacaíocht HDCP (Cosaint Ábhar Digiteach Ard-Bandaleithead) in ann moill a chur ar an méid ama a thógann sé do theilifís ábhar ó ghléas HDMI a thaispeáint.
- Mura n-aithníonn an teilifís an gléas HDMI agus mura bhfuil aon phictiúr ar taispeáint, athraigh an fhoinsé ó ghléas amháin go gléas eile agus ar ais arís.
- Má tá pictiúr agus fuaim gléas atá nasctha le HDMI díchumtha, nasc an gléas le port HDMI eile ar an teilifís agus athbhútaíl do ghléis foinse.
- Má tá pictiúr agus fuaim gléas atá nasctha le HDMI díchumtha, bain triail as socrú éagsúil **HDMI Ultra HD** chun an fhadhb a réiteach. In Cabhair, brúigh an eochair datha **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **HDMI Ultra HD**.
- Má chuirtear isteach ar an bhfuaim go heatramhach, cinntigh go bhfuil na socruithe aschuir ón ngléas HDMI ceart.
- Má tá cuibheoir HDMI-go-DVI nó cábla HDMI-go-DVI in úsáid agat, cinntigh go bhfuil cábla fuaime breise nasctha le AUDIO IN (mion-seac amháin), más ann dó.

Ní oibríonn HDMI EasyLink

- Cinntigh go bhfuil do ghléasanna HDMI comhoiriúnach le HDMI-CEC. Ní oibríonn gnéithe EasyLink ach amháin le gléasanna atá comhoiriúnach le HDMI-CEC.

Níl an deilbhín don airde fuaime ar taispeáint

- Nuair atá gléas fuaime HDMI-CEC nasctha agus nuair a úsáideann tú Cianrialtán na Teilifíse chun an

airde fuaime a athrú ón ngléas, is gnáthiompar é sin. Ní thaispeántar grianghraif, físeáin agus ceol ó ghléas USB

- Cinntigh go bhfuil an gléas stórála USB socraithe chun a bheith comhoiriúnach le hAicme Ollstórála, mar atá curtha síos air i gcáipéisíocht an ghléis stórála.
- Cinntigh go bhfuil an gléas stórála USB comhoiriúnach leis an teilifís.
- Cinntigh go dtacaíonn an teilifís na formáidí comhaid fuaime agus pictiúir.

Athsheinnt briste comhad USB

- D'fhéadfadh feidhmíocht aistrithe an ghléis stórála USB srian a chur ar an ráta aistrithe sonraí chuig an teilifís, a bhfuil athsheinnt briste mar thoradh uirthi.

Líonra

Ní aimsítear an líonra Wi-Fi nó tá sé díchumtha

- Tá oighinn micreathonnacha, fóin DECT nó gléasanna eile Wi-Fi 802.11b/g/n i do chomharsanacht in ann cur isteach ar an líonra gan sreang.
- Bí cinnte go ligeann na ballaí dóiteáin i do líonra rochtain ar nasc gan sreang na teilifíse.
- Mura n-oibreoidh an líonra gan sreang i gceart i do theach, bain triail as an líonra sreangaithe a shuiteáil.

Ní oibríonn an tIdirlíon

- Má tá an nasc don ródaire ag obair i gceart, seiceáil nasc an ródaire don tIdirlíon.

Tá an ríomhaire agus an nasc tIdirlín mall

- Féach i dtreoirleabhar úsáideora do ródaire gan sreang chun eolas a fháil maidir le raon laistigh, ráta aistrithe nó fachtóirí eile a bhaineann le caighdeán an chomhartha.
- Úsáid nasc tIdirlín ardluais (leathanbhanda) do do ródaire.

DHCP

- Má theipeann ar an nasc, is féidir leat socrú DHCP (Prótacal Óstchumraíochta Dinimiciúla) an ródaire a sheiceáil. Ba cheart go mbeadh DHCP casta air.

Teanga Mhícheart Roghchláir

Teanga mhícheart roghchláir

Athraigh an teanga ar ais do do theanga féin.

- 1 – Brúigh  HOME chun dul go dtí an scáileán Baile.
- 2 – Roghnaigh an deilbhín  (Socruithe) ón mbarra Córais ar bharr an scáileáin Baile agus brúigh OK.
- 3 – Brúigh 5 uair  (síos).
- 4 – Brúigh 3 uair  (deas), roghnaigh do theanga agus brúigh OK.
- 5 – Brúigh  BACK chun an roghchlár a dhúnadh.

Cabhair Ar Líne

Is féidir leat dul i gcomhairle lenár dtacaíocht ar líne chun aon fhadhb a bhaineann le teilifís Philips a réiteach. Is féidir leat do theanga a roghnú agus uimhir do mhúnla táirge a chur isteach.

Tabhair cuairt ar www.philips.com/TVsupport

Is féidir leat an uimhir teileafóin chun dul i dteagmháil linn i do thír féin a aimsiú ar an suíomh tacaíochta, chomh maith le freagraí do cheisteanna coitianta (CCanna). Is féidir leat dul i mbun comhrá le duine dár gcomhoibrithe i roinnt tíortha agus do cheist a chur go díreach nó ceist a sheoladh trí ríomhphost.

Is féidir leat bogearraí nua teilifíse a íoslódáil, nó an treoir úsáideora chun í a léamh ar do ríomhaire.

Tacaíocht agus Athdheisiú

Is féidir leat glaoch ar an mbeolíne Chúram Custaiméirí i do thír chun tacaíocht nó athdheisiú a fháil. Déanfaidh ár n-innealltóirí seirbhíse athdheisiú, más gá.

Aimsigh an uimhir teileafóin ar an doiciméadúchán priontáilte a tháinig leis an teilifís.

Nó tabhair cuairt ar ár láithreán gréasáin

www.philips.com/TVsupport agus roghnaigh do thír má gá.

Uimhir mhúnla agus sriathuimhir na teilifíse

D'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ort uimhir mhúnla an táirge teilifíse agus an tsraithuimhir a thabhairt.

Aimsigh na huimhreacha seo ar an lipéad pacáistithe nó ar an lipéad cineáil ar chúl nó ar bhun na teilifíse.

Rabhadh

Ná triail an teilifíse a athdheisiú tú féin. D'fhéadfá tú féin a ghortú go dona, damáiste nach féidir é a leigheas a dhéanamh do do theilifís nó do bharánta a chur ar ceal.

Sábháilteacht agus Cúram

Sábháilteacht

Tábhachtach

Léigh agus tuig gach treoir sábháilteachta sula n-úsáidfídh tú an teilifís. Má tharlaíonn díobháil mar nár leanadh treoracha, ní bheidh feidhm ag an mbaránta.

Baol Turrainge Leictrí nó Tine

- Ná nocht an teilifís don bháisteach nó d'uisce. Ná cuir soithí ina mbíonn leachtanna, cosúil le vasaí, in aice leis an teilifís.
- Má dhoirtear leachtanna ar an teilifís, nó isteach inti, dínasc an teilifís ón asraon cumhachta láithreach. Déan teagmháil le Cúram Custaiméirí Philips TV chun an teilifís a sheiceáil sula n-úsáidfí í.
- Ná nocht an teilifís, an cianrialtán ná ceallraí go deo do theas iomarcach. Ná cuir in aice le coinnle ar lasadh nó lasracha gan chosaint iad, ná in aice le foinsí teasa iad, lena n-áirítear teas díreach na gréine.
- Ná cuir aon rud isteach sna sliotáin aeraithe go deo, ná sna hoscailtí eile ar an teilifís.
- Ná cuir rudaí troma go deo ar an seolán cumhachta.
- Ná bíodh aon neart á imirt ar na plugaí cumhachta. Tá plugaí cumhachta scaoilte in ann a bheith ina n-údar do stuáil nó do thine. Bí cinnte nach mbeidh aon straidhn ar an seolán cumhachta nuair a sclóineann tú scáileán na teilifíse.
- Chun an teilifís a dínascadh ó chumhacht an phríomhlíonra, ní mór pluga cumhachta na teilifíse a dínascadh. Nuair atá an chumhacht a dínascadh agat, tarraing an pluga cumhachta i gcónaí, ná tarraing an seolán go deo. Bí cinnte go bhfuil rochtain iomlán agat ar an bpluga cumhachta, an seolán cumhachta agus ar an soicéad asraoin i gcónaí.

Baol Gortuithe nó Baol Díobhála don teilifís

- Teastaíonn beirt chun teilifís atá níos troime ná 25 cileagram nó 55 punt a iompar.
- Má ghléasann tú an teilifís ar sheastán, ná húsáid ach an seastán a tháinig léi. Daingnigh an seastán leis an teilifís go maith.
- Lonnaigh an teilifís ar dhromchla réidh cothrom atá in ann glacadh le meáchan na teilifíse agus an seastáin.
- Nuair atá sé gléasta ar an mballa, bí cinnte go bhfuil

an gléasadh balla in ann meáchan na teilifíse a iompar go sábháilte. Ní ghlacann TP Vision le haon fhreagracht as gléasadh balla míchuí a mbeidh tionóisc, gortú nó damáiste mar thoradh air.

- Is as gloine atá píosaí den táirge déanta. Láimhseáil go cúramach é chun gortú nó damáiste a sheachaint.

Baol damáiste don teilifís

Sula nascaidh tú an teilifís leis an asraon cumhachta, cinntigh go bhfuil an voltas cumhachta ag meaitseáil an luach atá priontáilte ar chúl na teilifíse. Ná nasc an teilifís go deo leis an asraon cumhachta má tá voltas éagsúil ann.

Baol Gortuithe do Pháistí

Lean na réamhchúraim seo chun nach mbeidh an teilifís ina údar gortuithe do pháistí má thiteann sé ón seastán:

- Ná cuir an teilifís go deo ar dhromchla atá clúdaithe le héadach nó le hábhar eile ar féidir é a tharraingt.
- Bí cinnte nach bhfuil aon chuid den teilifís ag gobadh amach thar imeall an dromchla gléasta.
- Ná cuir an teilifís go deo ar throsacán ard, cosúil le leabhragán, gan an troscán agus an teilifís araon a bheith daingnithe don bhalla nó do thaca feiliúnach.
- Labhair le leanaí faoi na contúirtí a bhaineann le bheith ag dreapadóireacht ar throsacán chun dul chomh fada leis an teilifís.

An baol a bhaineann le ceallraí a shlogadh!

D'fhéadfadh ceallraí atá cosúil le boinn airgid a bheith sa chianrialtán agus d'fhéadfadh leanaí óga iad a shlogadh go héasca. Ná bíodh leanaí in ann rochtain a fháil ar na ceallraí seo go deo.

Baol Róthéite

Ná cuir an teilifís go deo in áit a bhfuil an spás cúng ann. Bíodh spás 20 ceintiméadar nó 4 orlach ar a laghad timpeall na teilifíse i gcónaí le haghaidh aeraithe. Bí cinnte nach gclúdaíonn cuirtíní nó rudaí eile sliotáin aeraithe na teilifíse.

Stoirmeacha Tintrí

Dínasc an teilifís ón asraon cumhachta agus ón aeróg roimh stoirmeacha tintrí.

Ná leag do lámh ar aon chuid den teilifís, an seológ cumhachta nó cábla na haeróige i rith stoirmeacha tintrí.

Baol Damáiste Éisteachta

Ná húsáid cluasáin ar feadh tréimhsí fada nuair a bhíonn an fhuaim an-ard agat.

Teochtaí Ísle

Má iompraítear an teilifís nuair atá an teocht níos lú ná 5°C nó 41°F, díphacáil an teilifís agus fan go dtí go mbeidh teocht an tseomra bainte amach ag an teilifís sula nascfaidh tú an teilifís leis an asraon cumhachta.

Bogthaise

Tá sé in ann tarlú go hannamh, ag brath ar theocht agus ar bhogthaise, go mbeidh mion-comhdhlúthú ar an taobh istigh d'aghaidh ghloine na teilifíse (ar roinnt múnlaí). Chun é seo a chosc, ná nocht an teilifís do sholas díreach na gréine, do theas ná do an-bhogthaise. Má bhíonn comhdhlúthú ann, imeoidh sé leis féin tar éis don teilifís a bheith air ar feadh roinnt uaireanta.

Ní dhéanfaidh taise an bhogthaise aon dochar don teilifís agus ní bheidh sé ina údar mífhaidhme.

30.2

Cúram Scáileáin

- Ná bíodh aon rud i dteagmáil leis an scáileán agus ná húsáid aon rud chun an scáileán a bhrú, a chuimilt nó a bhualadh.
- Bain amach pluga na teilifíse sula nglanann tú í.
- Glan an teilifís agus an fráma le ceirt bhog thais agus cuimil go séimh í. Ná déan teagmháil leis na LEDanna Ambilight ar chúl na teilifíse. Ná húsáid substaintí cosúil le halcól, ceimicigh nó glantóirí tí ar an teilifís.
- Chun dífhoirmithe agus téaltú na ndathanna a sheachaint, glan suas braonta uisce chomh tapaigh agus is féidir.
- Seachain íomhánna cónaitheacha a mhéid is féidir. Íomhánna a fhanann ar an scáileán ar feadh tréimhsí fada iad íomhánna cónaitheacha. Áirítear le híomhánna cónaitheacha roghchláir ar an scáileán, barraí dubha, taispeántí ama, srl. Má chaitheann tú íomhánna cónaitheacha a úsáid, laghdaigh codarsnacht agus gile an scáileán chun damáiste don scáileán a sheachaint.

Téarmaí Úsáide

Téarmaí Úsáide – Teilifís

2019 © TP Vision Europe B.V. Gach ceart ar cosnamh.

Is é TP Vision Europe B.V. déantúsóir an táirge seo, a dtagrófar feasta dó mar TP Vision, nó ceann dá chuideachtaí cleamhnaithe, a thug an táirge seo chuig an margadh. Is é TP Vision an barántóir i ndáil leis an teilifís ar tháinig an leabhrán seo in aon phacáiste léi. Is trádmarcanna cláraithe de chuid Koninklijke Philips N.V. Philips agus suaitheantas scéithe Philips.

D'fhéadfadh na sonraíochtaí a athrú gan choinne. Is le Koninklijke Philips N.V., nó a úinéirí faoi seach, na trádmarcanna. Tá sé de cheart ag TP Vision táirgí a athrú am ar bith gan dualgas a bheith air táirgí atá ar fáil cheana féin a athrú dá réir.

Creidtear go bhfuil an t-ábhar scríofa a tháinig in aon phacáiste leis an teilifís agus an lámhleabhar atá stóráilte i gcuimhne na teilifíse nó a íoslódáiltear ó láithreán gréasáin

Philips www.philips.com/TVsupport

leordhóthanach don úsáid a bhfuil an córas beartaithe lena haghaidh.

Creidtear go bhfuil an t-ábhar sa treoirleabhar seo leordhóthanach don úsáid atá beartaithe ag an gcóras. Má úsáidtear an táirge, nó a mhodúil nó nósanna imeachta indibhidiúla, chun críche nach bhfuil sonraithe leis seo, ní mór deimhniú a fháil maidir lena mbailíocht agus a n-oiriúnacht. Barántaíonn TP Vision nach sáraíonn an t-ábhar féin aon phaitinn de chuid Stáit Aontaithe Mheiriceá. Níl aon bharantá eile ráite nó intuigthe. Ní bheidh TP Vision freagrach as aon earráid in ábhar na cáipéise seo ná as aon fhadhb a eascraíonn as ábhar na cáipéise seo. Leigheasfar earráidí a thuairiscítear do Philips agus foilseofar ar láithreán gréasáin tacaíochta Philips a luaithe is féidir.

Téarmaí baránta – Baol gortuithe, damáiste don teilifís nó an baránta a chur ar neamhní! Ná triail go deo an teilifís a dheisiú tú féin. Úsáid an teilifís agus a comhghabhálais mar atá beartaithe ag an déantúsóir. Tugann an comhartha rabhaidh ar chúil na teilifíse le fios go bhfuil baol turrainge leictrí ann. Ná bain as clúdach na teilifíse go deo. Déan teagmháil le Cúram Custaiméirí Philips TV le haghaidh seirbhíse nó deisiúcháin. Aimsigh an uimhir theileafóin sa cháipéisíocht phriontáilte a tháinig leis an teilifís. Nó tabhair cuairt ar ár láithreán gréasáin www.philips.com/TVsupport agus roghnaigh do thír más gá. Cuirfear an baránta ar neamhní má dhéantar aon oibríocht atá toirmiscithe go sainráite sa treoirleabhar seo, nó aon choigeartú

nó nós imeachta cóimeála nach bhfuil molta ná údaraithe sa treoirleabhar seo.

Tréithe pictéilín

Tá líon ard pictéilíní daite ag an táirge LCD/LED seo. Cé go bhfuil pictéilíní éifeachtacha de 99.999% nó níos airde aige, d'fhéadfaí poncanna dubha nó pointí geala solais (dearg, uaine nó gorm) a bheith ar taispeáint go leanúnach ar an scáileán. Airí struchtúrtha de chuid na taispeána é seo (laistigh de ghnáthchaighdeáin an tionscail) agus ní mífheidhm é.

Comhlíonadh CE

Deimhníonn TP Vision Europe B.V. leis seo go bhfuil an teilifís seo comhlíontach le bunriachtanais agus le forálacha ábhartha eile Treoracha 2014/53/AE (RED), 2009/125/CE (Éicea-dearadh) agus 2011/65/CE (RoHS).

Comhlíonadh le EMF

Déantúsaíonn agus díolann EMF TP Vision Europe B.V. go leor táirgí atá dírithe ar thomhaltóirí a bhfuil an cumas acu, cosúil le trealamh leictreonach ar bith, comharthaí leictreamhaighnéadacha a astú agus a fháil. Is é ceann de phrionsabail ghnó TP Vision tabhairt faoi gach beart sláinte agus sábháilteachta atá riachtanach dár dtáirgí chun comhlíonadh le gach riachtanais dlí infheidhmithe agus chun fanacht taobh istigh de na caighdeáin Réimse Leictreamhaighnéadach (EMF) a bhí infheidhmithe ag an am ar táirgeadh na táirgí.

Tá TP Vision tiomanta táirgí a fhorbairt, a tháirgeadh agus a chur ar an margadh nach bhfuil ina n-údar d'aon díobháil sláinte. Dearbhaíonn TP Vision go bhfuil a tháirgí sábháilte le haghaidh an úsáid atá beartaithe acu de réir na fianaise eolaíche atá ar fáil inniu, chomh fada is a úsáidtear iad chun an úsáid atá beartaithe leo. Tá ról gníomhach ag TP Vision i bhforbairt caighdeán idirnáisiúnta EMF agus sábháilteachta, rud a chuireann ar chumas TP Vision tuilleadh forbairtí i gcaighdeánú a ionchasú agus na forbairtí sin a chomhtháthú go luath ina dtáirgí.

Téarmaí Úsáide – Smart TV

Is féidir leat na téarmaí úsáide, an polasaí príobháideachta agus socruithe príobháideachta do Smart TV a shocrú freisin.

Chun leathanach téarmaí úsáide an Smart TV a oscailt...

- 1 – Brúigh  HOME chun an roghchlár Baile a oscailt.
- 2 – Roghnaigh Feidhmchláir chun feidhmchláir a oscailt.

Téarmaí Úsáide - Bailiúchán Philips TV

In Cabhair, brúigh an eochair datha  Eochairfhocail agus déan cuardach do Téarmaí Úsáide, Bailiúchán Philips TV chun tuilleadh eolais a fháil.

Cóipchearta

32.1

HDMI

HDMI

Is trádmharcanna nó trádmharcanna cláraithe de HDMI Licensing LLC iad na téarmaí HDMI agus HDMI High-Definition Multimedia Interface, agus lógó HDMI Logo i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus i dtíortha eile.



32.2

Fuaim Dolby

Fuaim Dolby

Is trádmharcanna iad Dolby, Dolbh Audio agus an tsiombail D-dúbáilte de chuid Dolby Laboratories. Monaraíodh faoi cheadúnas ó Dolby Laboratories. Saothair rúnda neamhfhoilsithe. Cóipcheart © 1992-2015 Saotharlanna Dolby. Gach ceart ar cosnamh.



32.3

Dolby Vision agus Dolby Atmos

Dolby Vision agus Dolby Atmos

Is trádmharcanna iad Dolby, Dolby Atmos, Dolby Audio, Dolby Vision, agus an tsiombail D-dúbáilte de chuid Dolby Laboratories. Monaraíodh faoi cheadúnas ó Dolby Laboratories. Saothair rúnda neamhfhoilsithe. Cóipcheart © 1992-2018 Saotharlanna Dolby. Gach ceart ar cosnamh.



DTS-HD (iodálach)

DTS-HD

Tairgeann DTS-HD[®] díchódú ar inneachar DTS content do suas le 5.1 cainéal éagsúla agus tacaíonn sé le ráta giotán íseal agus le meáin sruthaithe. Tacaíonn sé le traschódú inneachair trí aschur digiteach cosúil le HDMI d'athsheinm táirgí oidhreachtacha.



32.5

Wi-Fi Alliance

Líonra, gan sreang

Is trádmharcanna cláraithe de chuid an Wi-Fi Alliance Wi-Fi[®], an logó Wi-Fi CERTIFIED, an logó Wi-Fi.



32.6

Kensington

Kensington

(más infheidhme)

Trádmharcanna cláraithe i Stáit Aontaithe Mheiriceá de chuid ACCO World Corporation iad Kensington agus Micro Saver a bhfuil clárúcháin eisithe agus iarratais ar feitheamh acu i dtíortha eile ar fud an domhain.



Trádmharcanna Eile

Maoin dá n-úinéirí faoi seach iad gach trádmharc cláraithe agus neamhchláraithe eile.

Séanadh maidir le seirbhísí agus/nó bogearraí atá á dtairiscint ag tríú páirtithe

D'fhéadfaí seirbhísí agus/nó bogearraí atá á dtairiscint ag tríú páirtithe a athrú, a chur ar fionraí, nó a fhoirceannadh gan aon fhógra a thabhairt roimhe ré. Níl aon fhreagracht ag TP Vision in leithéid de chás.

Innéacs

A

Aeróg, Suiteáil de láimh 27
Ag Féachaint ar an Teilifís 15
Ainm Líonra 38
Aláram Sunrise 82
Alexa 81
Ambilight+hue, air nó as 58
Ambilight+hue, cumrú 58
Ambilight+hue, Tumadh 58
Ambilight, Air nó As 75
Ambilight, Socruithe 57
Ar Theilifís Anois 77
Athdheisiú 94
Athshuiteáil an teilifís 26
Azerty 11

É

Éicea-Socruithe 58
Éicealipéad na hEorpa 87

B

Baile 39
Bluetooth, Bain gléas as 33
Bluetooth, Roghnaigh gléas 33
Bogearraí Foinse Oscailte 85
Bogearraí, Nuashonrú 84
Bolgáin Hue 58

C

Caighdeán Glacachta 27
Cainéal 14
Cainéal, athraigh go cainéal 15
Cainéal, Athshuiteáil 26
Cainéal, Eolaire teilifíse 68
Cainéal, Nuashonrú Cainéal de Láimh 25
Cainéal, rátáil aoise 15
Cainéal, Roghanna 16
Cainéal, Suiteáil 25
Cainéal, Suiteáil Aeróige 25
Cainéal, Suiteáil Satailíte 22
Cainéil, féach ar dhá chainéal 83
CAM – Modúl Rochtana Coinníolláí 31
CAManna Satailíte 23
Casadh Air 13
Cábla cumhachta 5
Cóipeáil Liosta Cainéal 28
Cóipeáil Liosta Cainéal, cóipeáil 28
Cóipeáil Liosta Cainéal, leagan reatha 28
Cóipeáil Liosta Cainéal, uaslódáil 28
Córas Amharclainne Baile, fadhbanna 32
Cúram Custaiméirí 94
Cúram scáileáin 96
CI+ 31
Cianrialtán, ceallra 12
Cláir, Moltaí 77
Cláraigh do tháirge 90
Cluichíocht 74
Cnaipe Dearg 20
Codarsnacht, Codarsnacht Fhoirfe 53
Comhad Táirge 87
Comhaid Meán, ó mhéaróg chuimhne USB 64
Comhaid Meán, ó ríomhaire nó NAS 64

Consól Cluiche, nasc 33
Cuir teilifís ar sos 70

D

Dath, Raon Dathanna 51
Déan teagmháil le Philips 94
Deireadh úsáide 87
Diúscairt teilifíse nó ceallraí 87
Diosca Crua USB, spás diosca 34
Dolby Atmos 55
DVB (Craoladh Físe Digiti) 26

E

EasyLink HDMI CEC 60
Eochair ar an Teilifís 13
Eolaire Teilifíse 68
Eolaire Teilifíse, meabhrúcháin 68

F

Fad amhairc 5
Fadhbanna 90
Fadhbanna, Cainéil 91
Fadhbanna, Cianrialtán 90
Fadhbanna, Fuaim 93
Fadhbanna, Nasc HDMI 93
Fadhbanna, Nasc USB 93
Fadhbanna, Nasc, Idirlíon 93
Fadhbanna, Nasc, Wi-Fi 93
Fadhbanna, Pictúr 92
Féach ar Stair na Nuashonruithe Bogearraí 85
Físeáin ar Éileamh 78
Físeáin, Grianghraif agus Ceol 64
Fógra Dolby Vision 55
Fógraí 86
Feabhsú dialóige 62
Feidhmchláir 42
Fothéideal 16
Freeview Play 79
Fuaim, socrú stíle 55
Fuireachas 13

G

Géire, Laghdú Déantán MPEG 53
Glan, Cuimhne Idirlín 38
Glas Feidhmchláir 44
Glas Leanaí 63
Glas leanaí, Glas feidhmchláir 63
Grianghraif, Físeáin agus Ceol 64

H

HbbTV 20
HDMI, Ultra HD 60
Hue Bridge 58

I

Illamharc 83

I

iTV 20

L

Laghdú Déantáin MPEG 53
Líonra gan Sreang 37
Líonra sreangaithe 38

Líonra, gan sreang 37
Líonra, nasc 37
Líonra, socrú 38
Líonra, Sreangaithe 38
Liosta Cainéal 14
Liosta Cainéal, cuardaigh 14
Liosta Cainéal, oscail 14
Liosta Cainéal, scag 15
Liostaí Cainéal 14
Lonnú na teilifíse 5

M

Méarchlár an Chianrialtáin 11
Méarchlár USB, nasc 35
Méarchlár, nasc 35
Méid Céime Minicíochta 27
Mód Minicíochta Líonra 26
Mód Pearsanta, Clear dialogue 55
Mear-Roghchlár 47
Minicíocht Líonra 26

N

Nasc Satailíte, Mias Satailíte 6
Nasc, Fodhordaire 36

P

Pictiúir, mear-socruithe 55
Pictiúr i bPictiúr 83
Pictiúr, formáid pictiúir 54

Q

Qwerty 11

R

Rátáil Aoise 15
Rátáil Tuismitheora 15
Ríomhaire, nasc 36
Roghanna ar Chainéal 16

S

Satailít, Bain as Satailít 24
Satailít, Cuir Satailít leis an liosta 23
Satailít, Nuashonrú Cainéal de Láimh 23
Satailít, Pacáistí Cainéal 23
Satailít, Suiteáil de láimh 24
Satailít, Unicable 23
Scanadh Minicíochta 26
Seiceáil Tomhaltas Cumhachta 58
Seinnteoir Diosca Blu-ray, nasc 32
Sliotán Comhéadain Choiteann 31
Socruithe Android 39
Socruithe móid phearsanta, Cothromóir 55
Socruithe rochtana uilíche 62
Sonraí Eolaire Teilifíse 68
Stáisiún Raidió 14
Stíl Phictiúir 51
Stíl Phictiúir 51
Suiteáil de Láimh 27
Suiteáil Líonra 37
Suiteáil Satailíte 22
Suiteáil Teilifíse 26

T

Tacaíocht ar líne 94
Tacaíocht, ar líne 94
Taifeadadh 70
Tá fadhb ann, an teanga mhícheart roghchláir 93
Tástáil Glacacht 27

Téacs 19
Téacs digiteach 19
Tearmaí Úsáide 97
Tearmaí Úsáide, Bailiúchán Philips TV 41
Teachtaireacht Nuashonrú cainéil 25
Teanga fotheideal 16
Teanga Fothaidil, Príomhúil 16
Teanga Fothaidil, Tánaisteach 16
Teanga Fuaime 16
Teanga Fuaime, Príomhúil 17
Teanga Fuaime, Tánaisteach 17
Teanga téacs, Príomhúil 20
Teanga téacs, Tánaisteach 20
Teilifís ar Éileamh 77
Teilifís Idirghníomhach 20
Teilitéacs 19
Treoir maidir le Nascacht 30
Treoracha Sábháilteachta 95

U

Uasdátú Cainéil Uathoibríoch 25
Uasdhátú Cainéil Uathoibríoch 25
Unicable 23

W

Wi-Fi 37



All registered and unregistered trademarks are property of their respective owners.
Specifications are subject to change without notice.
Philips and the Philips' shield emblem are trademarks of Koninklijke Philips N.V.
and are used under license from Koninklijke Philips N.V.
2019 © TP Vision Europe B.V. All rights reserved.

[philips.com](https://www.philips.com)